An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

# Tuarascáil an Uachtaráin

Meán Fómhair 2013 - Lúnasa 2014



**Tuarascáil an Uachtaráin**
**An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath**
**Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath**

Meán Fómhair 2013 - Lúnasa 2014

Le cur faoi bhráid Údarás Rialaithe an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, ag an gcruinniú an 16 Nollaig 2014.

ISBN: 978-1-905254-87-3



# Clár

Réamhrá ón Ollamh Andrew J. Deeks, Uachtarán UCD 2

UCD de réir Uimhreacha 8

Oideachas 12

Taighde agus Nuálaíocht 22

Coláiste na Talmhaíochta, na hEolaíochta Bia agus an Leighis Tréidliachta UCD 34

Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD 38

Coláiste Gnó agus Dlí UCD 42

Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD 46

Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte UCD 50

Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD 54

Coláiste na hEolaíochta UCD 58

Forbairt Airgeadais agus Chaipitil 62

Dámhachtainí Ollscoile 68

Ceapacháin 72

# Réamhrá an Uachtaráin





*Campas bunathraithe Belfield UCD.*



**An tOllamh Andrew J. Deeks Uachtarán**

Tá sé cuí agus mé ag breathnú siar ar a bhfuil bainte amach ag UCD i rith na bliana go dtosóinn le haitheantas a thabhairt don Dr Hugh Brady, a bhí i gceannas don chéad cheithre mhí den bhliain acadúil seo agus don deich mbliana roimhe. Faoina cheannaireacht siúd bhog UCD isteach i measc na n-ollscoileanna ar chaighdeán domhanda. Threoraigh sé UCD go rathúil trí thabhairt isteach seimeastrú agus leasú an churaclaim (*UCD Horizons*). Chinntigh sé feabhsú suntasach an champais le tacaíocht fhial ó bhronntóirí príobháideacha, ó alumni agus ó mhic léinn. Rinne sé maoirsiú ar mhéaduithe ollmhóra san ioncam ó dheontais taighde, agus ar fhorbairt foras taighde ildisciplíneacha a bhí ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna domhanda móra. Is tréithe iad seo go léir a bhaineann le hollscoil ardchaighdeáin agus fágann siad UCD i riocht maith le tabhairt ar na dúshláin amach romhainn.

Thar ceann an phobail seo againne gabhaim buíochas le Hugh as a fhís, a cheannaireacht agus a thiomantas don Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Guím gach rath air ina chuid oibre sa todhchaí.

## Forbairt an Phlean Straitéisigh Nua

Príomhghníomhaíocht a bhí go mór chun tosaigh i rith cuid mhaith den tréimhse ó ghlac mé oifig ar 1 Eanáir 2014 is ea an próiseas comhairliúcháin faoi phlean straitéiseach nua a fhorbairt leis an Ollscoil a threorú go dtí 2020. Bhí plé oscailte fadréimseach le pobal UCD agus lenár bpríomhpháirtithe leasmhara i gceist anseo. Is maith liom tuairisc a thabhairt gur eispéireas an-dearfach a bhí sna cuairteanna a thug mé ar Scoileanna, ar Fhorais agus ar aonaid tacaíochta, mar aon le coinní eile a léirigh tiomantas agus díograis iad siúd ar mór leo an Ollscoil seo agus a ról sa tsochaí.

## Foireann Bainistíochta na hOllscoile

Go luath in Eanáir, thug mé faoi shoiléireacht níos mó a chur ar fáil faoin bpróiseas cinnteoireachta ar fud na hOllscoile tríd an fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile (UMT) a shimpliú agus trí roinnt foghrúpaí a cheapadh le príomhréimsí na hoibríochta a chlúdach. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do chomhaltaí an UMT roimhe seo agus do na comhaltaí reatha faoin gcomhairle agus faoin tacaíocht a thugadar dom. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí na Comhairle Acadúla agus an Údaráis Rialaithe, go háirithe le Dermot Gallagher Uasal a d'éirigh as tar éis cúig bliana a chaitheamh ina chathaoirleach. Tá UCD faoi chomaoin Dermot as an gceannaireacht agus as an tacaíocht a thug sé don Ollscoil i rith na tréimhse seo. Tugaim ar aird freisin an t-ionchur ollmhór ó Choiste Airgeadais, Luacha Saothair agus Bainistíochta Sócmhainní UCD, faoi chathaoirleacht Ron Bolger Uasal.

## Oideachas

Mar a thuairisceoidh Cláraitheoir agus Leas Uachtarán, an tOllamh Mark Rogers, tá a áit mar chéad rogha ollscoile in Éirinn deimhnithe ag UCD le méadú breise ar chéad roghanna CAO. Don chéad uair bhreac breis agus 9,000 mac léinn UCD mar chéad rogha ar a n-iarratais ar choláiste. Is léiriú é seo ar an ardmheas atá ar an oideachas atá á thairiscint

oideachas atá á thairiscint againn in Éirinn, agus ar an mbealach gairmiúil ina bpléimid le mic léinn ionchasacha agus ina dtacaímid leo agus a roghanna á ndéanamh.

Ar an gcaoi chéanna, tá dul chun cinn déanta againn go hidirnáisiúnta agus breis is 6,000 mac léinn idirnáisiúnta (24% de mhic léinn ar champas) á mealladh againn go dtí ár gcampais i mBaile Átha Cliath don chéad uair. Anuas ar thart ar 5,000 mac léinn atá i mbun cláir de chuid UCD thar lear, tá ár lorg domhandú ag leathnú, ach caithfear tuilleadh a déanamh sa réimse seo lenár bpróifíl dhomhanda a mhéadú agus le cinntiú go mbaineann na mic léinn lántairbhe as staidéar a dhéanamh i dtimpeallacht fhoghlamtha éagsúil.

Is príomhréimse leathnaithe iad na cláir do chéimithe agus is ionann mic léinn ar chéimithe iad anois agus thart ar 30% de na mic léinn ar champas. Is maith liom go bhfuil comharaíochtaí idirnáisiúnta ag teacht chun a bheith ina ghné dár gcláir do chéimithe atá ag méadú. Ina theannta, tá ár mballraíocht in Universitas 21 ag cur cuid mhór deiseanna luachmhara ar fáil do shoghluaiseacht foirne agus mac léinn ag gach leibhéal. Tá an rud céanna á dhéanamh freisin ag cláir eile mar Erasmus Mundus, atá ag tacú le taithí foirne agus mac léinn san India, in Israel, i Meiriceá Laidineach agus san Afraic Theas.

## Taighde agus Nuálaíocht

Agus an tOllamh Orla Feely á ceapadh agam do phost nua an Leas-Uachtaráin Taighde, Nuálaíochta agus Tionchair, tá sé i gceist agam cur chuige comhtháite a chruthú ónár ngníomhaíochtaí taighde, trí nuálaíocht agus trí thráchtálaíocht, agus ar aghaidh go dtí scaipeadh tionchar na ngníomhaíochtaí seo ar an domhan níos leithne. Teastaíonn uaim freisin tionchar níos leithne ár ngníomhaíochtaí taighde sna heolaíochtaí sóisialta, sna healaíona agus sna daonnachtaí ar an tsochaí a thabhairt isteach sa gclár.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Des Fitzgerald as ucht a dheich mbliana ceannaireachta an-rathúil ar Thaighde UCD. Ina ról mar Leas-Uachtarán do Thaighde rinne sé maoirsiú ar mhéadú ollmhór ar dhámhachtainí maoinithe, ar rátaí agus tionchar foilseachán. Guím gach rath air ina ról mar Cheann ar Choláiste na nEolaíochtaí Sláinte UCD.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don chiontairbhe suntasach a rinne an tOllamh Peter Clinch mar Leas-Uachtarán do Nuálaíocht, agus buíochas ó chroí a ghabháil leis. Mar a mbeidh tuairisc níos deireanaí air sa Tuarascáil, rinne UCD dul chun cinn iontach sa nuálaíocht faoi cheannaireacht Peter, mar aon leo siúd a chuaigh roimhe, agus déanann ciontairbhe suntasach anois d'éiceachóras nuálaíochta na hÉireann.

Mar a mbeidh cur síos ag an Ollamh Feely air ina tuarascáil siúd, dámhadh €114 milliún ar thaighdeoirí UCD i mbliana. Sin an tsuim is airde le cúig bliana anuas agus is feidhmíocht iontach é sa mhéid nár dámhadh aon mhórghlaoch maoinithe d'Ionaid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, mar a tharla an bhliain roimhe. Mar shampla bhí méadú 40% san áireamh anseo

*I láthair (clé-deas) ag oscailt oifigiúil Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD, Deireadh Fómhair 2013: Uachtarán UCD, an Dr Hugh Brady, an Dr Denis O'Brien, bronntóir; an tAire Oideachais agus Scileannna, Ruairi Quinn TD; agus Dermot Gallagher, Cathaoirleach GA.*






*I láthair ag searmanas Dámhachtainí Ad Astra UCD, an Scoth-Lúthchleasaí Ad Astra, Darragh Mc Donald, a bhain Bonn Óir sa saorstíl 400m ag Cluichí Parailimpeacha 2012 i Londain, agus Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks.*

UCD DUBLIN

i maoiniú iomaíoch de chuid an Choimisiúin Eorpaigh. Beidh ár bhfócas maoinithe dírithe go daingean anois ar Horizon 2020 agus ar mhórchuid de sprioc maoinithe €1.25 billiún na hÉireann ón gclár a fháil. Ní bheidh sé seo éasca ach ba chóir go gcuideodh ár rathúlacht ó thaobh maoinithe agus chomh maith lenár n-iarrachtaí a dhíriú, chun go n-éireoidh linn ár gcláir taighde don chéad tréimhse eile a chinntiú.

Tá ár gcáil idirnáisiúnta taighde ríthábhachtach chun comharaíochtaí nua a fhorbairt, deiseanna nua maoinithe a oscailt agus cuidiú linn na mic léinn idirnáisiúnta is fearr a mhealladh chugainn. Gné amháin den rathúlacht seo a bhfuil béim air sa Tuarascáil is ea an líon de rangú uimhir a haon do luanna a bhain UCD amach in Eolaíocht na Talmhaíochta, in Eolaíocht an Bhia agus sa Teicneolaíocht. Is mórghnóthachtáil í seo agus tugann sé aitheantas don tallann den scoth atá againn sna réimsí seo. Déanaim comhghairdeas lena mbaineann.

Tá cur síos ar chuid mhór samplaí dár rathúlacht nuálaíochta sa Tuarascáil freisin lena n-áirítear mac-chuideachtaí a bhfuil duaiseanna buaite acu mar OxyMem agus an rathúlacht ó thaobh maoiniú a bhain Logentries amach, agus eile. I rith na bliana atá caite thuairisc ár dtaighdeoirí 59 aireagán in iomlán, iliomad iarratas ar phaitinn, comhaontuithe ceadúnaithe agus foirmiú trí mhac-chuideachta nua UCD. Éascaíonn NovaUCD agus an fhoireann speisialtóirí a oibríonn lenár dtaighdeoirí ceannródaíocha an rathúlacht seo.

## Eispéireas Mac Léinn

Is iad na mic léinn cuisle na hOllscoile, agus bhain mé sásamh as dul i dteagmháil leo i rith na bliana trí ghrúpaí éagsúla, mar aon leis na cumainn agus na clubanna atá chomh bunúsach sin i saol ollscoile. Ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil eis an Dr Martin Butler, a chuaigh ar scor níos luaithe i mbliana. Bhí Martin mar Leas-Uachtarán do Mhic Léinn ó 2007, agus bhí ról tábhachtach aige i gcothú forbairt iomlánaíoch na mac léinn agus i dtacú le méadú ar áiseanna, mar an ionad nua na mac léinn, dóibh siúd agus don phobal níos leithne.

Chun tábhacht lárnach eispéireas iomlánaíoch agus dearfach do mhic léinn a spreagadh bhunaigh mé an grúpa Eispéireas Mac Léinn UMT, a chuirfidh cuid mhór de na saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar mhic léinn os comhair an UMT go díreach le cinntí a fháil.



*Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks, i láthair ag searmanas dámhachtainí Bloomsday UCD 2014, leis na dámhachtaithe (clé-deas): an Príomh-Bhreitheamh, Susan Denham Oinigh; Iar-Uachtarán na hÉireann, Mary McAleese Uasal; Ombudsman na hEorpa, Emily O'Reilly Uasal; an tOllamh um Chearta an Duine ag LSE, an tOllamh Conor Gearty; agus Ardstiúrthóir FLAC, an Breitheamh Noeline Blackwell Uasal.*

## Coláistí

Is iad ár gColáistí agus ár Scoileanna, mar aon le Forais Taighde ghaolmhara, croílár ár ngníomhaíochtaí teagaisc, taighde, nuálaíochta agus for-rochtana. Fágfaidh mé ag na Príomhoidí é cur síos a dhéanamh ar na rudaí atá bainte amach acu i rith na bliana atá caite ina dTuarascálacha siúd. Ní gá a rá go bhfuil mé buíoch dá gceannaireacht agus gabhaim buíochas leis an Ollamh Brian Nolan, Coláiste na nEolaíochtaí Daonna, agus leis an Ollamh Gerry Byrne, Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD, a d'éirigh as mar phríomhoidí ag deireadh na bliana. Tá mé ag súil le dul ag obair leis an Ollamh Colin Scott, príomhoide nua Choláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD, agus leis an Ollamh David FitzPatrick, príomhoide nua Choláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD.

## Airgeadas

Tá maoiniú Stáit do UCD ag dul i léig i gcónaí agus ag dul i gcionn go diúltach ar inbhuanaitheacht ár ngníomhaíochtaí. I mbliana laghdaíodh ár mbunmhaoiniú deontais athfhillteach de 13% i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Fágann an laghdú seo, anuas ar na treochtaí déimeagrafacha a thuarann ardú ar an éileamh ar an ardoideachas thar na chéad deich mbliana eile, go bhfuil an Ollscoil in drochstaid. Go dtí seo leanamar lenár ngníomhaíochtaí a bhuíochas d'iarrachtaí na foirne coigilteas a dhéanamh agus ioncam neamhStátchiste a ghiniúint, go háirithe trí earcaíocht mac léinn idirnáisiúnta ar chéimithe agus fochéimithe iad. Tá grúpa saineolaithe bunaithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna le maoiniú fadtéarmach na hearnála ardoideachais a mheas, ach teastaíonn réiteach uainn anois a thugann soiléireacht dúinn agus a chuireann ar ár gcumas buiséid ilbhliantúla a chur ar fáil agus pleanáil a dhéanamh don todhchaí. Tá mé féin agus mo chomhghleacaithe san earnáil ag cur dhá oiread ár n-iarrachtaí i réiteach inmharthana a bhaint amach ar an ngéarchéim maoinithe seo.

## Fondúireacht UCD

Ba chloch mhíle an bhliain atá caite d'Fhondúireacht UCD, ar iliomad bealaí. Mharcáil sé oscailt fhoirmiúil dhá fhoirgnimh nua shuntasacha ar champas Belfield atá athraithe ó bhonn anois: Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD, agus Scoil Dlí Sutherland UCD. Chonacthas na hiarrachtaí tiomsaithe maoinithe is rathúla i stair sé bliana déag na Fondúireachta i mbliana, agus €12 million bronnta ar an Ollscoil ag ár bpobal flaithiúil d'alumni agus lucht tacaíochta. Chuir sé seo leis an méadú faoi thrí ar ioncam sna ceithre bliana deireanacha.

*Sa phictiúr (clé-deas) ag seoladh Cairt Mac Léinn UCD: an Dr Barbara Dooley, Cathaoirleach na Comhairle Acadúla ar Dhisciplín (ACCD); an Dr Owen Doyle, Cathaoirleach fho-ghrúpa Chairt na Mac Léinn ACCD; Micheál Gallagher, Uachtarán UCDSU agus Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks.*




Dá thoradh, is maith liom tuairisc a thabhairt go raibh UCD i riocht 295 scoláireacht a thairiscint do mhic léinn ardfheidhmeacha agus faoi ghannionadaíocht trí *Acadamh Ad Astra UCD*, agus na cláir scoláireachta *Aspire* agus *Access*, maoiníodh 20 comhaltacht iardhochtúireachta trí Chlár Comhaltachta Newman, a bunaíodh chun tacú le taighdeoirí iardhochtúireachta i gcéimeanna luath a ngairmeacha acadúla.

Tríd an bhfondúireacht, bhí an Ollscoil in ann trí chathaoir ghairmiúla urraithe a cheapadh i réimsí a raibh tábhacht straitéiseach leo: Ceannaireacht Dhomhanda; Gnó na Biteicneolaíochta; agus Geo-eolaíochtaí Peitriliam.

Cothaíonn tionchar an daonchairdis muinín i dtodhchaí UCD mar cheann d'ollscoileanna ceannródaíocha diantaighde na hEorpa. Déantar é seo trí thacaíocht 4,000 bronntóir agus trí Bhord Fondúireachta a dhéanann obair dhian: Fondúireacht UCD, Éire, Friends of UCD, UK; agus Fondúireacht John Henry Newman, SAM. Gabhaim buíochas ó chroí leo siúd go léir atá bainteach leis.

Áirítear ar fheachtais fhorbartha shuntasacha eile atá ar siúl an feachtas do Scoil Ghnó UCD, agus Institiúid Confucius UCD d'Éirinn.

Is í fís Scoil Ghnó UCD agus í ag tógáil ar a cáil idirnáisiúnta, a sármhaitheas acadúil agus ceannaireacht smaoinimh, cur tuilleadh lena seasamh mar cheann de na príomhscoileanna san Eoraip.

Chun tacú leis an bplean seo chuir an Scoil tús le feachtas tiomsaithe airgid ar leith dar teideal *Extending our Edges of Excellence*. Go dtí seo d'oibrigh Fondúireacht UCD leis an Scoil chun maoiniú daonchairdis a fháil i leith roinnt de na tosaíochtaí is práinne aici - ollúnachtaí acadúla in anailísíocht ghnó agus in airgeadas eitlíochta, agus tacaíocht bhreise do scoláireachtaí.

Tá UCD mórtasach gur ann atá Institiúid Confucius d'Éirinn. Le hocht mbliana anuas tá an Institiúid tar éis teacht chun a bheith ina hardán tábhachtach do staidéar teanga, cultúr agus gnó na Síne agus tá cáil náisiúnta láidir bainte amach aici. Tá fás suntasach tagtha ar an éileamh ar a seirbhís traenála agus eile, go háirithe thar ceann cuideachtaí ar suim leo gnó a dhéanamh sa tSín.

Chun freastal ar an éileamh níos mó ar a cuid seirbhísí, agus an gá le spás breise, tá faoi Institiúid Confucius UCD bogadh go dtí foirgneamh nua, tiomanta, den scoth atá le tógáil in aice leis an Loch Uachtarach nua i mBelfield.

I Meitheamh, bhí áthas orm fáilte a chur roimh an Aire Oideachais, Ruairí Quinn TD, agus roimh thoscaireacht rialtais ardrangaithe ó Dhaon-Phoblacht na Síne, faoi cheannas A Oirircis, an tUasal Liu Yunshan, chuig an searmanas oifigiúil leis an mbunchloch a leagan. Ba dheis í an imeacht le hobair na hInstitiúide a chur ar taispeáint mar acmhainn ríthábhachtach d'fhás gnó, agus ceannairí gnó sinsearacha na Síne agus na hÉireann a chur ar an eolas faoi na tionscnaimh thábhachtacha a bhí ar bun, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí straitéiseacha UCD le hinstitiúidí oideachais na Síne.




*I láthair (clé-deas) agus an chéad fhód á bhaint d'fhoirgneamh Institiúid Confucius UCD ar champas Belfield, Meitheamh 2014: Madam Xu Lin, Ard-Stiúrthóir Hanban, ceannáras na nInstitiúid Confucius i mBéising; Liu Yunshan, ball de Choiste Seasta an Politburo Láir den CPC; an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairi Quinn TD; agus Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks.*

## Teagmháil i in athuair le Alumni

Is í an difríocht idir ollscoil mhaith agus sár-ollscoil ná tacaíocht a alumni agus a cairde chun tóir ar an sármhaitheas a chumasú. Chun rannpháirtíocht le alumni a spreagadh, thugamar an suirbhé is mó riamh ar ár gcéimithe chun críche. Ghlac breis agus 7,000 alumni páirt sa tsuirbhé agus chuidigh linn ár gcláir todhchaí a mhúnlú. Sheolamar freisin *UCD Champions - Changing Futures*, feachtas nua a thug cuireadh do chéimithe dlús a chur lena rannpháirtíocht leis an *alma mater*. Dá thoradh d'íoc 1,400 Seaimpín UCD €521,000 le scoláireachtaí a mhaoiniú sa bhliain atá romhainn, rud a bhunaigh an traidisiún go daingean go dtacódh céimithe lena n-ollscoil isteach sa todhchaí.

Tréaslaím le Aine Gibbons, Leas-Uachtarán don Fhorbairt, agus lena foireann don rathúlacht a bhfuil cur síos agam uirthi thuas agus do na pleananna spreagúla atá á gcur ar bun acu. Trína gcuid oibre agus trí thacaíocht alumni agus cairde UCD tá mé dóchasach go leanfaidh UCD air ag tairiscint oideachais ar chaighdeán domhanda do phobal scoláirí atá ag éirí níos leithne.

## Tionscnaimh um sholáthar foirne agus forbairtí beartais HR

Is cuid bhunúsach de rathúlacht UCD iad an fhoireann. Faoi cheannaireacht an Leas-Uachtaráin don Fhoireann, Eamon Drea, rinneadh roinnt mhaith feabhsúchán ar na próisis bainteach le HR sa dá mhí dhéag deireanacha. Tharla dílárú poist agus ceaduithe gaolmhara eile do Choláistí a chuirfidh le cinnteoireacht níos fearr. Neamhspleách air seo, cuireadh Comhaontuithe Earcaíochta Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm agus déantar tuairiscí bainistíochta foirne a fheabhsú i gcónaí, rud a chuireann níos mó eolais chriticiúil ar fáil ar líne. Ag an leibhéal earnálach, bhí comhoibriú ar siúl le comhghleacaithe a d'fhág gur seoladh Tairseach Post Ollscoileanna na hÉireann.

Leanadh le forfheidhmiú Chomhaontú Bhóthar Haddington agus d'fhág sé seo go raibh athruithe ar roinnt beartas HR. Tá an Ollscoil tar éis méaduithe ar uaireanta oibre, coigeartuithe tuarastail, athruithe ar shaoire tinnis, íocaíochtaí incriminteacha agus beartais maidir le saoire bliantúil a chur i bhfeidhm. Bhí solúbthacht agus tiomantas seo na foirne uile go mór in uachtar i rith na tréimhse seo, agus tá mé fíorbhuíoch as seo.

Bhí an Ollscoil ag oibriú go cuiditheach freisin le deiseanna a chur ar fáil d'fhorbairt agus do dhul chun cinn na foirne. Faomhadh beartas Aitheantais Foirne Ollscoile agus cuirfear tús le gníomhaíochtaí chun tacú leis sa bhliain acadúil amach romhainn. Tá mé an-sásta go bhfuil babhtaí ardú céime acadúla tugtha chun críche go rathúil agus déanfar athbhreithniú ar na beartais a bhaineann leo seo sa bhliain atá romhainn. Is féidir liosta díobh siúd a fuair ardú céime go dtí Ollamh Comhlach nó Ollamh ag deireadh na Tuarascála seo.

Is maith liom go bhfuil UMT tar éis an chéad chéim eile den fhorbairt don fhoireann taighde iar-dhochtúireachta a aontú, rud a chuirfidh tuilleadh leis an eispéireas forbartha dóibh. Tar éis an chláir phíolótaigh don bheartas maidir le Soghluaiseacht Inmheánach Foirne do leibhéil áirithe foirne a chur i bhfeidhm go rathúil , leathnaíodh é go dtí an fhoireann iomlán.

*Mic léinn a bhfuil staidéar á dhéanamh acu ar an ríomheolaíocht i gcomhchlár idir UCD agus Ollscoil Fudan, ag fáiltiú i Shanghai, le hUachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks.*



Cuireadh tús freisin le cláir fhorbartha spriocdhírithe agus bhí freagairt an-spreagúil dóibh. Rinneadh leasú ar láithreán gréasáin Foghlamtha agus Forbartha na Foirne mar shiopa aonuaire do riachtanais forbartha na foirne uile.

## Forbairtí ar an gCampas

I dteannta oscailt an dá fhoirgnimh den scoth a luadh thuas, d'oscail an tAire Taighde agus Nuálaíochta, Seán Sherlock TD, an áis taighde do Systems Biology Ireland i Nollaig 2013. Cuireann na háiseanna seo den scoth ar chumas na hInstitiúide leanúint lena cuid oibre chun cur chuigí teiripeacha nua a cheapadh do ghalair, le fócas ar an ailse.

Is tionscnamh é a gcuirfear fáilte roimhe forbairt áras breise do mhic léinn a fheicfidh thart ar 3,110 mac léinn ina gcónaí ar champas faoi 2016. Cuirfear leis an nasc le Baile Átha Cliath agus lena cuairteoirí tríd an bhforbairt bheartaithe ag Áras Newman de thaispeántas chun cultúr, oidhreacht agus litríocht na hÉireann a cheiliúradh.

Tá obair leanúnach ar siúl chun achoimre a fhorbairt agus na foinsí maoinithe a aithint d'athfhorbairt Ceantar Newman Joyce agus céim a trí d'Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD.

Bhain timpeallacht an champais tairbhe freisin as trí cinn nua de phíosaí ealaíne amuigh faoin spéir a bronnadh, cruthaithe ag Paddy Campbell, Rowan Gillespie agus Catherine Greene. Tá ceann de na bailiúcháin is mó agus is éagsúla de dhealbhóireacht chomhaimseartha in Éirinn ag an gcampas anois, taitneamhacht iontach dóibh siúd go léir a oibríonn nó a dhéanann staidéar anseo agus don phobal áitiúil.

Cuirfear le timpeallacht an champais agus le sláinte ár mac léinn agus na foirne tríd an gcosc ar dhíol tobac ó Mheán Fómhair 2014. Tá grúpa faoi chathaoirleacht an Ollaimh Joe Carthy i mbun comhairliúcháin le páirtithe leasmhara faoin gcaoi ar féidir linn campas saor ó thobac a bhaint amach le himeacht ama.

Agus mé ag dul isteach i mo chéad bhliain acadúil iomlán ag UCD, is léir dom an díograis agus tiomantas atá ag an bhfoireann, ag alumni agus lucht tacaíochta don mhórinstitiúid seo. Chun go mbeidh rath ar UCD caithfimid leas a bhaint as an bhfuinneamh sin agus oibriú le chéile i dtreo físe comhroinnte den todhchaí. Tá muinín agam go gcuirfidh ár bplean straitéiseach nua an fócas sin ar fáil, nuair a thugtar chun críche é, chun sinn a bhogadh go daingean chun a bheith ar thús cadhnaíochta sna hollscoileanna den scoth. Caithfidh UCD a chumas a léiriú agus a áit chóir a thógáil go domhanda.

Go pearsanta, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd go léir a chuir fáilte croíúil romham go dtí an campas, agus go hÉirinn féin. Is é UCD an baile nua agam agus tá mé ag súil le tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn i mo chéad tuarascáil eile.



An tOllamh Andrew J. Deeks
Uachtarán

*31ú Lúnasa 2014*

*Ag Dámhachtainí Spóirt UCD 2013/14, bronnann an tUachtarán, an tOllamh Andrew Deeks dámhachtain Pearsa Spóirt na Bliana an Dr Tony O'Neill ar an snámhaí Idirnáisiúnta Shauna O'Brien, mar aitheantas ar a curiarrachtaí Éireannacha sa snámh féileacáin gearrchúrsa 50 méadar agus sa snámh féileacáin fadchúrsa 100 méadar.*




# UCD de réir Uimhreacha







## Staitisticí Mac Léinn UCD - Campais in Éirinn




# Staitisticí Mac Léinn UCD - Oibríochtaí Thar Lear





## Miondealú ar Mhic Léinn Fochéime/Iarchéime i UCD


## Mic Léinn Fir/Mná i UCD



# Mic Léinn Idirnáisiúnta UCD in Éirinn





# Mic Léinn Idirnáisiúnta UCD de réir Réigiúin




(2013 / 2014)

## UCD mar Chéad Rogha ar Iarratais CAO




## An 20 Tír is mó as a dtagann Alumni UCD

| Tír | Líon |
|---|---|
| 1. Poblacht na hÉireann | 117,892 |
| 2. Singeapór | 5,881 |
| 3. An Bhreatain Mhór | 3,295 |
| 4. Stáit Aontaithe Mheiriceá | 2,750 |
| 5. Tuaisceart Éireann | 2,202 |
| 6. Srí Lanca | 2,202 |
| 7. Hong Cong | 2,046 |
| 8. Daon-Phoblacht na Síne | 990 |
| 9. An Spáinn | 944 |
| 10. Ceanada | 764 |
| 11. An Mhalaeisia | 568 |
| 12. An Astráil | 460 |
| 13. An Ghearmáin | 438 |
| 14. An Fhrainc | 394 |
| 15. An Iodáil | 273 |
| 16. An Bheilg | 222 |
| 17. An India | 211 |
| 18. An Ísiltír | 178 |
| 19. An Eilvéis | 139 |
| 20. Vítneam | 115 |

# Oideachas






Tá os cionn 6,000 mac léinn idirnáisiúnta ag freastal ar champais UCD in Éirinn.



**An tOllamh Mark Rogers Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán**

## Réamhrá ón gCláraitheoir agus Leas-Uachtarán

Fágann struchtúir churaclaim nuálaíocha agus ceannródaíocha gur ceannaire é UCD maidir le hoideachas ar chaighdeán domhanda atá dírithe ar thaighde a sheachadadh. I dteannta le caighdeáin teagaisc éilitheacha, ceannaireacht oideachais láidir agus forbairtí teicneolaíochta forchéimnitheacha, cuireann siad bunús agus deis ar fáil chun eispéireas oideachais UCD a fheabhsú tuilleadh.

Is maith liom tuairisc a thabhairt go bhfacthas dul chun cinn suntasach i rith na bliana acadúla 2013/2014 i gcothú caidrimh luath agus fadtréimhseach le mic léinn; i measúnú suimitheach agus múnlaitheach eispéireas an mhic léinn agus i rannpháirtíocht ar fud an champais chun gnéithe chun feabhais laistigh agus lasmuigh den seomra ranga a aithint.

Ag obair i gcomhar, rinne UCD a sheasamh mar rogha ollscoil i 2014 a dhaingniú, le méadú 8.4% i gcéad roghanna CAO, an marc chéad rogha de 9,000 á shárú den chéad uair. Agus an t-ardú seo á léiriú, bhí méadú ar phointí céad rogha an CAO ar dhá dtrian de chúrsaí céime UCD.

Tá dul chun cinn maith déanta againn i réimse an oideachais iarchéime i líon na mac léinn a thógann cláir mhúinte agus taighde, agus foirm nuálaíoch cuid dár gcláir nua araon. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Julie Berndsen, a d'éirigh as le deireanaí mar Dhéan an Léinn Iarchéime, agus Leas-Chláraitheoir, dá tiomantas, rannpháirtíocht agus ceannaireacht sa réimse seo. Rachaidh an Dr Barbara Dooley i mbun an phoist seo ó 1 Meán Fómhair 2014.

I bhforbairt nuálaíoch le comhghleacaithe acadúla, taighde, riaracháin agus tacaíochta a thabhairt le chéile chun na dúshláin a thugann teicneolaíocht atá ag athrú a mheas, chuaigh Seirbhísí IT, an Leabharlann agus an Chlárlann i gcomhar le chéile chun imeacht foirne tionscnaimh *Work Smarter Together* a sheachadadh i Márta 2014. Bhí glacadh maith ag an imeacht ar fhreastail 250 toscaire air chun foghlaim óna chéile agus ó cheannairí tionscail, lena n-áirítear an príomhchainteoir an Tiarna David Puttnam (Seaimpín Digiteach d'Éirinn).

Tá breis agus 6,000 mac léinn idirnáisiúnta lonnaithe ar an gcampas anois agus breis agus 5,000 eile ag staidéar thar lear. Tugann na mic léinn seo rannchuidiú luachmhar do shaol na hOllscoile agus scaipeann alumni UCD ar fud an domhain freisin. Tá creidiúint ag dul don fhoireann acadúil agus tacaíochta a fhorbraíonn caidreamh agus a earcaíonn na mic léinn seo. D'éirigh go maith freisin le malartuithe mac léinn amach rud a thugann dearcadh an-idirnáisiúnta dár mic léinn.

Tugann an tuarascáil seo mionsonraithe thíos díobh seo agus d'fhorbairtí eile i rith na tréimhse.

De réir mar a fhorbraímid agus a rollaimid amach ár bplean straitéiseach tá mé muiníneach go gceadóidh na bunchlocha atá tógtha againn dúinn leanúint orainn ag seachadadh eispéireas den scoth do mhic léinn Éireannacha agus do líon méadaitheach mac léinn idirnáisiúnta freisin.

An tOllamh Mark Rogers
Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán

## Disciplíní Acadúla a Fheabhsú agus a Neartú

### Forbairt Acadúil

Coinnithe ar an eolas ag taighde allamuigh idirnáisiúnta reatha, leanann UCD air ag infheistiú i dteagasc ardchaighdeáin agus i dtacú leis an bhfoireann stór teagaisc a fhorbairt bunaithe ar dhea-chleachtas san ardoideachas. Cinntíonn sé seo go bhfoghlaimíonn mic léinn UCD sna timpeallachtaí oideachais is éifeachtaí, a cheadaíonn dóibh a lánacmhainneacht a bhaint amach i dtéarmaí foghlama agus forbairt scileanna. Tá fiche is a naoi d'fhoireann UCD bainteach faoi láthair le cláir chreidiúnaithe i dTeagasc agus Foghlaim Ollscoile, agus forbraíodh dhá mhodúl breise i bhForbairt Ghairmiúil Leantach (CPD) i dTeagasc agus i bhFoghlaim Ollscoile agus beidh siad á dtairiscint mar mhodúil ghearra iontu féin sa bhliain atá romhainn. Ionchorpraíonn tacaíocht d'fhorbairt foirne i réimsí scileanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe saineolas foghlama agus teagaisc ag leibhéal disciplíneach freisin, a spreagann an fhoireann ní amháin oideolaíocht ghinearálta a thuiscint agus a fheidhmiú ach na cur chuigí oideachasúla is cuí agus is mó tionchair i ndisciplíní acadúla ar leith.

Dhírigh tacaíocht UCD don teagasc agus don fhoghlaim ar chomhairle oideolaíoch agus oideachasúil, ar chúnamh agus ar thacaíocht a sheachadadh do Scoileanna agus do Chláir, an tseirbhís á cur in oiriúint do riachtanais ar leith ghrúpaí aonair acadóirí. Is iad na cinn is mó de na tionscnaimh forbartha Scoile shaincheaptha ná na cláir Athdhearadh Measúnaithe Céad Bliana, agus Féinmheasúnú Teagaisc agus Foghlama d'Athbhreithniú Cáilíochta a Éascú.

Agus iad ag obair le pearsanra Scoile UCD, cuireann Teagasc agus Foghlaim UCD seisiúin shaincheaptha ar fáil chun forléargas diagnóiseach a chur le chéile de ghníomhaíochtaí Scoileanna. Is féidir iad sin a iniúchadh ansin go mionsonraithe le tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí áitiúla a chinneadh ar mian b'fhéidir le Scoileanna iad a fhorbairt tuilleadh.

### Comhaltachtaí Teagaisc agus Foghlama

Tar éis próisis roghnúcháin thar a bheith iomaíoch, ceapadh seacht gComhalta nua i bhForbairt Acadúil agus Teagaisc in Aibreán 2014, agus léiríonn siad raon saineolais disciplíne. Is é an téama roghnaithe do na Comhaltachtaí (2014 - 2016) ná naisc taighde-teagaisc a iniúchadh agus a fhorbairt i seachadadh teagaisc mac léinn ardchaighdeáin. Is iad seo Comhaltaí 2014:

- An Dr Lorraine Brennan, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD
- An Dr Mike Casey, Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD
- An Dr Tara Cusack, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD
- An Dr Eamonn Delahunt, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD
- An Dr Suzanne Donnelly, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD
- An Dr Kathrine Howell, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD
- An Dr Maria Meehan, Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice UCD


### Foghlaim faoi Spreagadh

Leanann UCD air ag spreagadh agus ag éascú forbairt acadúil trí chomhchleachtas. Sheolamar an tsraith físe *Inspired Learning* le sárthaispeántas a thabhairt do chuir chuige bunaidh foirne UCD i mbaint amach foghlaim mac léinn d'ardchaighdeán. Foilsíodh dhá fhístéip, a dhíríonn ar nuálaíocht agus ar shármhaitheas sa teagasc, go dtí seo agus tá dhá cheann eile sceidealaithe do Sheimeastar 1 2014/15.

## Oideachas Iarchéime a Fhorbairt agus a Fhás

Tá an phunainn iarchéime múinte fós á méadú agus 32 clár eile curtha léi i 2013/14. Bhí méadú de thart ar 11% (Féach Fíor 1) bliain ar bhliain ar rollú chéimithe múinte, agus méadú ar líon iomlán mac léinn iarchéime de 7.4%. Is ionann mic léinn iarchéime anois agus breis agus 30% de chohórt iomlán na mac léinn ar champais Bhaile Átha Cliath UCD.

*Fíor 1: An Líon iarchéimithe*




### Forbairt Chláir

Leanann UCD air ina phríomhsholáthraí oideachais iarchéime in Éirinn, agus leis an seasamh seo a choinneáil teastaíonn nuálaíocht i seachadadh, i ndearadh clár agus in ábhar. Áirítear anseo cláir nua ar líne a fhorbairt mar an MSc in Iniúchadh Digiteach agus Ríomhaireacht Fhóiréinseach. Sa bhliain acadúil 2013/14 tugadh isteach cúig chúrsa nua ar líne/cumaisc, iad deartha agus seachadta ag acadóirí thar cheithre Choláiste agus deich Scoil.

Tá macsamhail de shamhail na Máistreachta sa Ríomheolaíocht (foghlaim idirbheartach) ar fáil ar fud na punainne eolaíochta níos leithne. Ceadaíonn an cur chuige do sholúbthacht fheabhsaithe agus uasmhéadaíonn na deiseanna oideachasúla a chuireann curaclam modúlaithe ar fáil.

Is gné dár gcláir acadúla iad comharaíochtaí idirnáisiúnta atá ag dul i méid; ina measc siúd tá an MSc san Athrú Domhanda: Eolaíocht agus Beartas Éiceachórais. Is comhchlár idirnáisiúnta é seo idir UCD agus JLU Giessen, sa Ghearmáin agus tógann sé ar rathúlacht na Máistreachta sa Ghníomh Daonnúil, ar sampla eile é de chlár iarchéime, ildisciplíne, idir-ollscoile.

### Tacaíocht PhD

Leanann an feabhsú ar léinn PhD agus tá forbairt PhDanna téamacha lárnach don ghníomhaíocht seo. Mar chuid den fhorbairt sin chuir Staidéar Iarchéime Creat UCD d'Fhorbairt Chlár Dochtúireachta Téamach i láthair chomhdháil Chomhairle na RA don Oideachas Iarchéime, a tionóladh i mBaile Átha Cliath in Iúil 2014.

Tá na 16 de cheardlanna scileanna inaistrithe a thairisctear do mhic léinn taighde iarchéime gach bliain ceaptha cur leis an ardtacar scileanna taighde agus anailíseacha. Tá an tairiscint ailínithe le Ráiteas Scileanna Iarchéime PhD de Chomhlachas na nOllscoileanna Éireannach, agus cuireann roimhe riachtanais forbairt ghairme mac léinn PhD a leathnú.

### Forbairt Mhaoirseora Taighde

Cuireann an Ollscoil ceardlanna oiliúna ar fáil freisin do mhaoirseoirí taighde nua agus ar bheagán taithí. Cuireann na ceardlanna seo uirlisí agus treoirlínte i láthair le dea-chleachtas maoirseachta a fhorbairt agus le dúshláin mhaoirseachta taighde a laimhseáil, a chinntíonn go bhfuil maoirseacht sármhaith á cur ar fáil ag UCD dá mhic léinn.

Chomhoibrigh UCD maidir le maoiniú iomaíoch a chinntiú ó Universitas 21 do thionscadal chun na cleachtais is deireanaí i dtacaíocht agus i bhforbairt mhaoirseora taighde a iniúchadh agus glacadh leo. Rinneadh an tionscadal seo le ceithre chomhpháirtí de chuid Universitas 21 (Ollscoil Queensland, Ollscoil New South Wales, Ollscoil Melbourne agus Ollscoil Auckland) in Aibreán 2014. Déanfar torthaí an chomhthionscadail U21 a scaipeadh ag siompóisiam ar chleachtais mhaoirseoireachta taighde a bheidh á óstáil ag U21 in Ollscoil Jiao Tong, i Shanghai i Márta 2015.

Le hoideachas iarchéime a chur chun cinn níos leithne, tá UCD mar chuid de chomhthionscnamh le hollscoileanna Éireannacha eile, chun freastal ar aontaí earcaíochta in Birmingham, Manchain agus Cardiff, leis an aidhm cláir Thaighde agus Mhúinte Iarchéime UCD a chur ar an margadh do mhic léinn na RA.

## Cáilíocht a Thomhas agus a Sheachadadh

I 2013/14, rinneadh athbhreithniú cáilíochta seachtrach ar Oifig Cháilíochta UCD an infreastruchtúr feabhsúcháin/dearbhú cáilíochta níos leithne laistigh de UCD a mheas. Chinn sé "go bhfuil socruithe rialachais agus próisis na hOllscoile do dhearbhú cáilíochta comhlíontach le ceangail reachtúla agus reachtacha, agus breis air sin. Níos mó ná sin, tá na socruithe agus na cleachtais atá glactha agus curtha i bhfeidhm ag an Ollscoil, faoi choimirce Choiste na Comhairle Acadúla ar Cháilíocht, oiriúnach don fheidhm agus cuireann dea-chleachtas náisiúnta agus Eorpach ábhartha agus idirnáisiúnta san áireamh."


Cuidíonn rannpháirtíocht daoine d'fhoireann idirnáisiúnta shinsearach na hollscoile i ngrúpaí athbhreithnithe cáilíochta soláthar taighde agus oideachais UCD a thagarmharcáil in aghaidh príomhinstitiúidí domhanda, agus fónann freisin chun próifíl UCD a chur chun cinn go domhanda. Anuraidh, bhí 21 den fhoireann acadúil shinsearach rannpháirteach in athbhreithnithe cáilíochta UCD, iad de bhunús ocht dtír: an Astráil, USA, Ceanada, an Mhalaeisia, an Ríocht Aontaithe, an Fhrainc, an Iorua agus an Bheilg.

Mar chuid de thiomantas leanúnach UCD chun eispéireas an mhic léinn a fheabhsú, cláir atá sármhaith go hacadúil a chur ar fáil, agus tacú le teagasc agus le foghlaim, rinneadh athbhreithniú cáilíochta seachtrach ar 10 n-aonad: Oifig an Sparánaí UCD; Institiúidí Taighde UCD (Athbhreithniú Téamach); Oifig Cháilíochta UCD; Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD; Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide UCD; Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD; Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD; Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD; Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD; agus Coláiste Leighis Penang, an Mhalaeisia (athbhreithniú cáilíochta i gcomhar). Is coláiste é Coláiste Leighis Penang ar le UCD agus le Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI) go hiomlán é. Mar sin ba chomh-athbhreithniú cáilíochta UCD/RCSI thar lear é agus ba é an chéad cheann dá leithéid ag dhá institiúid ardoideachais Éireannacha é.

Agus é d'aidhm aige UCD a chur i riocht buntáiste ó thaobh a chumais leanúint air ag tacú go héifeachtach le forbairt chomhpháirtíochtaí trasnáisiúnta, comhoibríocha agus nuálaíocha le hinstitiúidí mórthimpeall an domhain, tá creat comhtháite éasca le n-úsáid á fhorbairt ag UCD d'fhaomhadh, do mhonatóireacht agus d'athbhreithniú clár trasnáisiúnta comhoibríoch.

Tá glór an mhic léinn criticiúil i ngach athbhreithniú cáilíochta de chuid UCD agus déantar é seo a éascú trí ghrúpaí athbhreithnithe a bhuaileann le mic léinn gan foireann UCD i láthair. I rith na bliana chuir grúpa d'fhochéimithe agus de mhic

## Líon Iomlán Mac Léinn Iarchéime UCD in Éirinn




**Méadú foriomlán ar líon na mac léinn Iarchéime =**

**↑ 7.4%**

**in 2013/14 i gcomparáid le 2012/13**

léinn iarchéime podchraoladh mac léinn ar fáil chun mic léinn a spreagadh le húsáid a bhaint as chuile deis chun aiseolas a chur ar fáil faoina n-eispéireas foghlama i UCD.

Mar chuid d'fhorfheidhmiú an *Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta 2012*, tá creat nua dearbhú cáilíochta d'ollscoileanna na hÉireann á fhorbairt faoi láthair ag Cáilíochtaí agus Cáilíocht Éireann, i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha. Is dóigh go dteastóidh athruithe suntasacha sa tsamhail athbhreithnithe inmheánach chun a chinntiú go bhfuil sé ailínithe go cuí leis an gcreat náisiúnta leasaithe.

## Foghlaim, Caidreamh agus Forbairt Mac Léinn

### *Acadamh Ad Astra* UCD

Is tionscnamh é *Acadamh Ad Astra* UCD ag éirí as plean straitéiseach UCD a aithníonn agus a thacaíonn le mic léinn chumasacha agus inspreagtha trí raon tacaíochtaí agus deiseanna saincheaptha a chur ar fáil dóibh. Is é Bord Bainistíochta Scoláireachtaí agus Ad Astra UCD a rialaíonn é.

Bhí an tríú iontógáil mac léinn san Acadamh ann i 2013/14, a bhronn scoláireachtaí gach bliain ó uair a bhunaithe i 2011 ar scoláirí ardghnóthachtála go hacadúil, sna taibh-ealaíona agus sa lúthchleasaíocht. I mbliana bronnadh 94 scoláireacht nua: 61 ar lucht Acadúil, 22 ar Shár-Lúthchleasaithe, agus 11 sna Taibh-Ealaíona. Is clochchoirnéil den chlár scoláireachta an mheantóireacht agus tá thart ar 40 den fhoireann acadúil ag déanamh meantóireachta ar scoláirí thar na trí shraith.

Coinníonn scoláirí agus alumni *Ad Astra* orthu ag cruthú go maith, i rith a gcuid ama in UCD agus ina dhiaidh. Tá scoláirí acadúla tar éis glacadh le socrúcháin taighde in ollscoileanna idirnáisiúnta ardcháil, páirt a ghlacadh in intéirneachtaí i mór-eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus dámhachtainí acadúla éagsúla a fháil. Tá na scoláirí taibh-ealaíona tar éis ardghradam a bhaint amach san amharclann ghairmiúil, i scannáin agus i dtaibhithe ceoil, agus tá na lúthchleasaithe den scoth tar éis dul san iomaíocht in iliomad imeachtaí spóirt a bhfuil próifíl ard acu, lena n-áirítear na Cluichí Oilimpeacha i Londain 2012 agus Turas Rugbaí na British & Irish Lions.

### An Chéad Bhliain a Fheabhsú

Bíonn dúshláin shuntasacha roimh mhic léinn agus iad ag dul isteach san ollscoil, cuma an díreach ón scoil nó tar éis tréimhse níos faide. Cuireann acmhainn nua foirne ar líne á léiriú ag Teagasc agus Foghlaim UCD, *Enhancing First Year*, léargas luachmhar ar fáil i ndea-chleachtas chun timpeallacht foghlama iomlánaíoch agus tacúil a chruthú do mhic léinn UCD atá ag aistriú.

### Foghlaim Mac Léinn á Feabhsú ag an Teicneolaíocht

Ar cheann de na dúshláin is mó roimh Ardoideachas amach le blianta beaga anuas bhí cur chuigí oideachasúla éifeachtacha a aimsiú a ionchorpraíonn teicneolaíocht oideachasúil ata ag athrú go tapa. Áiríonn UCD go bhfuil sé tábhachtach dul i gcionn ar thairbhí teicneolaíochta oideachasúla chun foghlaim mac léinn a fheabhsú ar bhealach a chuireann le modhanna teagaisc níos traidisiúnta agus a leathnaíonn iad agus, chuige seo, lean an tionscadal r-foghlama cumaisc i 2013/14. Tá sé d'aidhm ag an tionscadal tacú leis an bhfoireann chun go ndéanfar foghlaim ghníomhach a éascú, cur chuigí oideachasúla chumaisc á n-úsáid, lena n-áirítear gnéithe de theagasc aghaidh ar aghaidh, pléití ar líne faoi stiúir agus foghlaim, idir shioncronach agus aisionronach, ag mic léinn. Rinneadh athbhreithniú ar naoi modúl den fhoghlaim chumaisc a dearadh le deireanaí agus cuireadh torthaí eatramhacha i láthair ag Fóram Náisiúnta na hÉireann um Theagasc agus Foghlaim a Fheabhsú, agus ag an gcomhdháil de chuid Chumann na hÉireann um Fheabhsú Teicneolaíochta (ILTA), i mBealtaine 2014. Rinneadh athdhearadh ar mhodúil eile faoi chéim a dó den tionscadal seo agus cuirfear iad seo i bhfeidhm i rith na bliana acadúla 2014/15.

D'óstáil UCD dhá chomhdháil oideachasúla shuntasacha i 2013/14, an dá cheann ag díriú ar na dúshláin a bhain le teicneolaíocht dhigiteach a smachtú chun leasa foghlaim mhac léinn. Thug Comhdháil Nuálaíochta Oideachais Universitas 21 acadóirí sinsearacha agus ceannairí ollscoile le chéile ó 22 ollscoil dian-taighde ar fud an domhain. Ceapadh an tOllamh Bairbre Redmond, Déan na Mac Léinn Fochéime agus Leas-Chláraitheoir, ina Cathaoirleach agus Treoraí Acadúil ar an mBraisle Nuálaíochta Oideachais



*Ceapadh seacht gComhalta nua i dTeagasc agus i bhForbairt Acadúil in Aibreán 2014. Sa ghrianghraf (clé-deas): an Dr Niamh Moore, meantóir Comhaltaí; an Dr Kathrine Howell, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD; an Dr Eamonn Delahunt, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD; an Dr Maria Meehan, Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice UCD; an Dr Lorraine Brennan, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD; an Dr Suzanne Donnelly, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD; an Dr Mike Casey, Scoil na Ceimice agus na Bitheolaíochta Ceimice UCD; an Dr Tara Cusack, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD; agus Elizabeth Noonan Uasal, Stiúrthóir na Forbartha Acadúla, Teagasc agus Foghlaim UCD .*

*94 scoláire nua a chuaigh isteach in* Acadamh Ad Astra *UCD, sa ghrianghraf anseo leis an Ollamh Colin Boreham, Stiúrthóir na Scoth-Lúthchleasaithe; an tOllamh Mark Rogers, Stiúrthóir an Acadaimh agus Leas-Uachtarán; Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks; an tOllamh Liam Kennedy, Stiúrthóir, na Scoláirí Acadúla; agus Tony Carey, Stiúrthóir, Scoláirí Taibh-ealaíona.*



U21, i Meitheamh 2014, agus freagracht uirthi maoirsiú a dhéanamh ar thionscadail oideachais sa líonra Universitas 21.

Bhí UCD ina óstach freisin don 15ú Comhdháil Bhliantúil de Chumann Theicneolaíocht Foghlama na hÉireann (EdTech 2014). Thug an chomhdháil aghaidh ar théamaí ó r-mheasúnú agus foghlaim shoghluaiste go dtí an *flipped classroom* san ardoideachas. Ghlac foireann UCD ó 12 Scoil agus ó chúig aonad an deis a gcuid oibre i dteicneolaíocht foghlama a chur ar taispeáint agus is ó údair UCD a tháinig 28 den 75 páipéar a cuireadh i láthair ag an gcomhdháil.

## Eispéireas Mac Léinn a Idirnáisiúnú

Cuireadh tuilleadh le héagsúlacht agus le beogacht mac léinn UCD nuair a sháraigh líon na mac léinn idirnáisiúnta 6,000 den chéad uair i 2013/14. Thug seo céatadan na mac léinn idirnáisiúnta ar champais Bhaile Átha Cliath go 23%. Éagsúladh earcú mac léinn idirnáisiúnta tuilleadh le teacht an chéad ghrúpa de 96 mac léinn Eolaíocht gan Teorainneacha ón mBrasaíl. Ina theannta, chuir UCD tús le gníomhaíocht earcaithe mac léinn san Áise Thoir leis na céad mhisin earcaíochta go dtí an tSeapáin, an Chóiré agus an Téaváin.

Leanann *Tolglann Domhanda* UCD ag cur deis idirchaidrimh ar fáil do mhic léinn bhaile agus idirnáisiúnta. D'óstáil sé breis agus 150 imeacht i 2013/2014. Shroich ballraíocht i gCumann Mac Léinn Idirnáisiúnta UCD 2,200, agus bunaíodh Cumann Mac Léinn na hAfraice UCD agus reáchtáladh na chéad imeachtaí.

Lean clár malartaithe mac léinn UCD ag éagsúlú agus tháinig méadú ar líon na mac léinn a thaisteal níos faide ó bhaile do shocrúchán. Áiríodh ar na páirtnéirí malartaithe nua Ollscoil Náisiúnta Vítneam, Cathair Ho Chi Minh, agus Institiúid Teicneolaíochta na hIndia, Kharagpur.

I 2013/14, chuaigh Oibrithe Deonacha UCD Thar Lear (UCDVO) i dteagmháil le 125 oibrí deonacha ina chlár bliantúil um oideachas forbartha agus oibrí deonach. Leanadh le socrúcháin san India, i Háítí, i Nicearagua, sa Tansáin agus in Uganda, agus thiomsaigh mic léinn breis agus €300,000 chun tionscadail forbartha i réimsí cúraim sláinte, oideachais, teicneolaíochta agus forbairt infreastruchtúrtha a mhaoiniú. Tháinig roinnt tionscnamh nua chun cinn i 2013/14, lena n-áirítear Dámhachtain Aitheantais Ghairmiúil City and Guilds do ghníomhaíocht oibrithe deonacha; tionscadal nua in Oirthuaisceart na hIndia, i gcomhar le Roinn na hOibre Sóisialta in Ollscoil Don Bosco Assam; agus fad curtha le socrúchán roghnacha fisiteiripe a tairgíodh trí chlár UCDVO.

Lean UCD lena rathúlacht agus maoiniú Erasmus Mundus á mhealladh aige, é rannpháirteach i gcúig chuibhreannas rathúla Gníomh 2 san India, in Israel, i Meiriceá Laidineach agus san Afraic Theas. Tabharfaidh siad seo maoiniú agus tacaíocht do shoghluaiseacht foirne agus mac léinn idir UCD agus príomh-ollscoileanna agus acadaimh sna réigiúin seo.

### Universitas 21

Leanann ballraíocht UCD in Universitas 21 (U21) ag tairiscint deiseanna do mhic léinn am a chaitheamh thar lear ag institiúidí páirtnéara ar shocraithe malartaithe bliana agus seimeastair. Bhí mic léinn UCD in ann a bheith rannpháirteach freisin in imeachtaí mac léinn tábhachtacha U21 i 2014, ag an leibhéal fochéime agus iarchéime araon.

Tugann an Scoil Shamhraidh Fochéimithe bhliantúil U21 mic léinn le chéile ó ollscoileanna ar baill de U21 iad, thar na disciplíní uile, chun staidéar a dhéanamh agus tuairimí a roinnt. Is í Ollscoil New South Wales i Sydney na hAstráile a d'óstáil imeacht 2014, *Shaping the Future City*, agus bhain cúigear mac léinn fochéime lánscoláireachtaí taistil chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann UCD ag an scoil shamhraidh.

Thaisteal an dara grúpa mac léinn go hOllscoil Jiao Tong Shanghai sa tSín don 10ú Comhdháil Taighde Fochéimithe U21 ar Shábháilteacht Bia. Tá sé d'aidhm ag an gcomhdháil bhliantúil seo mic léinn den scoth ar fhochéimithe iad ó raon éagsúil disciplíní a mhealladh lena dtaighde a chur ar taispeáint.

*I láthair ag Dámhachtainí Spóirt UCD 2013/2014: Darren Doherty, Club Karate UCD, le dámhachtain Riarthóir Club na Bliana Gerry Horkan, agus Shauna O'Brien Uasal, Club Snámha UCD, le dámhachtain Pearsa Spóirt na Bliana an Dr Tony O'Neill. Reáchtáiltear na dámhachtainí in ómós do bhreis agus 400 mac léinn ó 25 club spóirt difriúla, dá ngnóthachtálacha spóirt thar ceann na hOllscoile .*




## Rannpháirtíocht a Leathnú agus Tacú le Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Coinníonn UCD air ag cur le rannpháirtíocht agus ag leathnú deiseanna d'fhoghlaimeoirí ar mian leo a bheith rannpháirteach san ardoideachas. Reáchtáladh EXPO tionscnaimh i Márta 2014 chun díriú ar raon leathan tacaíochtaí agus tionscnaimh ar fud UCD atá ceaptha rannpháirtíocht níos leithne a spreagadh. Díríonn an Ollscoil ar ghrúpaí ar leith de mhic léinn faoi ghannionadaíocht, cláir thiomnaithe acu atá ceaptha na cohóirt, ar ionann agus 23% d'iontrálaithe nua fochéime iad faoi láthair, a mhealladh, a choinneáil agus a chur chun cinn. Áirítear ar na spriocghrúpaí lucht fágáil scoile ó chúlraí socheacnamaíocha ísle, mic léinn aibí agus mic léinn faoi mhíbhuntáistí.

Leanann an Ollscoil air ag forbairt cur chuigí shistéamacha do ghníomhaíochtaí for-rochtana, caidrimh agus coinneála. Tá caidreamh seanbhunaithe le scoileanna agus le grúpaí pobail tar éis rochtain ar oideachas tríú leibhéal a leathnú do na spriocghrúpaí. Téann gníomhaíochtaí for-rochtana a bhfuil nasc le scoileanna acu i dteagmháil le mic léinn ionchasacha trí sheisiúin bhlaiste, campaí samhraidh cónaitheacha agus scáthdeiseanna. Nascann an clár *UCD Future You*, le tacaíocht ó Fhondúireacht Citi, mic léinn UCD reatha le daltaí na cúigiú agus na séú bliana chun eolas a roinnt leo ar scileanna staidéir agus ar an saol ollscoile. Tairiscíonn UCD cúrsaí rochtana freisin do mhic léinn aibí chun iad a ullmhú don bhealach chun cinn go dtí cláir chéime, agus cuireann comhairleoirí mac léinn tiomanta ar fáil leis an aistriú go dtí an ollscoil a dhéanamh chomh rathúil agus is féidir do na grúpaí uile faoi ghannionadaíocht.

Mar thaca leis an gclár foghlama páirtaimseartha tá UCD tar éis clár píolótach, *Open Learning*, a leathnú chun modúil fhochéime atá ann cheana a chur ar fáil do ghrúpa níos leithne foghlaimeoirí. Is comhartha teagmhála leis an bpobal níos leithne é freisin an clár *Foghlaim ar Feadh an tSaoil UCD* agus meallann sé líon mór foghlaimeoirí fásta.

Tá feidhmiú moltaí Iniúchadh Inrochtaineachta UCD ag tabhairt ar an Ollscoil gluaiseacht i dtreo a chuspóir campas a bheidh inrochtana ag gach mac léinn, ball foirne agus cuairteoir a bheith ann. Leathnaíodh feasacht faoi mhíbhuntáiste, inrochtaineacht an champais agus ceardlanna dearaidh uilíocha don fhoireann ar fud UCD.

Thug UCD an chéad Sheimineár Beartais de chuid European Access Network riamh go hÉirinn a tionóladh i lárionad comhdhála na Roinne Oideachais agus Scileanna i bhFeabhra 2014. Tá an tacaíocht seo faoi rannpháirtíocht a leathnú, bainteach go dlúth le bonn taighde atá ag teacht chun cinn a mhúnlaíonn agus a chuireann bonn eolais faoi chleachtas UCD. Tá cur chuige earnálach i leith rannpháirtíocht a leathnú thar Chomhghuaillíocht Ardoideachais Réigiún Bhaile Átha Cliath d'fhoghlaimeoirí aosacha, á threorú freisin ag UCD. Cothaíonn an tionscadal comhoibriú idir 12 institiúid ardoideachais chun bealaí rochtana, aistrithe agus dul chun cinn a shoiléiriú agus a chur in iúl do mhic léinn lánfhásta. D'éirigh leis an Ollscoil maoiniú HEA Springboard a fháil arís agus rolladh in dhá chúrsa iarchéime sa nuálaíocht agus i dtairgeadh bithchógaisíochta i rith na bliana.

Bhí ról tábhachtach ag UCD i bhforbairt an *Campus Engage Charter for Civic and Community Engagement*, agus bhí sé ar cheann de 20 HEI a shínigh an chairt i Meitheamh 2014. Is é seo an chéad uair ar tháinig uachtaráin ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíocht na hÉireann le chéile chun tacú le tionscnamh dá leithéid. Tá *Campus Engage* ag díriú ar thógáil ar an gcairt seo le comhpháirteachas poiblí a fhorbairt mar chroídhiminsean

*Bhronn an Literary and Historical Society (L&H) Comhaltacht Oinigh ar an Aisteoir Martin Freeman mar aitheantas ar a rathúlacht den scoth mar aisteoir. É sa ghrianghraf anseo le Sorcha Kinder, Cisteoir, agus Alex Owens, Reachtaire .*



| Bealach Iontrála | 2010/11 | 2011/12 | 2012/13 | 2013/14 |
|---|---|---|---|---|
| Mic Léinn na Scéime HEAR | 127 | 169 | 193 | 227 |
| Mic Léinn faoi Mhíbhuntáiste (DARE san áireamh) | 145 | 176 | 212 | 218 |
| Mic Léinn Lánfhásta | 188 | 172 | 184 | 158 |
| Mic Léinn Fochéime Pháirtaimseartha | 63 | 12 | 6 | 3 |
| FETAC | 49 | 44 | 51 | 68 |
| **Iomlán Faoi Ghannionadaíocht** | | | | |
| Céim Fochéime, Iontrálaithe Nua | 572 | 573 | 646 | 674 |
| Iomlán Faoi Ghannionadaíocht mar % de gach Iontrálaí Nua Fochéime | 11.3% | 11.8% | 13% | 13.6% |
| Mic Léinn Diplóma & Teastais Pháirtaimseartha | 435 | 372 | 350 | 305 |
| Mic Léinn Oideachais Aosaigh | 348 | 173 | 156 | 153 |
| Iomlán Páirtaimseartha | 783 | 545 | 506 | 458 |
| Iomlán Páirtaimseartha mar % de gach Iontrálaí Nua Fochéime | 15.5% | 11.2% | 10.2% | 9.3% |
| **Iomlán Faoi Ghannionadaíocht agus Páirtaimseartha mar % de gach Iontrálaí Nua Fochéime** | 26.8% | 23.1% | 23.1% | 22.9% |

*Bunaithe ar líon iomlán mac léinn ar champais Bhaile Átha Cliath

***Tábla 1: Céim Fochéimithe Faoi Ghannionadaíocht: Iontrálaithe Nua***

an ardoideachais. De thoradh tionscnamh agus tacaíochtaí tá an leibhéal rannpháirtíochta ag cohóirt spriocdhírithe, faoi ghannionadaíocht, ardaithe go 13.6% (féach tábla 1).

## Seirbhísí Leabharlainne, Faisnéis agus Bainistíocht Eolais a Sheachadadh

Tá Leabharlann UCD tar éis sraith éagsúil agus mhéadaitheach de seirbhísí nualaíocha a sheachadadh dóibh siúd a bhfuil sí ag freastal orthu chun tacú le teagasc agus foghlaim agus taighde, agus ag an am céanna a ról á fhorbairt mar choimeádaí oidhreacht chultúrtha na hÉireann.

Cuireadh tús le sraith ghníomhaíochtaí aiseolais úsáideora 2013/14 i Meán Fómhair leis an téama *The Library that Listens*. Iarradh ar úsáideoirí a dtuairimí a thabhairt faoi athchóirithe i Leabharlann James Joyce le deireanaí, agus a dtuairimí a thabhair faoi roghanna d'fhorbairt spásanna foghlama nua. Chuir an 1,100 freagra léargas ar fáil ar úsáid spásanna leabharlainne sa todhchaí, raon spásanna foghlama a bhfuil tacaíocht acu á aithint ar mhaith le húsáideoirí leabharlainne iad a fheiceáil: níos mó spásanna suaimhneacha staidéir, seomraí cleachtais agus cur i láthair, spásanna déanta le printéirí 3D, agus rochtain ar áiseanna físchomhdhála. Threoraigh agus dheimhnigh torthaí an tsuirbhé feabhsúcháin níos láithrí: soláthar seirbhísí tacaíochta mac léinn laistigh de spásanna leabharlainne; tabhairt isteach uaireanta



*Agus ionadaíocht á dhéanamh acu thar ceann Oibrithe Deonacha UCD Thar Lear, a bhain duais ag dámhachtainí Better Together 2013 bhí (clé-deas): an tOllamh Frank Monahan, Cathaoirleach UCDVO, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD; an Dr Oonagh Breen, comhalta boird UCDVO, Scoil Dlí UCD; Caroline O'Connor Uasal, bainisteoir UCDVO; Zoe Liston, cúntóir cláir UCDVO; agus Sean O'Connell, oibrí deonach, céimí Dlí UCD .*

oscailte luath ag deireadh an téarma; feabhsúcháin ar sheirbhísí raidió; agus rochtain ar chumhacht leictreach.

Chuir seirbhísí i gcúig shuíomh na Leabharlainne i mBelfield agus sa Charraigh Dhubh fad lena n-uaireanta oscailte, le huaireanta breise go luath ar maidin i rith sé seachtaine deiridh an téarma. Tháinig feabhas ar eispéireas úsáid na Leabharlainne, go háirithe ag Leabharlann James Joyce áit ar chuir athchóiriú ar Leibhéal 1 Mol na Leabharlainne (áit foghlama shóisialta) ar fáil agus an Nasc Leabharlainne (spás foghlama a úsáideann an Leabharlann, Lárionad Tacaíochta na Matamaitice, agus an Lárionad Scríbhneoireachta Acadúil chun rathúlacht acadúil mac léinn a chur chun cinn). Cuireadh deasc seirbhíse nua isteach, á chomhlánú ag raon leathnaithe roghanna féinseirbhíse. Chuir na gníomhaíochtaí seo bonn eolais faoi chion tairbhe na Leabharlainne maidir le hathchóiriú foriomlán ar Leabharlann James Joyce agus ar fhoirgneamh Newman.

I Lúnasa 2014 seoladh *OneSearch*, córas nua le haimsiú agus cuardach a dhéanamh ar fud bailiúchán na Leabharlainne. Tairgeann an córas nua bosca cuardaigh amháin, rochtain láithreach á cur ar fáil ar an ábhar scolártha atá coinnithe i Leabharlann UCD.

Tacaíonn an Leabharlann le foghlaim mac léinn trí phointí seirbhíse agus clár oideachasúil struchtúrtha. Tá éagsúlú déanta ar ábhar oideachasúil na Leabharlainne le aghaidh a thabhairt ar réimsí riachtanais ar leith, lena n-áirítear tacaíocht do mhic léinn céad bliana agus an t-aistriú go staidéar ollscoile. Tá an creat foriomlán do sheachadadh tacaíochtaí foghlama lárnaithe anois i gCreat Tacaíochta Foghlama nuálaíoch, atá ceaptha tacaíocht díreach in am a sholáthar d'fhoghlaimeoirí féinstiúrtha, do theagasc sa rang, agus do neadú curaclaim leabharlainne i modúil chun cur tuilleadh le tréithe iarchéime.

Tacaíonn an t-aonad Seirbhísí Taighde le príomhchórais bhainistíochta faisnéise agus sonraí na hOllscoile. Áirítear anseo Taisclann Taighde UCD, taisclann foilseachán a chuireann ar chumas taighdeoirí UCD, trí chomhtháthú leis an gCóras Próifíle agus Bainistíochta Taighde, freastal ar cheanglais rochtana oscailte do lucht maoinithe. Cuireann an taisclann le tionchar torthaí taighde UCD go ginearálta; tá íoslódálacha ag déanamh ar an aon mhilliún leis an gcuid is mó den ghníomhaíocht á tionscnamh sna Stáit Aontaithe, sa RA, in Éirinn agus sa tSín. Comhoibríonn an t-aonad Seirbhísí Taighde, ó thaobh plean, le hOifig Taighde UCD ar raon comhghníomhaíochtaí, lena n-áirítear forbairt agus comhtháthú córas agus tacaíochtaí ar líne do cheanglais chomhlíonta maoinitheoirí. Léiríonn sé seo an téama níos leithne laistigh de Ghnóthaí Acadúla de *Working Smarter Together* - a chuireann béim ar na buntáistí a eascraíonn as comhordú gníomhaíochtaí thar teorainneacha riaracháin.

Tá Oidhreacht Chultúrtha na hÉireann tar éis a bheith ina príomhthéama i bPlean Straitéiseach UCD, agus léiríonn gníomhaíocht Leabharlainne sa réimse seo éiteas comhoibríoch na Leabharlainne go ginearálta freisin. Tá urraíocht déanta ag an Leabharlann ar phleanáil do théarnamh tubaiste thar na mórthaisclanna oidhreachta ag UCD, agus tá sí tar éis cur le hiarrachtaí chun bealaí nua a aimsiú le bailiúcháin taighde agus oidhreachta UCD go ginearálta a bhainistiú níos fearr.

Bhí sí ina faighteoir freisin de bhailiúcháin nua den scoth, go háirithe leabharlann phearsanta an fhile Éireannaigh Thomas Kinsella, agus an bailiúchán iontach d'inphriontaí agus de lámhscríbhinní luath Yeats ó alumnus UCD, Joseph Hassett.

Rinneadh uasghrádú ar InfoHub i 2014, uirlis tuairiscithe bainistíochta, chun úsáid a bhaint as an teicneolaíocht fhreagrúil ghréasáin is deireanaí a oibríonn ar thaibléid agus ar fhóin chliste. Tá feabhsúcháin leanúnacha déanta, go háirithe ar bhainistiú curaclaim, ar ghrádleabhar agus rochtain ghréasáin ar eolas mac léinn. Tá athrú ó bhonn tagtha ar fud na hOllscoile de réir mar a bhog an tsamhail oibre ó cheann páipéar-bhunaithe go dtí ar líne. Cuireadh bainistiú céannachta i bhfeidhm chun soláthar seirbhísí a riaradh níos éifeachtúla agus d'éascaigh sé seo UCD agus é ag comhoibriú ar thionscadail idir-institiúide.

Chumasaigh seachadadh infreastruchtúr IT d'fhorbairtí tógála nua trí mhórchomhdhálacha Eorpacha IT a óstáil i 2014: *TERENA (Trans-European Research and Education Networking Association)*; agus *Blackboard* agus EdTech 2014 ar fhreastal thart ar iomlán 1,200 toscaire orthu. Ba é UCD an chéad ollscoil Éireannach a nasc foirgnimh champais (Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD agus Scoil Dlí Sutherland UCD) leis an idirlíon agus nascacht 10GB in úsáid rud a chuir luas rochtana níos mó ar fáil don úsáideoir.

I rith na tréimhse tuairiscithe seo ghlac UCD páirt sa suirbhé bliantúil de chuid Educause Centre for Analysis and Research (ECAR)ar éileamh mac léinn ar theicneolaíocht, a chuireann bunlíne ar fáil do riachtanais. Léirigh



*I bhFeabhra 2014, chuir UCD Community Musical, a chuimsíonn mic léinn, baill foirne agus alumni, léiriú de Jesus Christ: Superstar ar siúl i Halla Uí Raghallaigh.*

torthaí an tsuirbhé go bhfreastalaíonn seirbhísí soghluaiste agus gan sreang, aip UCD (le breis agus 30,000 íoslódáil) agus seirbhísí áit ar bith/ am ar bith ar éileamh mac léinn agus saibhríonn an t-eispéireas. Léirigh sé freisin go bhfuil ríomhaire glúine ag 95% de mhic léinn UCD agus go bhfuil fón cliste ag 70%, agus níos mó ná gléas soghluaiste amháin ag cuid mhór acu. Mhéadaigh an t-aistriú go Google stóras pearsanta agus cumas rphost ar feadh an tsaoil do chéimithe UCD agus cuireann raon seirbhísí seachtracha a ndearnadh bróicéireacht orthu le tairiscint IT do mhic léinn.

Agus 67,000 gléas aonair (rud a léiríonn méadú bliantúil 60%) nasctha leis an ngréasán gan sreang i mí ar bith i rith an téarma, chinntigh an t-uasghrádú le deireanaí go dtí UCD Gan Sreang soláthar d'éileamh méadaitheach sa todhchaí.

Agus iad ag tacú le straitéis idirdhisciplíne agus diantaighde UCD, d'óstáil agus ghiaráil Seirbhísí IT an tseirbhís ICHEC *(Irish Centre for High End Computing)* le cumas ríomhaire fadtéarmach éifeachtach a chur ar fáil. Comhlánaithe ag oiliúint, seirbhísí bogearraí agus comhairleachta, cuireann na hardáin do ríomhaireacht, stóras agus óstáil a sheachaid Seirbhísí IT infreastruchtúr taighde fadtéarmach ar fáil do UCD.

Cuireann córais chomhtháite agus seirbhísí IT tairseachbhunaithe UCD an tsolúbthacht ar fáil do chomhoibriú ilinstitiúide agus tá siad tar éis tacú leis an *Innovation Alliance* agus le comhpháirtíochtaí straitéiseacha eile trí chuntais úsáideora, seirbhísí gan sreang agus rochtain ardáin foghlama agus taighde d'iliomad institiúidí a chur ar fáil.

Tá UCD uathúil in Ardoideachais na hÉireann ina sholáthar de sheirbhís rochtain oscailte gan sreang dá phobal, timpeallacht champais inrochtana agus oscailte á spreagadh, áit a bhfuil athstruchtúrú déanta ar eolas mac léinn, ar chlárú, agus ar roghnú modúil ar líne chun eispéireas ar líne gan uaim a chur ar fáil.



## Sármhaitheas á Sheachadadh san Eispéireas Mac Léinn

Déanann UCD dícheall i gcónaí dea-chleachtas i seachadadh seirbhísí dár mic léinn trí iad a shuígh go lárnach in ár n-iarrachtaí. In Aibreán 2014 bhí seoladh *Cairt na Mac Léinn UCD* ann a leagann amach na nithe ar féidir le mic léinn UCD a bheith ag súil leo ón Ollscoil. Bunaíodh Grúpa Eispéireas na Mac Léinn UMT chun maoirseacht agus comhordú seirbhísí tacaíochta mac léinn a chur ar fáil, agus rinneadh athfhorbairt ar *Bheartas Gearán Mac Léinn UCD* le nósanna imeachta éifeachtúla, seasmhacha agus inrochtana a chur ar fáil do mhic léinn chun gearáin dhlisteanacha mhac léinn a réiteach.

Leanann UCD air ag cur cuid mhór bealaí tacaíochta ar fáil chun freastal ar riachtanais éagsúla ár bpobail mac léinn. Tá an tSeirbhís Sláinte Mac Léinn tar éis síneadh a chur leis an tionscnamh Leabhair ar Oideas, clinicí práinneacha ar an lá céanna agus clinicí STI a mhéadú, agus tá áiseanna comhairleoireachta breise curtha ar fáil. Cuireann Comhairleoirí Mac Léinn tacaíocht ar fáil dár mic léinn le linn a gcuid ama ag UCD trí phiarmheantóireacht agus treoshuíomh áitiúil a bhainistiú, agus feasacht ar chóras tacaíochta cuimsitheach duine ar dhuine a chinntiú. Cuireann an tSéiplíneacht timpeallacht chuimsitheach ar fáil chun tacú le mic léinn a bhfuil saincheisteanna acadúla agus pearsanta acu.

I rith na bliana athscríobhadh *Plean Freagartha do Bhás Mic Léinn UCD* tar éis ceardlann agus próiseas comhairliúcháin á threorú ag an Ollamh Bairbre Redmond, Déan an Staidéir Fhochéime agus Leas-Chláraitheoir. Léiríonn teideal an phlean fírinne láidir bás mic léinn laistigh dár bpobal.

Agus sinn ag leanúint lenár gclár feabhsúchán, chonacthas roinnt tionscnamh nua i 2013/14 dírithe ar eispéireas ollscoile na mac léinn a fheabhsú lena n-áirítear: úsáid UniShare, córas CRM inmheánach UCD a dhéanann doiciméadú ar idirghníomhaíocht idir an mac léinn agus an Ollscoil agus a chinneann modhanna cuí chun eolas a roinnt; tuilleamh an lipéad Forlíonadh Dioplóma Europass ón gCoimisiún Eorpach (is é UCD an t-aon Ollscoil Éireannach a thuill an Forlíonadh Dioplóma); córas nua leagan amach táillí; feidhmiú próisis bailiúchán nua; agus an dul i dtreo seirbhísí soghluaiste a éascú le heolas barr na méire ar líne agus seirbhísí clárúcháin. Sheol UCD córas iarratais athfhorbartha agus feabhsaithe ar líne freisin dár gcláir acadúla i nDeireadh Fómhair 2013.

Chun measúnú mac léinn a fhorbairt tuilleadh, cuireadh tús i 2013/14 le cur i bhfeidhm céimnithe athruithe faofa i leith cúitimh sa chóras grádaithe, leis an toradh nach mbeidh aon mhódúil atá á thairiscint ag UCD cáilithe le haghaidh cúitimh faoi 2015/16.

Tá UCD chun tosaigh i leasú roghnú agus iontráil ollscoile agus rannchuidíonn go gníomhach le Tascghrúpa an IUA ar an tionscnamh Leasú ar Rognú agus Iontráil Ollscoile, go háirithe an t-athbhreithniú ar an Máithreánach agus laghdú bealaí iontrála.

*Bhí an deis ag foireann UCD a bhí i láthair ag an gcéad imeacht de chuid Work Smarter Together, Márta 2014, féachaint ar 24 póstaer a thug sárthaispeántas ar thionscadail i gcomhar ó Chlárlann UCD, Seirbhísí IT UCD agus Leabharlann UCD.*




*Scoláirí Córúla UCD lena Stiúrthóir Ealaíne, Desmond Earley (sa lár, ar gcúl), le linn a dturais ar oirthear na Stát Aontaithe, Márta 2014.*

### Cumainn na Mac Léinn

Tá Ionad Mac Léinn UCD i gcroílár eispéireas mac léinn agus cinntíonn ionadaíocht mac léinn ar choiste bainistíocha an Ionaid go gcoinnítear fócas mac léinn i gcónaí. I seimeastar a dó léirigh suirbhé ar líon na ndaoine a thug cuairt air gur úsáid breis agus 11,000 duine an tIonad ar aon lá amháin. Ó Mheán Fómhair 2013, bhí os cionn 4,500 áirithint aonair laistigh den Ionad, rud a léiríonn na rátaí arda áitíochta i rith an téarma, agus is clubanna agus cumainn mac léinn agus Aontas na Mac Léinn a rinne móramh na n-áirithintí seo. Mar áras na dtaibh-ealaíona ar champas d'óstáil Ionad na Mac Léinn breis agus 300 léiriú ealaíne sa bhliain atá caite.

Is cuid lárnach d'eispéireas na mac léinn é caidreamh mac léinn. Tá breis agus 70 cumann agus 56 club spóirt i lár an chaidrimh sin agus ról ríthábhachtach acu in eispéireas UCD a leathnú thar an seomra ranga amach do mhic léinn. Thaifead cumainn UCD comhbhallraíocht iomlán de bhreis agus 41,000 mac léinn. Cuireann na heagrais seo deis shóisialta ar fáil ar champas agus an deis do mhic léinn scileanna boga a fhorbairt atá fíorluachmhar ina bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil.

Áiríodh ar aíonna chumainn na mac léinn i mbliana Joe Schmidt, Conor McGregor, Ryan Tubridy, Frank Kelly, Martin Freeman, Conor McPherson, Alastair Campbell agus Eavan Boland. D'óstáil Seirbhís Dlí na Mac Léinn a gcéad Choinbhinsiún Dlíthiúil Mac Léinn tionscnaimh, inar thug an Tánaiste Joan Burton TD, an tArdmhéara Oisin Quinn, agus an Coimisinéir Cosaint Sonraí Billy Hawkes aithisc. Rinne an Cumann Tráchtála & Eacnamaíochta a sheisiún céad bliain a chomóradh freisin.

### Clubanna na Mac Léinn

Bronnadh scoláireachtaí spóirt ar sheachtú is a naoi mac léinn ó 14 club spóirt i 2013/14. Chlúdaigh na scoláirí raon leathan disciplíní ó lúthchleasaíocht go peil Ghaelach go rámhaíocht agus snámh. I dteannta sparánacht a fháil fuair scoláirí spóirt UCD rochtain ar shainchóitseáil agus ar shaináiseanna. Is iad an Ollscoil, iarrachtaí tiomsaithe airgid clubanna aonair agus roinnt bronntóirí flaithiúla a mhaoiníonn na scoláireachtaí.

I rugbaí, d'ardaigh captain UCD Shane Grannell Corn Sinsearach Laighean trí Choláiste Thír an Iúir a bhualadh 23-18 i mí na Samhna. Bhain an fhoireann cluiche craoibhe Chorn Bateman amach freisin agus chríochnaigh sa tríú háit i Roinn 1A de Shraithchomórtas na hÉireann. Bhí ocht n-imreoir san iomaíocht sna Craobhchomórtais Dhomhanda Shóisearacha U20 sa Nua Shéalainn: Ross Byrne, Billy Dardis, Dylan Donnellan, Nicholas McCarthy, Sean McNulty, Ross Moloney, Garry Ringrose agus Peadar Timmins.

Bhain an chéad fhoireann de chuid Haca na mBan UCD Corn Chile (Craobhchomórtais Ollscoile), an Chéad Roinn de Shraithchomórtais Shinsearach Laighean, Corn Sinsearach na hÉireann (Pembroke Wanderers á mbualadh acu 2-0 sa chluiche craoibhe) agus Sraithchomórtas Haca na hÉireann (an ceann is fearr á fháil acu ar Railway Union 2-1 i mbuillí pionóis). De thoradh an chaoi ar éirigh leo i Sraithchomórtas Haca na hÉireann glacfaidh an fhoireann páirt ar son na hÉireann i Sraithchomórtais Haca Club na hEorpa san Ollainn in Aibreán 2015.

Bhí Sacar UCD mórtasach Corn Céad Bliain Collingwood a óstáil i 2014, i mí Feabhra. Cé nár éirigh leis an gclub an bua a fháil sa Collingwood, d'ardaigh captaen an chlub, Samir Belhout, trófaí Phríomhshraith na gColáistí agus na nOllscoileanna don cheathrú huair i stair ocht mbliana an chomórtais, bua 2-0 acu ar IT Ceatharlach. Bhain foireann Sacair na mBan an Phríomhshraith WSCAI agus Corn Futsal. D'imir cúigear d'fhoireann UCD - Ciara Grant, Dora Gorman, Julianne Russell, Siobhan Killeen agus Chloe Mustaki - ar an bhfoireann Shinsearach Idirnáisiúnta. Bhí Chloe Mustaki ina captaen freisin ar fhoireann Sacar na mBan U19 ag Craobhchomórtais Eorpacha UEFA U19.

Chruthaigh lúthchleasaithe UCD go han-mhaith i 2013/14. Ag na Craobhchomórtais Náisiúnta bhain Mark English an rás 800 méadar, Sarah Lavin an Cliathrás 100m agus bhain Ciara Mageean an rás 1500m. Bhí Sarah Lavin agus Mark English san iomaíocht ar son na hÉireann ag na Craobhchomórtais Lúthchleasaíochta Eorpacha i Zurich sa samhradh, áit ar bhain Mark bonn cré-umha sa rás 800m.

# Taighde agus Nuálaíocht



An íomhá bhuaiteach i gcomórtas Íomhánna Taighde UCD 2014, dar teideal Daphnia Family, a ghlac Karl Gaff, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD agus Institiúid Domhaneolaíochta UCD. Is orgánaigh trédhearcacha iad Daphnia, a fhaightear i linnte fionnuisce, agus a dtugtar miolta gorma orthu go coitianta, iad ó thart ar 0.25 - 1.50 mm i méid. Bailíodh na horgánaigh seo sa loch i UCD.



**An tOllamh Orla Feely Leas-Uachtarán UCD do Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar**

## Réamhrá ón Leas-Uachtarán do Thaighde, do Nuálaíocht agus do Thionchar

Is mór an pléisiúr dom an t-athbhreithniú seo ar ár ngníomhaíochtaí don bhliain atá caite a chur i láthair, tar éis mo cheapachán mar Leas-Uachtarán UCD do Thaighde, do Nuálaíocht agus do Thionchar i Márta 2014. Is ról nua é seo don Ollscoil, punanna ar leithligh taighde agus nuálaíochta á gcur le chéile agus béim bhreise ar thionchar.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na daoine a tháinig romham, agus do ghnóthachtálacha UCD sa taighde agus sa nuálaíocht faoina gceannaireacht siúd.

I rith tionachta an Ollaimh Des Fitzgerald, mar Leas-Uachtarán do Thaighde ó 2004 go 2014, tá ioncam taighde UCD méadaithe faoi dhó - agus breis air sin, agus tháinig méadú ar an méid a luaitear ár saothar ó faoi leibhéal faoi bhun an mheáin domhanda go dtí 56% os cionn an mheáin domhanda. Le linn tréimhse a bhí mórán mar a chéile, tháinig méadú as cuimse ar ghníomhaíochtaí tráchtála agus ghnólachtaí nuathionscanta UCD ag NovaUCD, á threorú ag an Ollamh Peter Clinch agus ag na daoine a tháinig roimhe mar Leas-Uachtaráin do Nuálaíocht. Tráth na tuarascála seo tacaíonn siad le 1,341 post in iomlán (díreacha agus indíreacha) agus déanann ranníocaíocht bhliantúil de €47.7 milliún Oll-Bhreisluacha (GVA) don gheilleagar domhanda.

Tagann siad seo agus gnóthachtálacha eile UCD sa taighde agus sa nuálaíocht go bunúsach ó bhonn láidir sárscoláireachta thar raon leathan disciplíní. D'éirigh go han-mhaith le roinnt taighdeoirí UCD laistigh dá ndisciplíní le bliain anuas, agus leagtar béim ar shampla díobh seo thíos.

Ón mbonn seo forbraímid ionaid ildisciplíne agus comharaíochta scála agus suntais a cheadaíonn dúinn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda. Le bliain anuas seoladh roinnt comharaíochtaí tábhachtacha dá leithéid laistigh de UCD nó a raibh sé bainteach leo, agus tá cur síos orthu sin freisin thíos.

San Eoraip, tháinig an Seachtú Clár Creata chun críche agus gnóthachtálacha suntasacha ann do UCD. Táimid ag iarraidh teacht aniar ar an móiminteam seo do Horizon 2020, an clár Taighde agus Nuálaíocht is mó de chuid an AE go dtí seo, agus cur le sprioc uaillmhianach €1.25 billiún na hÉireann maidir leis an gclár seo. Tá léirithe ann faoi Horizon 2020 go mbainfidh taighdeoirí UCD tuilleadh gradaim amach, ach cuireann siad béim freisin ar an iomaíocht ghéar ar féidir a bheith ag súil léi ar fud na hEorpa leis an maoiniú seo a fháil.

Idir an dá linn, sa mbaile, tháinig UCD i dtír ar chláir rathúla roimhe seo i Sensor Web (Clarity), Networks (Clique) agus Connected Health (TRIL) chun cabhrú leis *Insight* a fháil, an Lárionad Náisiúnta d'Anailísíocht Sonraí, an infheistíocht aonair is mó i gclár taighde sa Stát.

Díreoidh mé ar phéire den iliomad bearta gnóthachtála atá sna leathanaigh atá ag teacht, méadracht idirnáisiúnta iad araon ó Lúnasa 2014, chun uaillmhian dhomhanda UCD sa taighde agus sa nuálaíocht a chur in iúl.


Ar dtús, i dtaighde a bhaineann le hEolaíocht na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia agus Teicneolaíochta, rangaíonn UCD mar uimhir a haon i luanna in aghaidh an pháipéir i measc gach institiúid go hidirnáisiúnta ina bhfuil gníomhaíocht ar mhórscála ar siúl sa réimse seo.

Sa dara háit, sa nuálaíocht, táimid ar cheann de na cúig ollscoil is fearr san Eoraip bunaithe ar rathúlacht ár gcéimithe i mbunú cuideachtaí agus i maoiniú caipitil fiontair a fháil.

Tá taighde agus nuálaíocht den scoth á seachadadh ag UCD, a aithnítear ar fud an domhain, agus táimid á dhéanamh seo i réimsí a bhfuil tionchar ar leith acu ar gheilleagar na hÉireann agus ar shochaí na hÉireann. Is teist í éagsúlacht agus leibhéal na gnóthachtála a bhfuil cur síos orthu thíos, ar shár-rannchuidithe dáimhe, foireann taighde, mic léinn agus foireann ghairmiúil tacaíochta UCD ainneoin cúinsí a thugann dúshláin ghéara an ardoideachais in Éirinn i gcónaí.

Is léir tionchar rathúlachta UCD sa taighde agus sa nuálaíocht i gcuid mhaith de na buaicphointí a bhfuil cur síos orthu thíos, ach nach léiríonn iomlán an tionchair atá ag foireann UCD sa saol acadúil, sa tionsclaíocht, agus, go tábhachtach, i mbonn eolais a chur faoi dhíospóireacht phoiblí agus treochtaí beartais todhchaí sa mbaile agus i gcéin. Tá liosta iomlán na bhfoilseachán taighde do thréimhse na Tuarascála ar fáil ar láithreán gréasáin Taighde agus Nuálaíochta UCD.

Á threorú ag ár straitéis atá le teacht, agus á chumasú ag cruthaíocht agus ag tiomantas na foirne, leanfaidh UCD air ag treorú sa taighde agus sa nuálaíocht, chun tionchar na ngníomhaíochtaí seo a chur in iúl agus agus chun comhleas a bhaint amach trí oibriú lenár líonra straitéiseach comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara.



An tOllamh Orla Feely
Leas-Uachtarán UCD do Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar

**Foilseacháin Taighde:** tá mionsonraí gach foilseachán taighde do thréimhse na Tuarascála ar fáil ar líne ag: **www.ucd.ie/research/publications**

## Maoiniú Taighde

B'ionann conarthaí taighde maoinithe go seachtrach a cláraíodh i rith na bliana agus €114 milliún (féach Tábla 1). Is feidhmíocht an-láidir é seo thar thréimhse nach bhfacthas ann, mar a rinneadh an bhliain roimhe, toradh mórghlaoch maoinithe de chuid Ionaid Fhondúireachta Eolaíochta Éireann (SFI). Léiríonn Tábla 2 na deontais taighde is mó a dámhadh do UCD i rith na bliana.

| | 2005/06 | 2006/07 | 2007/08 | 2008/09 | 2009/10 | 2010/11 | 2011/12 | 2012/13 | 2013/14 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Luach iomlán conarthaí a svíníodh lena n-áirítear ranníocaíochtaí d' fhorchostais (€ milliún) | € 83.1M | € 95.4M | € 115.9M | € 116.8M | € 49.5M | € 103.3M | € 75.7M | € 113.3M | € 114.1M |
| Ranníocaíochtaí Iomlána d'fhorchostais (€ milliún) | € 11.8M | € 14.8M | € 17.3M | € 21.0M | € 6.7M | € 17.0M | € 9.5M | € 17.4M | € 16.5M |
| Líon iomlán conarthaí a dámhadh | 558 | 452 | 445 | 537 | 449 | 510 | 532 | 614 | 653 |
| Líon na dtograí a cuireadh isteach | 1,245 | 1,234 | 1,090 | 1,150 | 1,069 | 1,123 | 1,263 | 1,167 | 1,245 |

Conarthaí - 2013/14

| Foinse maoinithe | Líon na gconarthaí | Luach (€ milliún) |
|---|---|---|
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) | 62 | € 29.3M |
| An Coimisiún Eorpach (EC) | 47 | € 21.4M |
| Fiontraíocht Éireann (EI) | 113 | € 14.2M |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) | 125 | € 11.5M |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara | 31 | € 11.2M |
| Eile | 275 | € 26.5M |
| Iomlán | 653 | € 114.1M |

***Tábla 1: Dámhachtainí Taighde***

| Ceannaire | Foinse Maoinithe | Clár | Teideal | €Million |
|---|---|---|---|---|
| An tOllamh Mark O'Malley | Fondúireachtaí na hÉireann | Tionscadal Taighde | Institiúid Fuinnimh UCD | €5.0M |
| An tOllamh Barry Smyth | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Ionaid Taighde | Oibríochtaí Lárnacha Insight | €4.6M |
| An tOllamh Brian Caulfield | Fiontraíocht Éireann | Ionad Teicneolaíochta | Taighde Feidhmeach do Shláinte Nasctha (ARCH) | €4.5M |
| An tOllamh Pádraig Cunningham | Fiontraíocht Éireann | Ionad Teicneolaíochta | CeADAR - Ionad Teicneolaíochta d'Anailísíocht Sonraí - Céim Thosaigh Taighde | €3.9M |
| An tOllamh Martin Albrecht | An Coimisiún Eorpach | FP7 Smaointe - Deontas Comhdhlúthcháin ERC | "*Exploiting Synergistic Properties of Mesoionic Carbene Complexes: Teaching Rusty Metals Challenging Catalysis (synMICs)*" | €2.1M |
| An tOllamh Stefan Oscarson | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Clár Imscrúdaitheora | Dearadh, Sintéis agus Forbairt Vacsaíní Carbaihiodráit - bhunaithe, Teiripic, Diagnóisic, agus Fearais Liachta | €1.9M |
| An tOllamh Des Fitzgerald | An Coimisiún Eorpach | FP7 Daoine - Marie Curie COFUNDND | UCD ENERGY21 Clár Comhaltachta Idirnáisiúnta Oiliúna agus Forbairt Ghairme (ENERGY21) | €1.8M |
| An tOllamh Michael O'Neill | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Clár Imscrúdaitheora | Feidhmeanna Dearaidh Éabhlóidigh (App'ED) | €1.8M |
| An tOlllamh Cecily Kelleher | An Bord Taighde Sláinte | Ionaid Taighde | Ionad Taighde Náisiunta um Thaighde Sláinte agus Aiste Bia | €1.5M |
| An Dr Aoife Gowen | An Coimisiún Eorpach | FP7 Smaointe - Deontas Taighdeora Neamhspleáigh ag Tosú Amach ERC | Forbairt teicnící íomháithe ceimiceacha nua chun feidhm uisce i mbithoiriúnacht, i mbithghrádú & i mbiththruailliú (BithUisce) a thuiscint | €1.5M |
| An tOllamh Simon John More | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara | Punann CVERA de Thionscadail Taighde | Ionad d'Eipidéimeolaíocht Tréidliachta agus Anailís Riosca: punann tionscadal taighde | €1.3M |
| An tOllamh Mark Crowe | An Coimisiún Eorpach | FP7 Comhar - Bia, Talmhaíocht agus Iascaigh, agus Biteicneolaíocht | Géinitíopa agus Comhshaol ag cur le hinbhuanaitheacht chóras táirgthe bó déiríochta trí uas-chomhtháthú roghnaithe géanómaí agus prótacail bhainistíochta nua bunaithe ar an bhforbairt (GplusE) | €1.3M |
| An tOllamh Kenneth A Dawson | An Coimisiún Eorpach | FP7 Comhar– Naineolaíochtaí, Nanaitheicneolaíoch-taí, Ábhair agus Teicneolaíochtaí Táirgthe nua | Nanairiachtanais Todhchaí | €1.2M |
| An Dr Wenxin Wang | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Clár Imscrúdaitheora | Ionadach Craicinn foirmithe in situ i gcomhar le Teiripe Géine do Chneasú Créachta | €1.2M |
| An tOllamh Michael Monaghan | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara | Clár Taighde ar an Eitinn | Forbairt vacsaíne do shrianadh na heitinne i mbroic | €1.0M |

***Tábla 2: Na deontais is mó a dámhadh do UCD sa tréimhse seo***

I dteannta ár rathúlachta i gclár nua Ionaid Taighde SFI le maoiniú Insight, fuair UCD dámhachtainí maoinithe suntasacha chomh maith faoin gClár Imscrúdaitheora SFI.

Fuair seacht dtionscadal taighde atá á dtreorú ag UCS, agus ceann i bpáirt le Teagasc, maoiniú de bheagnach €10 milliún trí Chlár Imscrúdaitheora SFI i mbliana. Tacaíonn an clár le sárthaighde eolaíoch a bhfuil an cumas ann tionchar a imirt ar fhorbairt eacnamaíoch agus sochaíoch na hÉireann, agus is aitheantas é rathúlacht UCD ar ár mbonn eolaíochta láidir thar raon disciplíní.

I rith 2013/14, chuir UCD lena rathúlacht i dtreorú Ionaid Teicneolaíochta nua Fiontraíocht Éireann, le ARCH (Taighde Feidhmeach do *Connected Health*) ag dul i bpáirt le CeADAR (Ionad do Thaighde Anailísíochta Sonraí), agus le Sláinte Bia Éireann a thug go trí líon na nIonad á dtreorú ag UCD. Is breis thábhachtach iad na hionaid taighde seo treoraithe ag an tionscal, punann gníomhaíochtaí UCD á leathnú agus á neartú ó thaighde láidir bunaidh i ngach ceann de na réimsí seo.

Is tosaíocht ar leith í maoiniú Eorpach do UCD, le seoladh, i 2013, an chláir Horizon 2020 a leag béim náisiúnta athnuaite ar an bhfoinse maoinithe seo. Tá an céatadán de mhaoiniú taighde UCD a thagann ón Eoraip tar éis dul i méid ó níos lú ná 5% i 2003/04, go dtí beagnach 20% i 2013/14, agus tá straitéis agus struchtúir curtha i bhfeidhm againn chun tacú le taighdeoirí UCD ár spriocanna uaillmhianacha do Horizon 2020 a bhaint amach.

I rith 2013/14, bronnadh Deontas Comhdhlúthacháin Chomhairle Taighde na hEorpa (ERC) ar an Ollamh Martin Albrecht, Scoil na Ceimice agus na Ceimbitheolaíochta UCD. Tá an tOllamh Albrecht ar dhuine de líon an-bheag acadóirí a bhain trí dhámhachtain ERC amach faoi na scéimeanna ardiomaíocha seo. Ina theannta, dámhadh deontais Chruthúnas Coincheapa ERC ar an Ollamh Debra Laefer, Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúrach agus Comhshaoil UCD, agus ar an Ollamh Frederic Dias, Scoil na nEolaíochta Matamaitice UCD. Tugann sé seo iomlán dámhachtainí ERC ag UCD go 15.

Lean UCD freisin lena thraidisiún rathúlachta i scéimeanna Eorpacha Marie Curie. I mbliana bhíomar in iomaíocht go rathúil do chlár COFUND trí ENERGY 21, sinn rangaithe mar uimhir a haon san Eoraip sa bpróiseas measúnaithe. Fágfaidh sé seo go mbeidh taighdeoirí iardhochtúireachta cómhaoinithe ag an Eoraip thar raon gníomhaíochtaí taighde. Chomh maith leis seo rangaíodh UCD sna 10 n-institiúid Eorpacha is rathúla sa Scéim Chomhaltachta Idirnáisiúnta Amach ar feadh FP7.

Mar chuid dá gcaidreamh leis an Eoraip, thug Máire Geoghegan-Quinn, an Coimisinéir Eorpach do Thaighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht, cuairt ar UCD i Meitheamh 2014 chun tuilleadh a fhoghlaim faoin dtaighde atá á dhéanamh ag ár bpríomhthaighdeoirí. Tugadh an Coimisinéir ar thuras Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD a osclaíodh le gairid, agus thug cuairt ar oifigí nua Ionaid Insight d'Anailísíocht Sonraí.

Ina theannta seo chuaigh Taispeántas Íomhánna Taighde UCD ar taispeáint go poiblí ag oifigí Ionadaíochta an Choimisiúin Eorpaigh i mBaile Átha Cliath. Bhí an taispeántas ionadaíoch ar bhailiúchán breis agus 1,650 íomhá a cuireadh faoi bhráid an chomórtais ó thosaigh sé i 2006, agus cuireann béim ar chuid de na híomhánna is nuálaíche agus is samhlaíche a chuireann

tuiscint in iúl ar dhoimhneacht agus ar raon an taighde atá ar siúl i UCD. Cuireadh na híomhánna ar taispeáint sa Bhruiséil freisin mar chuid de thaispeántas Science in(novates) Art de Choinbhinsiún Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh 2014.

## Scéim Síolchiste UCD

Is meicníocht inmheánach tábhachtach í Scéim Síolchiste UCD d'fhorbairt taighde i UCD. Íocadh amach thart ar €0.5 milliún tríd an scéim seo le bliain anuas, a chlúdaigh beagán faoi bhun 20% de luach na n-iarratas a fuarthas. Deonaíodh céad agus a caoga ceathair dámhachtain aonair thar chúig scéim chláir. Léirítear mionsonraí luach, líon na n-iarratas agus na ndámhachtainí de réir an Choláiste i dTábla 3.

## Méadracht Foilseacháin

I 2013, liostaíodh 1,839 alt in irisí piarmheasúnaithe i *Web of Science* do UCD, mar a bhfuil cur síos orthu i dTábla 4. In iomlán, tá UCD tar éis an líon is mó foilseachán acadúla sa tír a chur ar fáil ó 2008.


| Blianta na bhFoilseachán | Líon na n-alt in irisí piarmheasúnaithe i *Web of Science* [1] |
|---|---|
| 2009 | 1,617 |
| 2010 | 1,802 |
| 2011 | 1,915 |
| 2012 | 1,759 |
| 2013 | 1,839 |

***Tábla 4: Líon na bhfoilseachán acadúla***

[1] Foinse; *Web of Science*, rochtain faighte 31 Lúnasa 2014:- 13,125 taifead

| Clár | Líon na nIarratas | Luach na nIarratas (€) | Líon dámhachtainí | Luach dámhachtainí (€) |
|---|---|---|---|---|
| Dámhachtain Forbairt Ghairme | 53 | €619,780 | 16 | €101,987 |
| Scaipeadh agus Aschuir - Rannpháirtíocht Chomhdhála | 225 | €382,350 | 83 | €90,853 |
| Scaipeadh agus Aschuir - Foilseacháin | 46 | €110,826 | 10 | €10,484 |
| Scanadh Léaslíne | 116 | €1,254,395 | 37 | €223,236 |
| Beartas nó Rannpháirtíocht Phobail | 38 | €393,818 | 8 | €73,124 |
| **Comhiomlán** | **478** | **€ 2,761,169** | **154** | **€ 499,684** |
| **Coláiste** | **Líon na nIarratas** | **Luach na nIarratas (€)** | **Líon dámhachtainí** | **Luach dámhachtainí (€)** |
| Coláiste na Talmhaíochta, na hEolaíochta Bia agus an Leighis Tréidliachta UCD | 51 | €291,118 | 20 | €58,889 |
| Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD | 75 | €367,516 | 23 | €83,609 |
| Coláiste Gnó agus Dlí UCD | 19 | €103,947 | 9 | €24,271 |
| Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD | 55 | €271,471 | 18 | €45,544 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte UCD | 60 | €513,298 | 14 | €74,046 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD | 62 | €417,194 | 22 | €66,514 |
| Coláiste na hEolaíochta UCD | 140 | €659,430 | 45 | €125,393 |
| Institiúidí Taighde & Entitis Eile | 15 | €136,505 | 3 | €21,418 |
| **Comhiomlán** | **477** | **€2,760,479** | **154** | **€499,684** |

***Tabla 3: Dámhachtainí Scéim Síolchiste UCD***




***Fíor 1: Tionchar foilseacháin UCD thar thréimhse 10 mbliana***

Foinse: Thomson Reuters *InCites*

Is príomhtháscaire ar thionchar acadúil iad rátaí lua a thugann an mhinicíocht ina luaitear páipéir institiúide. Tá UCD tar éis teacht ó riocht ina raibh tionchar na bhfoilseachán faoi bhun an mheáin domhanda aige i 2004 go dtí 56% os cionn an mheáin domhanda i 2013, mar a léirítear i bhFíor 1. Is leibhéal é seo atá ag teacht le príomh-ollscoileanna diantaighde eile mórthimpeall an domhain.

Is féidir an ráta lua a rianú ag leibhéal disciplíní nó taighdeoirí aonair, agus bhí roinnt torthaí láidre ag UCD sa dá chatagóir seo i mbliana.

Bhí an tOllamh Desmond Higgins, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD, agus an tOllamh Colm O'Donnell, Scoil na hInnealtóireacht Bithchórais UCD, faoi thrácht i gcnuasach de thaighdeoirí a luaitear go minic sna heolaíochta agus sna heolaíochta sóisialta foilsithe ag Thomson Reuters.

Bíonn trácht i liostú na dtaighdeoirí a luaitear go minic ar údair ar mheas a bpiaraí go raibh tábhacht agus úsáid ar leith bainteach lena gcuid oibre foilsithe ina réimsí speisialtachta. Sonraítear páipéir a luaitear go minic mar iad sin a rangaíonn sa chéad 1% de réir luanna ina réimse agus de réir bliana innéacsaithe sa *Web of Science*.

Bhí an tOllamh Desmond Higgins ag obair i réimsí bithfhaisnéisíochta agus in éabhlóid mhóilíneach ó 1985, ar mhodhanna agus ar bhogearra d'ailíniú DNA agus seicheamh próitéine go príomha. Is é an taighdeoir is mó lua in Éirinn é. Treoraíonn an tOllamh Colm O'Donnell grúpa taighde innealtóireachta bia a dhíríonn ar theicneolaíocht anailísíoch próiseála bia agus ar theicneolaíochtaí próiseála bia nuíosaigh.

Agus luanna á scrúdú de réir disciplíne, rangaigh UCD i mbliana sa chéad áit ar domhan do luanna in aghaidh an pháipéir in Eolaíocht na Talmhaíochta agus na hEolaíochta agus Teicneolaíochta Bia i rith na tréimhse cúig bliana 2009-2013, i measc na n-institiúidí go léir a bhí ag foilsiú de réir scála (breis agus 500 agus 400 páipéar faoi seach sna réimsí seo) sa tréimhse seo. Is rud suntasach é go raibh an fheidhmíocht an-láidir seo á seachadadh i réimsí a raibh tábhacht lárnach leo do gheilleagar na hÉireann.

I 2013, bhí 66% d'fhoireann acadúil UCD gníomhach i mbun taighde. Is méadú de bhreis ar 2% é seo ar 2012. Sainmhínítear foireann taighde ghníomhach mar Ollúna, Ollúna Comhlacha, Léachtóirí Sinsearacha agus Léachtóirí a chomhlíonann dhá cheann de na critéir seo a leanas: deontas gníomhach a bheith acu; maoirseacht a dhéanamh ar mhac léinn PhD nó Máistreachta taighde; nó foilsíodh a saothar sna dá nó trí bliana roimhe sin (spleách ar dhisciplín). Aithnítear nach gá go bhfreagródh an beart seo go cuí do phatrúin éagsúla ghníomhaíochta taighde idir disciplíní, agus tá measúnú á dhéanamh air faoi láthair.

## Réimsí Tosaíochta Straitéiseacha Taighde UCD - Príomh-bhuaicphointí

I UCD, déanaimid iarracht taighde sármhaitheasa a sheachadadh i réimsí inar féidir leis an Ollscoil agus leis an tír treoir dhomhanda a thabhairt, ag obair go dlúth le raon comhpháirtithe straitéiseacha.

Chun é seo a dhéanamh tá sé réimse tosaíochta straitéiseacha aitheanta againn:

1. Agraibhia
2. Cultúr, Eacnamaíocht
3. Fuinneamh
4. Comhshaol
5. Sláinte
6. Eolas, Ríomh, Cumarsáid

## 1. Agraibhia

Tá talmhaíocht agus bia ríthábhachtach do gheilleagar na hÉireann, agus é ar an tionscal dúchasach is mó. Cuireann an earnáil fostaíocht ar fáil do 150,000 duine agus ranníocann €24 billiún le geilleagar na hÉireann, ranníocaíocht a mhéadóidh faoi dhó beagnach go €40 billiún faoi 2030.

Leanann UCD ag obair leis an earnáil agraibhia trí chomhpháirtíocht tionscail chun inbhuanaitheacht agus iomaíochas domhanda a chinntiú. Tá bia nuálaíoch, slán á chruthú ag an ngaol seo a chuireann sláinte daonna chun cinn. Leanann an Ollscoil freisin ag obair le gníomhaíochtaí Stáit le *Feirm na Todhchaí* a shamhlú, ceann a chosnaíonn an comhshaol le linn dí táirgeadh bia a optamú.

Tá UCD ag cuidiú leis an bpobal freisin galar i mbeostoc a throid agus leas ainmhithe a spreagadh trínár saineolas i leigheas tréidliachta.

### Buaicphointí Agraibhia

I Meán Fómhair 2013, ceapadh an tOllamh Dolores O'Riordan mar an dara Stiúrthóir ar Institiúid Bia agus Sláinte UCD tar éis éirí as oifig an Ollaimh Mike Gibney. D'fhág a thionacht mar Stiúrthóir an tInstitiúid bunaithe go daingean ar champas UCD, cáil idirnáisiúnta láidir a bhí ag dul i méid agus rannpháirtíocht rathúil leis an tionscal. Mar Leas-Stiúrthóir, bhí ról suntasach ag an Ollamh O'Riordan sa bhforbairt luath seo.



*Ba iomaitheoir sa bhabhta ceannais de chomórtas Íomhánna Taighde UCD 2014 é Inishmore Stone Gate, leis an Dr Elizabeth Shotton, Scoil na hAiltireachta UCD.*

I rith na bliana d'fhógair UCD tógáil áis oideachais agus taighde déiríochta nua ag Feirm Taighde Lyons UCD chun tacú le cláir thaighde i dtáirgeadh déiríochta lena n-áirítear géineolaíocht, cothú agus bainistiú sláinte tréad. Is cuid d'infheistíocht breis agus €2 mhilliún í an áis, a bhfuil an cumas inti freastal ar 200 bó, agus tacaíocht aici ó chomhpháirtithe tionscail Dairymaster, Devenish Nutrition, Glanbia, Munster Cattle Breeding Group, Progressive Genetics agus Irish Holstein Friesian Breeders Association.

D'óstáil Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD mórchomhdháil idirnáisiúnta, *An Nuálaíocht á Tiomáint i gCóras Agraibhia na hÉireann*, chun tuarascáil nua leis an Ollamh Alan Renwick, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD a sheoladh, urraithe ag Banc na hÉireann. Dar leis an tuarascáil, *Nuálaíocht in Earnáil Agraibhia na hÉireann*, tá an cúigiú earnáil agraibhia is nuálaí san Aontas Eorpach ag Éirinn, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ghearmáin agus an Ísiltír chun tosaigh orainn.

D'óstáil Ionad UCD don Eipidéimeolaíocht Tréidliachta agus Anailís Riosca, laistigh de Scoil an Leighis Tréidliachta UCD, 225 toscaire ó 25 tír i gCaisleán Bhaile Átha Cliath do Chomhdháil Bhliantúil an Chumainn um Eipidéimeolaíocht Tréidliachta agus um Mhíochaine Choisctheach.

## 2. An Cultúr, an Geilleagar agus an tSochaí

Tá cáil ar UCD mar gheall ar a chuid oibre sna hEalaíona, sna Daonnachtaí agus sna hEolaíochtaí Sóisialta. Tá cuid mhór de phríomhscoláirí UCD tar éis Éire an lae inniu agus ár n-áit ar domhan a mhúnlú, agus de bharr a gcuid taighde agus scoláireachta tá ciall bainte acu as ár stair agus ár gcultúr.

### Buaicphointí an Chultúir, an Gheilleagair, na Sochaí

Sheol an tUachtarán Michael D. Higgins foilseachán ceoil nua ar leith, *The Encyclopaedia of Music in Ireland (EMIR)* á chur in eagar ag an Ollamh Harry White, Scoil an Cheoil UCD, agus ag an Ollamh Barra Boydell, NUI Maigh Nuad, i nDeireadh Fómhair 2013. Is é an foilseachán seo an chéad iarracht cuimsitheach saol ceoil na hÉireann sa stair taifeadta a rianú. Déanann sé caidreamh ceoil na hÉireann leis an domhan ina iomlán a dhoiciméadú, go háirithe sa Bhreatain, ar mhór-roinn na hEorpa agus i Meiriceá Thuaidh, agus déanann sé iarracht na gníomhaireachtaí trínar tháinig an ceol chun a bheith ina léiriú seasmhach ar shaol cultúrtha, creidimh, sóisialta agus polaitiúil na hÉireann a aithint.

I Nollaig 2013, sheol an tUasal Dinny McGinley TD, Aire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Dúchas.ie go hoifigiúil, taisclann nua béaloideasa Éireann.

Is éard atá inDúchas.ie ná thart ar 64,000 leathanach de bhéaloideas agus stair áitiúil lámhscríofa a taifeadadh i 1937-38 ag leanaí scoile Éireannacha i gcontaetha Bhaile Átha Cliath, Mhaigh Eo, Dhún na nGall agus Phort Láirge. Is cuid de Bhailiúchán Lámhscríbhinní Scoileanna an bunábhar seo, a ndearnadh digitiú air do Dúchas.ie i dtionscadal maoinithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, atá ag an mBailiúchán Béaloideasa Náisiúnta i UCD. Cuimsíonn sé breis agus 500,000 leathanach d'ábhar a thaifead thart ar 50,000 páiste scoile i mbreis agus 5,000 scoil i 26 contae a ghlac páirt ann.

Tá an Bailiúchán Béaloideasa Náisiúnta i UCD ar cheann de na bailiúcháin bhéaloideasa is mó ar domhan. Cuimsíonn an Bailiúchán thart ar dhá mhilliún leathanach lámhscríofa, 500,000 cárta innéacs, 12,000 uair an chloig de thaifid fuaime, 80,000 grianghraf agus 1,000 uair an chloig d'ábhar físe.

## 3. Fuinneamh

Tá sé d'aidhm ag straitéis fuinnimh UCD caipitliú ar an gcomhcheangal de chúinsí náisiúnta uathúla agus láidreachtaí UCD chun bonn do thaighde agus d'fhorbairt fuinnimh a mbeadh aitheanta idirnáisiúnta aige, a fhorbairt in Éirinn. Tá an straitéis lárnaithe thart ar ár bpríomhláidreachtaí sa ghreille leictreach, é seo á leathnú trí chumas acadúil a thógáil agus comhdhlúthú níos mó le gnéithe de chlár ICT UCD a spreagadh atá criticiúil d'fhorbairt na hEangaí Cliste. Ina theannta, déanfaidh saineolas i ngeo-fhuinneamh caipitliú ar dheiseanna a chuireann aimsiú acmhainní breosla iontaise amach ó chósta na hÉireann ar fáil.

### Buaicphointí Fuinnimh

I rith na bliana d'fhógair UCD bunú Institiúide Fuinnimh nua a mheall maoiniú bronntóra de €5 milliún agus maoiniú substaintiúil breise ón tionscal. Díreoidh an institiúid nua ar chomhtháthú córas fuinnimh a chuireann an bonn ar fáil d'fheidhmíocht fuinnimh feabhsaithe agus costas laghdaithe, agus a íoslaghdaíonn tionchar comhshaoil, ar dhúshláin domhanda anois iad.

Tá Institiúid Fuinnimh UCD treoraithe ag an Ollamh Mark O'Malley, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide. Forbraíodh an straitéis don Institiúid faoi threoir Bhord Comhairleach Fuinnimh UCD, faoi cheannas David O'Reilly, céimí de chuid UCD agus iar-CEO Chevron.

Déanfaidh an Institiúid óstáil ar bhreis agus 200 taighdeoir fuinnimh ardchaighdeáin ag obair i gcomhar leis an tionsclaíocht agus leis an bpobal beartas fuinnimh, agus tógann sé ar infheistíochtaí taighde roimhe seo ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Fiontraíocht Éireann, an Chomhairle um Thaighde in Éirinn, an AE agus earnáil na tionsclaíochta.




*Sa ghrianghraf ag TEDxUCD 2014, Pádraig Daly, mac léinn PhD in Ionad Taighde Leictreachais UCD agus a léacht dar teideal* Education: Lighting the Spark, *á thabhairt aige.*



*An tOllamh Desmond Higgins, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD, an taighdeoir is mó a luaitear a shaothar in Éirinn, é faoi thrácht i dtiomsúchán de thaighdeoirí ardlua sna heolaíochtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta, á fhoilsiú ag* Thomson Reuters.

## 4. Comhshaol

Teastaíonn iarracht idirdhisciplíne ar scála mór chun idirghníomhaíochtaí casta an domhain, a atmaisféar agus a chórais saoil a thuiscint, agus is é seo fócas Institiúid Domhaneolaíochta UCD. Díríonn ár gcur chuige ar an domhan soladach, na haigéin, an t-atmaisféar agus an saol féin a thuiscint agus, go hairithe, an chothromaíocht agus idirghníomhaíochtaí eatarthu. Díríonn taighdeoirí na hInstitiúide ar ghuaiseacha nádúrtha agus ar rioscaí; cathracha inbhuanaithe, éiceolaíocht agus acmhainní; agus aistriú ár dtaighde chun cur le tuiscint níos fearr i measc lucht déanta beartais agus an pobal.

### Buaicphointí Comhshaoil

Bronnadh an chéad áit sna 10ú Dámhachtainí Fuinnimh Inbhuanaithe 2013 don Taighde ar an tOllamh Ravindranathan Thampi, An Dr Owen Byrne agus an Dr Praveen Surolia, Scoil na hInnealtóireachta Bithphróisis UCD. Bhí a dtionscadal bainteach le grian-nuálaíocht teicniúil leis na chéad táirgí grianchealla, solas taobh istigh á chur ar fáil le cumhacht a thabhairt do bhraiteoirí gan sreang do theocht, solas agus d'áitíocht, á úsáid mar chuid de chóras rialaithe eangaí cliste laistigh d'fhoirgnimh.

Tar éis dó an chéim fhorbartha tosaigh d'Institiúid Domhaneolaíochta UCD a threorú, d'éirigh an tOllamh Chris Bean, Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta UCD as oifig mar Stiúrthóir ag deireadh a théarma agus ceapadh an tOllamh Gregory O'Hare, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD don ról.

D'óstáil Institiúid Domhaneolaíochta UCD *Earth Gathering: Ireland 2013* i mí na Samhna a mheall lucht éisteachta mór leis na dúshláin chasta don domhan agus d'inbhuanaitheacht an chomhshaoil a phlé. Is é an Dr Kerri-Ann Jones, Rúnaí Cúnta Stáit na SA d'Aigéin agus do Ghnóthaí Eolaíocha agus Comhshaoil Idirnáisiúnta, a thug an príomhaitheasc, ar chomhchathaoirleach í ar an gComhpháirtíocht R & D SA-Éire, tionscnamh a thacaíonn le comhoibriú tríphháirteach idir taighdeoirí i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus sna SA.

## 5. Sláinte

Tá an cumas ag sláinte agus ag cógas pearsantaithe nasctha athrú ó bhonn a chur ar ár gcórais chúram sláinte. Díríonn an straitéis do thaighde sláinte ag ionaid UCD ar an dá réimse seo mar ardáin a bhfuil an t-ionchas acu do thionchar ceannródaíoch thar raon réimsí galair.

I 2013, bhunaigh an Rialtas sé ghréasán ospidéal nua, comhpháirtí acadúil ag gach ceann acu, mar ghné lárnach d'athstruchtúrú na Seirbhíse Sláinte go náisiúnta. Is é an ceann is mó díobh seo Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann (IEHG) atá cleamhnaithe le UCD, a chuimsigh aon ospidéal déag ar dtús, lena n-áirítear Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae agus Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, a fhreastalaíonn ar phobal 1.2 milliún. Beidh ról lárnach ag UCD i misean an ghréasáin, i seachadadh cúram othair feabhsaithe trí thaighde agus Oideachas, i rannchuidiú chúram sláinte don fhiontraíocht agus d'fhorbairt eacnamaíochta, agus i mbunú grúpaí ospidéal mar iontaobhais neamhspleácha.

### Buaicphointí Sláinte

I rith na bliana rinne Institiúid Mhic Con Mí, príomhinstitiúid bhithleighis na hÉireann, deich mbliana de shárthaighde a cheiliúradh. Go dtí seo, cuireadh oideachas agus oiliúint go dtí dianchaighdeáin idirnáisiúnta ar bhreis agus 700 céimí PhD agus 350 taighdeoir iardhochtúireachta ag an Institiúid. Tá na daoine ardoilte seo tar éis fostaíocht a ghlacadh sna tionscail chógaisíochta, fearas liachta agus ICT mar aon le fostaíocht i ngníomhaireachtaí poiblí agus sa saol acadúil in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Tá Cumann Ailse na hÉireann tar éis príomhthaighdeoirí ailse chíche na hÉireann a thabhairt le chéile i gcomhoibriú nua cúig bliana a bhfuil cóireáil níos fearr d'ailse chíche in Éirinn mar aidhm aige. Is e BREAST-PREDICT, ina mbeidh infheistíocht €7.5 milliún ón gCumann, an chéad Ionad Taighde Ailse Comhoibríoch sa tír a bhfuil an chuid is mó de phríomhthaighdeoirí ailse chíche na hÉireann bainteach leis maraon le líon de phríomhinstitiúidí acadúla. Is é an tOllamh William Gallagher, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bhithleighis UCD, Stiúrthóir an Ionaid.

*Ba iomaitheoir sa bhabhta ceannais de chomórtas Íomhánna Taighde UCD 2014 é* The Mars Cinema*, Cill Rois, 2014, leis an Dr Harvey O'Brien, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta.*



## 6. Faisnéis, Ríomh, Cumarsáid

Tá mór-ról ag UCD, trína chláir thaighde, oideachais agus nuálaíochta, in earnáil ICT na hÉireann a fhás agus i nginiúint tionchair dhomhanda. Fostaíonn an earnáil teicneolaíochta in Éirinn breis agus 105,000 duine go díreach, 75% fostaithe i gcuideachtaí ilnáisiúnta agus an chuid eile san earnáil teicneolaíochta digiteach dúchasach. Tá an earnáil freagrach as 40% d'onnmhairí na hÉireann.

Is í Eolaíocht Sonraí an téama a thugann aontacht do thaighde ICT i UCD. Tugann sé seo trí chlár ICT de shártaighde agus tionchar le chéile a thacaíonn le clár taighde níos leithne na hOllscoile: Anailísíocht Sonraí, Idirlíon na nEarraí agus Córais Chliste.

Cumasaíonn Anailísíocht Sonraí léargais agus treochtaí folaithe a aithint i mór-achar na sonraí digiteacha a ghintear gach lá. Cumasóidh Idirlíon na nEarraí an t-athrú céime sa chumarsáid agus sa teicneolaíocht leictreonach a theastaíonn do ghréasán domhanda de bhraiteoirí agus de ghníomhróirí. Úsáideann Córais Chliste leithead taighde ICT chun aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin eacnamaíocha agus sochaíocha.

**Buaicphointí Faisnéise, Ríomha, Cumarsáide**

D'éirigh go maith le UCD in Anailísíocht Sonraí, príomhról aige i Lárionad SFI d'Anailísíocht Sonraí, i CeADAR, Ionad Teicneolaíochta Fiontraíocht Éireann, agus, le ceapachán an Ollaimh Mike O'Neill mar Ollamh Anailísíochta Gnó ICON, Ionad d'Anailísíocht Ghnó UCD.

Seoladh Lárionad *Insight* d'Anailísíocht Sonraí go foirmiúil ag deireadh 2013, agus tá sé lonnaithe in Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD. Ón seoladh, tá móriarracht déanta ag an gcomhthionscnamh €88 milliún seo idir UCD, NUIG, UCC agus DCU a neartú agus tá breis agus 300 duine anois i bpobal Ionad Insight, lena n-áirítear breis agus 250 taighdeoir. Tá breis agus 80 tionscadal i bpunann Insight faoi láthair agus foilsíodh breis agus 180 páipéar piarmheasúnaithe i gcéad bhliain d'oibríocht an Ionaid.

Ní ar Anailísíocht Sonraí amháin atá an tIonad *Insight* dírithe. Agus é ag tógáil ar shaineolas a forbraíodh trí Clarity CSET, treoraíonn UCD an téama taighde braite pearsanta san Ionad Insight, ar chuid shuntasach de réimse Idirlíon na nEarraí atá ag teacht chun cinn. Tá clár taighde Idirlíon na nEarraí á fhorbairt go rathúil ag Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide UCD, atá comhlántach leis seo.

### Nuálaíocht

Tá UCD tiomanta go hiomlán dá phríomhról in éiceachóras malartú faisnéise agus nuálaíochta na hÉireann mar chumasóir fás eacnamaíochta agus rannchuiditheoir d'fhorbairt eacnamaíochta agus shóisialta. Tacaímid leis an gcuspóir seo trínár mic léinn nuálaíocha agus fiontraíochta, forbairt chomhpháirtíochtaí le gnólachtaí, gníomhaireachtaí Rialtais agus fiontair shóisialta agus chultúrtha, tráchtálaíocht aschur taighde, giniúint fiontar nua agus cruthú jabanna.

### Mic Léinn agus Céimithe Fiontraíochta

I measc an tionchair a fhaighimid trínár dtaighde agus nuálaíocht is ónár mic léinn agus céimithe agus na rannchuidithe neamhghnácha a dhéanann siad agus a dhéanfaidh siad thar a saolré, a thagann tionchar is mó na hOllscoile.

Fuaireamar fianaise ar thionchar ár gcéimithe fiontraíochta i rith na bliana, nuair a rangaigh UCD sa chúigiú háit i measc ollscoileanna Eorpacha ar bhonn rathúlacht na gcéimithe i mbunú cuideachtaí agus i gcaipiteal fiontair a fháil. Is é UCD an t-aon ollscoil Éireannach a áirítear ar an deich gcinn is fearr san Eoraip. Is í an chuideachta taighde do chothromas príobháideach agus sonraí caipitil fiontair, Pitchbook, lonnaithe sna SA, a chuir an liosta le chéile agus a léirigh óna bhunachar sonraí, idir Eanáir 2009 agus Lúnasa 2014, gur bhunaigh 31 fiontraí iarchéime UCD, 26 cuideachta, $112 milliún i maoiniú á chruinniú acu.

*I láthair (clé-deas) ag seoladh 10ú tuarascáil bhliantúil NovaUCD: Kevin Cooney, Xilinx; an tOllamh Peter Clinch, Leas-Uachtarán UCD do Nuálaíocht; An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton TD; agus John O'Dea, Fiontraíocht Éireann.*






*I láthair (clé-deas) ag seoladh Tairseach Fiontraíochta UCD: William Lyons, Príomhoifigeach Margaíochta Shimmer, príomhchuideachta teicneolaíochta Éireannach a bhí ag obair i gcomhar le UCD ó 2008; an tOllamh Orla Feely, Leas-Uachtarán Taighde, Nuálaíochta agus Tionchair UCD; agus Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks.*

**Ciste Nuálaíochta Mac Léinn UCD**
Dámhadh comhiomlán €15,500 ar shé ghnólacht nuathionscanta óg atá á mbunú ag mic léinn UCD tríd an gCiste Nuálaíochta Mac Léinn UCD nua, a bhunaigh Ionad Mac Léinn UCD i gcomhar le hAontas na Mac Léinn UCD.

Is í aidhm an chiste aireagóirí agus fiontraithe mac léinn iarchéime agus fóchéime UCD a spreagadh tríd an deis a thabhairt dóibh maoiniú tosaigh a fháil chun cuidiú leo tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a smaointí nuathionscanta. Ag imeacht a reáchtáladh ar stíl *Dragons' Den*, cuireadh breis agus 30 smaoineamh gnó i láthair painéal breithiúna agus fuair sé cinn acu maoiniú. I dteannta na tacaíochta airgeadais, beidh na fiontraithe mac léinn in ann leas a bhaint as tacaíocht agus comhairle leanúnach ó Aontas na Mac Léinn UCD agus ó Ionad na Mac Léinn UCD, agus, nuair is cuí, a bheith páirteach i gcláir mar Ghrodchúrsa Tráchtálaíochta UCD a reáchtáiltear ag NovaUCD.

***Thinking Big***
I Samhain 2013, dhírigh *Thinking Big* ar aghaidh a thabhairt ar roinnt de na dúshláin dhomhanda is mó atá roimh Éirinn agus an domhan níos leithne amach sa 21ú haois. Tionóladh an fóram, a d'eagraigh grúpa mac léinn fochéime UCD, chun daoine a spreagadh le smaoineamh ar dhóigh eile a dhéanamh faoin gcaoi ar féidir leo cuidiú chun todhchaí níos fearr a mhúnlú, trí shraith cainteanna, pléití painéil agus ceardlanna.

Ar na cainteoirí agus ar na hábhair áiríodh: An Dr Tom Arnold, Cathaoirleach, Coinbhinsiún Bunreachtúil ar cheartas aeráide; an tOllamh Frank Convery, Uachtarán, An Comhlachas Eorpach un Eacnamaithe Acmhainne agus Comhshaoil, ar ghanntanas uisce; An Dr Brendan Halligan, Cathaoirleach, Institiúid Gnóthaí Eorpacha agus Idirnáisiúnta ar shochaí saor ó charbón faoi 2050; agus Gerard Reid, comhbhunaitheoir agus comhpháirtí Alexa Capital, ar roghanna fuinnimh na hÉireann.

**Grodchúrsa Gnó na nEolaithe Óga BT 2014**
Is í aidhm Ghrodchúrsa Gnó BT, a thionóltar go bliantúil i gcomhar le UCD, an bearna idir oideachas agus gnó do dhaltaí a léiríonn bua fiontraíochta ar leith agus cumas gnó, a líonadh. Agus é sa chúigiú bliain anois bhí 29 daltaí dara leibhéal ó chuile chearn in Éirinn páirteach sa champa scileanna agus nuálaíochta cheithre lá a tionóladh ag NovaUCD, daltaí a léirigh an cumas a thuiscint conas agus cén fáth ar féidir smaoineamh simplí a fhorbairt ina fhiontar inmharthana ó thaobh tráchtála. Roghnaíodh na daltaí rannpháirteacha in Eanáir ó bhreis agus 1,200 dalta a bhí san iomaíocht i dTaispeántas Teicneolaíochta na nEolaithe Óga BT 2014.

## I gComhpháirtíocht le Tionsclaíocht

Tá sé léirithe ag UCD arís is arís eile gur féidir leo oibriú le hearnáil na tionsclaíochta agus tá tacaíocht tugtha cheana aige do breis agus 250 comhpháirtíocht dá leithéid. Áirítear inár n-éiceachóras nuálaíochta cláir chomhoibríocha tionscail ar mhórscála, mar CSETanna, Ionaid agus Cnuasaigh Taighde Straitéiseacha maoinithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus trí ionad teicneolaíochta treoraithe ag an tionsclaíocht agus maoinithe ag Fiontraíocht Éireann. Ina Theannta, tacaíonn an Ollscoil le cuideachtaí treoraithe ag an nuálaíocht ag NexusUCD, An tIonad Comhpháirtíochta Tionscail agus cuideachtaí nua ag NovaUCD, mol na hOllscoile d'fhiontair nua agus d'fhiontraithe.

**Tairseach Fiontair Nua**
Seoladh Tairseach Fiontair UCD go hoifigiúil i rith na bliana. Feidhmíonn sé seo mar phríomh-chomhéadan idir gnó domhanda, náisiúnta agus áitiúil agus an Ollscoil. Cuireann an Tairseach roimhe rochtain don ghnó ar ár saineolas ardchaighdeáin, ár mic léinn, áiseanna, seirbhísí agus aschuir taighde a shruthlíniú, agus leibhéal na rannpháirtíochta agus comhoibrithe le gnó a fheabhsú.

## Aschur Taighde a Thráchtálú

Cuireann NovaUCD áiseanna goir den scoth, saintógtha do chuideachtaí dianfhaisnéise, ar fáil lámh ar lámh le clár tacaíochta gnó cuimsitheach. I rith na bliana thug roinnt toscaireachtaí idirnáisiúnta ó thíortha lena n-áirítear Abu Dhabi, an tSín, an Aetóip, an Fhrainc, an Ghréig, an Araib Shádach agus SAM, cuairt ar NovaUCD chun tuilleadh a fhoghlaim faoi rathúlacht UCD i dtráchtálú agus i ngníomhaíochtaí fiontraíochta.

Trí fhoireann aistrithe teicneolaíochta UCD lonnaithe ag NovaUCD, tugtar cuidiú do thaighdeoirí le maoin intleachtúil (IP) a aithint agus a chosaint, ag éirí as ár gcláir thaighde. Tugtar cuidiú freisin do thráchtálú IP trí cheadúnas do chuideachtaí agus trí fhoirmiú mac-chuideachtaí UCD. Tacaíonn foireann oiliúna Oideachais Nuálaíochta agus Forbartha Fiontair ag NovaUCD freisin le taighdeoirí UCD i dtráchtálú aschur IP, trí shraith

clár oiliúna lena n-áirítear na Cláir um Luathú Seoladh Fiontair, Grodchúrsa Tráchtálaithe agus *Sprint*.

I rith na bliana thuairisc taighdeoirí UCD 59 aireagán in iomlán. Chomhdaigh UCD fiche is a cúig iarratas ar phaitinn tosaíochta, ocht PCT (Conradh Comhair Paitinne) agus aon cheann déag náisiúnta/réigiúnacha, thar réimsí na n-eolaíochtaí saoil, na hinnealtóireachta agus na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide. Tugadh fiche is a ceathair comhaontú ceadúnais chun críche freisin le raon cuideachtaí idirnáisiúnta agus dúchasacha, agus ionchorpraíodh trí mhac-chuideachta UCD nua.

**Cláir Thráchtálaithe UCD**
I rith na bliana thug 41 taighdeoir dhá Ghrodchúrsa Tráchtálaithe UCD chun críche, a seachadaíodh ag NovaUCD. Rinne rannpháirtithe ar na Grodchúrsaí ionadaíocht do 25 tionscadal tráchtála ionchasacha a bhí ag eascairt as taighde a rinneadh ag UCD agus ag an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, coláiste aitheanta de chuid UCD. Is í aidhm fhoriomlán an Ghrodchúrsaí Tráchtálaithe UCD an phíblíne de dheiseanna tráchtála ag éirí as cláir thaighde UCD agus NCAD a neartú.

Ba é Teicneolaíochtaí Sláinte Kinesis Teo, mac-chuideachta sláinte UCD nua, an buaiteoir foriomlán den Chlár tionscnamh um Luathú Seoladh Fiontair UCD, a thacaíonn le cruthú agus le seoladh fiontar nua inbhuanaithe agus brabúsacha bunaithe ar mhaoin intleachtúil ag éirí as cláir thaighde UCD agus NCAD. D'fhorbair agus sheol an chuideachta a céad tháirge, Kinesis QTUG™, a bhfuil sé d'aidhm aige minicíocht na titime in aosaigh níos sine a laghdú. Is iad Seamus Small agus an Dr Barry Greene, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD, agus Bill Bollengier comhbhunaitheoirí Teicneolaíochtaí Sláinte Kinesis Teo. Tháinig an Chinéis chun cinn ó thaighde piarmheasúnaithe go hidirnáisiúnta a rinneadh le sé bliana anuas in Ionad TRIL (Taighde Teicneolaíochta do Mhaireachtáil Neamhspleách) i UCD.

Fógraíodh smaoineamh gnó nua atá á fhorbairt ag Laura Tobin, mac léinn innealtóireachta PhD UCD, a dhíríonn ar LEDanna mar fhoinse solais malartaithe d'ionsamhlóir gréine, mar bhuaiteoir foriomlán an chéad ghradam *CleanWeb Sprint* UCD. Is tionscnamh aon lae nua é CleanWeb i gcomhar le hInstitiúid Domhaneolaíochta UCD. Tá sé d'aidhm aige forbairt aschur tráchtála ag éirí as taighde CleanWeb UCD a spreagadh trí rannphháirtíocht ag céim níos luaithe sa bpróiseas tráchtálaithe.

**Tionchar Eacnamaíochta NovaUCD**
I nDeireadh Fómhair 2013, sheol an tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta, Richard Bruton TD, tuarascáil nua chun díriú ar thionchar eacnamaíoch NovaUCD in Éirinn agus go hidirnáisiúnta don tréimhse 2003-2013. Thuairisc an tuarascáil go dtugann na gníomhaíochtaí tráchtálaithe agus gnólachtaí nuathionscanta ag NovaUCD, tacaíocht do 1,341 post in iomlán (díreacha agus indíreacha) ar fud an domhain faoi láthair, a bhfuil 1,056 díobh bunaithe in Éirinn. Ina theannta tugann na gníomhaíochtaí ag NovaUCD ranníocaíocht bhliantúil de €47.7 milliún Oll-bhreisluach (GVA) don gheilleagar ar fud an domhain a ndéantar ranníocaíocht de €36.6 milliún de do gheilleagar na hÉireann.

Sna 10 mbliana atá caite thacaigh NovaUCD le 126 cuideachta, agus ionchorpraíodh 30 mac-chuideachta UCD nua. I 2013, b'ionann comhláimhdeachas bliantúil na gcuideachtaí a dtugtar tacaíocht dóibh ag NovaUCD agus €71.2 milliún.

Dámhachtainí Nuálaíochta InterTradeIreland de chuid an Irish Times 2014 Bhain OxyMem Teo, mac-chuideachta UCD, duais fhoriomlán Nuálaíocht na Bliana ag Dámhachtainí Nuálaíochta InterTradeIreland de chuid an Irish Times 2014. Chomhbhunaigh an tOllamh Eoin Casey agus an Dr Eoin Syron an chuideachta i 2013, a d'fhorbair teicneolaíocht cheannródaíoch d'aerú fuíolluisce, mar mhac-chuideachta de Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD. Tá a gcóras aeraithe fuíolluisce 'Gan Boilgeoga' do chóireáil fuíolluisce ceithre huaire níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de ar an iomlán ná na réitigh is fearr atá ar fáil faoi láthair.

Ag na dámhachtainí céanna, bhain APC Teo an dámhachtain sa chatagóir Bitheolaíochta. Comhbhunaithe ag an Ollamh Brian Glennon agus an Dr



*An Dr Trevor Parsons agus an Dr Viliam Holub, comhbhunaitheoirí Logentries, mac-chuideachta UCD, ar bronnadh Dámhachtain Nuálaíochta NovaUCD 2013 orthu mar aitheantas ar an rathúlacht agus tionchar domhanda atá bainte amach ag Logentries go dtí seo i mbainistiú agus in anailísíocht loga a chur ar fáil go forleathan.*

Mark Barrett i 2011, is mac-chuideachta freisin é ó Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD. Cuireann an chuideachta réitigh agus teicneolaíochtaí innealtóireachta ceimicí sruthlínithe ar fáil do chuideachtaí cógaisíochta agus biteic.

**Rathúlacht i dTiomsú Airgid**
I rith na bliana d'éirigh go maith le roinnt mac-chuideachtaí UCD i dtiomsú airgid.

Fuair Logentries, soláthraí seirbhíse néalbhunaithe do bhailiú, agus d'anailísiú méideanna ollmhóra sonraí loga ginte ag meaisín, $10 milliún in airgeadas. Léiríonn an maoiniú seo an babhta infheistíochta aonair is mó i mac-chuideachta UCD go dtí seo. Chomhbhunaigh an Dr Trevor Parsons agus an Dr Viliam Holub Logentries i 2010 mar mhac-chuideachta ón Saotharlann Innealtóireachta Taibhithe, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD tar éis deich mbliana de thaighde i bpáirt le IBM. Mar aitheantas ar an rathúlacht agus tionchar domhanda atá bainte amach ag Logentries go dtí seo, bronnadh Dámhachtain Nuálaíochta 2013 NovaUCD ar na comhbhunaitheoirí.

Fuair Cylon Controls maoiniú de €7 milliún ó chiste Novusmodus BSL, ciste éifeachtúlachta acmhainne agus glanteicneolaíochta BSL. Tá Cylon Controls ar cheann de na soláthraithe rialaithe tógála neamhspleácha is mó san Eoraip, le hoifigí san Áise, sa Mheán Oirthear agus sna SA. Cruthaíodh gur laghdaigh seirbhísí na cuideachta costais fuinneamh cliant de suas le 25%. Bhunaigh Seán Giblin Cylon Controls i 1985 le taighde innealtóireachta a rinne seisean ag UCD a thráchtálú. Ó shin, d'fhorbair agus choinnigh Cylon Controls comhpháirtíocht láidir leis an Ollscoil, go háirithe trí Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide UCD agus trí NovaUCD.

D'éirigh le HeyStaks, an chuideachta anailísíochta cuardaigh chomhoibríoch, €800,000 maoiniú a fháil á threorú ag Ciste Fiontair Diageo de chuid Banc Ulaidh, á bainistiú ag Investec Ventures, agus maoiniú breise á chur ar fáil ag Fiontraíocht Éireann agus Ciste Caipiteal Síl AIB. Is iad an tOllamh Barry Smyth, an Dr Peter Briggs agus an Dr Maurice Cole a chomhbhunaigh HeyStaks mar mhac-chuideachta ó Ionad CLARITY do Theicneolaíochtaí Gréasáin Braite maoinithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

## Acadamh Nuálaíochta UCD

Is comhthionsncnamh é an tAcadamh Nuálaíochta idir Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus Ollscoil na Ríona Béal Feirste, a bhfuil d'aidhm aige cineál nua céimí PhD a fhorbairt a mbeadh tuiscint iomlán aige ar an gcaoi ar féidir le nuálaíocht eolas a athrú isteach i dtáirgí, seirbhísí agus beartais chun leasa cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíochta.

Mar chuid de thiomantas UCD chun tacú le cultúr nuálaíochta na hÉireann agus rannpháirtíocht a leathnú, fuair Acadamh Nuálaíochta UCD €1.2 milliún i maoiniú ón HEA leis an gclár Springboard a sheachadadh. Bhí breis agus 300 mac léinn rannpháirteach i gcúrsaí i mBaile Átha Cliath, Cill Choinnigh, Luimneach, Gaillimh, Port Laoise agus Cluain Meala, agus bhain ráta bainte céime de 91% amach, fostaíocht á baint amach nó féinfhostaíocht á bunú ag 74% díobh tar éis a rannpháirtíochta ar an gclár.

Sheol UCD agus CLG comhthionscnamh nua, an Clár Fiontraíochta Pobail, dírithe ar phobail inbhuanaithe a spreagadh ar fud na hÉireann. Ghlac 101 rannpháirtí in iomlán páirt sa tionscnamh seo i rith na bliana. Tá an comhoibriú seo ag tógáil ar chomhláidreachtaí an dá pháirtí: rannpháirtíocht phobail thar ceann CLG; agus oideachas fiontraíochta gníomhbhunaithe mar a d'fhorbair Acadamh Nuálaíochta UCD, thar ceann UCD.

Reáchtáil Acadamh Nualaíochta UCD *hackathon* printéara 3D 30 uair an chloig a raibh 200 duine rannpháirteach ann i 40 foireann ildisciplíne ar tugadh a ndúshlán printéir 3D a thógáil, agus ansin samhail dá rogha a dhearadh agus a phriontáil. Bhí taighdeoirí, mic léinn fochéime agus iarchéime ó UCD san áireamh sna foirne mar aon le hionadaithe ó TCD, NCAD, IADT, DIT agus DCU.

Roghnaigh breis agus 30 mac léinn an chéad mhodúl roghnach a ndearna an tAcadamh píolótú air ar an gcuraclam fochéime. Ghlac breis agus 20 múinteoir dara leibhéal agus léachtóirí tríú leibhéal páirt freisin sa Dioplóma/ Teastas Gairmiúil d'Oideachasóirí Fiontraíochta a ndearna an tAcadamh píolótú air i mbliana.

D'oibrigh Acadamh Nuálaíochta UCD freisin le 40 aoi tionscail mar GlaxoSmithKline, an Coimisiún Eorpach agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, a d'óstáil tionscadail mac léinn laistigh dá n-eagraíochtaí chun a chur ar chumas mac léinn taithí a fháil ar a gcruthaíocht a chur i bhfeidhm chun fíorfhadhbanna domhanda a aimsiú agus a réiteach.




*I láthair ag oscailt oifigiúil na háise taighde nua do Chórais Bitheolaíochta Éireann ag UCD i Nollaig 2014, bhí (clé-deas): an tOllamh Walter Kolch, Stiúrthóir, Systems Biology Ireland; an tAire Stáit do Thaighde agus Nuálaíocht, Sean Sherlock TD; Uachtarán UCD, an Dr Hugh Brady; an tOllamh Boris Kholodenko, Stiúrthóir Comhlach, Systems Biology Ireland.*

# Mórchláir Taighde, Ionaid agus Institiúidí UCD

## Institiúidí Taighde Móra agus Ildisciplíne UCD

| | |
|---|---|
| Saotharlann na gCóras Coimpléascach Oiriúnaitheach UCD | www.ucd.ie/casl/ |
| Institiúid Mhic Con Mí UCD | www.ucd.ie/conway/ |
| Institiúid Domhaneolaíochta UCD | www.ucd.ie/earth/ |
| Institiúid Fuinnimh UCD | www.ucd.ie/energy21/energyinstitute/ |
| Institiúid Uí Ghadhra UCD um Bheartas Poiblí | www.ucd.ie/geary/ |
| Institiúid don Léann Daonna UCD | www.ucd.ie/humanities/ |
| Institiúid Bia agus Sláinte UCD | www.ucd.ie/foodandhealth/ |

## Lárionaid Teicneolaíochta Fhiontraíocht Éireann

| | |
|---|---|
| Bia Sláinte na hÉireann (FHI) | www.fhi.ie/ |
| Lárionad do Thaighde Anailísíochta Sonraí Feidhmeach (CeADAR) | www.ucd.ie/ceadar/ |
| Taighde Feidhmeach don Sláinte Nasctha (ARCH) | www.arch.ie/ |

## Lárionaid SFI faoi stiúir UCD

| | |
|---|---|
| INSIGHT - An tIonad Náisiúnta um Anailísíocht Sonraí | www.insight-centre.org/ |
| Lárionad na hÉireann um Thaighde sna Geo-eolaíochtaí (iCRAG) | www.icrag-centre.org/ |
| Systems Biology Ireland (SBI) | www.ucd.ie/sbi/ |

## Braislí Taighde Straitéiseacha (SRC-anna) SFI faoi stiúir UCD

| | |
|---|---|
| Braisle Ríomha Matamaitice Airgeadais (FMC²) | www.fmc-cluster.org/ |
| Córais Fuinnimh Leictrigh Inbhuanaithe Sustainable (SEES) | www.erc.ucd.ie/projects/sees-cluster/ |

## Mórchláir Chomhoibríocha Idir-Institiúide

| | |
|---|---|
| Míochaine Mhóilíneach Éireann | www.molecularmedicineireland.ie/ |
| An Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bithphróiseala | www.nibrt.ie/ |
| Lárionad Taighde Digiteach Náisiúnta | www.ndrc.ie/ |

## Institiúidí Téamacha agus Ionaid Taighde UCD

| | |
|---|---|
| An Lárionad Idirghníomhaíochtaí Bithnaineacha (CBNI) | www.ucd.ie/cbni/ |
| An Lárionad Taighde Leictreachais | www.erc.ucd.ie/ |
| Institiúid na hÉireann don Léann Síneach (Institiúid Confucius UCD) | www.ucd.ie/china/ |
| Cartlann Sonraí Eolaíochta Sóisialta na hÉireann (ISSDA) | http://issda.ucd.ie/webview/ |
| Saotharlann Tagartha Víris Náisiúnta | http://nvrl.ucd.ie/ |
| SMARTlab | www.ucd.ie/smartlab/ |
| Lárionad UCD do Chibearshlándáil agus d'Imscrúdú Cibearchoiriúlachta | www.ucd.ie/cci/ |
| Institiúid Charles na Deirmeolaíochta UCD | www.ucd.ie/charles/ |
| Lárionad Taighde Cliniciúil UCD (CRC) | www.ucd.ie/medicine/ourresearch/researchenvironment/ucdclinicalresearchcentre/ |
| Institiúid Clinton don Léann Meiriceánach UCD | www.ucdclinton.ie/ |
| Institiúid do Léann na hÉireann-na Breataine UCD | www.ucd.ie/ibis/ |
| Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD | www.ucd.ie/instituteforsportandhealth/ |
| Lárionad Taighde James Joyce UCD | www.ucd.ie/joyceresearchcentre/ |
| Institiúid John Hume don Léann Éireannach Domhanda UCD | www.ucd.ie/johnhume/ |
| UCD Institiúid Mhichíl Uí Chléirigh | www.ucd.ie/mocleirigh/ |
| Lárionad Nanaimhíochaine UCD | www.ucd.ie/nanomedicine/ |
| Lárionad Taighde Feidhmeach RTI UCD | www.linkedin.com/groups/UCD-RTI-Applied-Research-Centre-4411022/about/ |
| Lárionad Taighde san Eolaíocht Shóisialta UCD (SSRC) | www.ucd.ie/ssrc/ |

# **Coláiste** na Talmhaíochta, na hEolaíochta Bia agus an Leighis Tréidliachta **UCD**



*Rang 2015 Scoil an Leighis Tréidliachta UCD a fuair a n-éide chliniciúil go foirmiúil ar 6 Márta 2014, ag Searmanas na gCótaí Bána a tionóladh i Halla Ad Astra UCD, tús á chur lena ndul chun cinn isteach san oideachas cliniciúil.*



**An tOllamh Michael Monaghan Príomhoide an Choláiste**

**Tá Coláiste na Talmhaíochta, na hEolaíochta Bia agus an Leighis Tréidliachta UCD comhdhéanta de dhá scoil**

**Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
*An tOllamh Alexander Evans*

**Scoil an Leighis Tréidliachta UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
*An tOllamh Grace Mulcahy*

*Amhail Meán Fómhair 2013*

Bhí bliain rathúil ag Coláiste na Talmhaíochta, na hEolaíochta Bia agus an Leighis Tréidliachta UCD agus roinnt gnóthachtálacha suntasacha le tabhairt ar aird.

## Rangú Taighde

Is maith liom a thuairisc go bhfuil UCD rangaithe mar uimhir a haon ar domhan do thionchar taighde in Eolaíocht na Talmhaíochta agus na hEolaíochta agus Teicneolaíochta Bia, bunaithe ar na sonraí is deireanaí de Tháscairí Eolaíochta Riachtanacha ó ardán Thomson Reuters *InCites* a bhfuil tionchar mór aige. Clúdaíonn an rangú seo na sonraí lua cúig bliana is deireanaí d'institiúidí ar mhórscála (gach institiúid go hidirnáisiúnta a bhfuil breis agus 500 páipéar foilsithe aici i rith na tréimhse 2009-2013). Ina theannta, léirigh cleachtadh tagarmharcála UCD go bhfuil tionchar taighde ard ag Scoil an Leighis Tréidliachta UCD san Eolaíocht Tréidliachta, i gcomparáid le príomhscoileanna tréidliachta eile. Scéal dearfach eile gur thaifead an Coláiste ioncam taighde le luach sa bhreis ar €15 milliún ó mhaoinitheoirí lena n-áirítear an AE, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Teagasc, agus cláir thaighde tionscail thar raon leathan disciplíní, a chinntíonn go leanfaidh ár gcáil sna réimsí seo ag fás.

## Idirnáisiúnú

Mhéadaigh an dá Scoil sa Choláiste a aimsiú idirnáisiúnta agus mic léinn rollaithe anois ó SAM, ón tSín, ó Cheanada, Singeapór, ó Mhalaeisia, ó Oileán Mhuirís agus ó na Séiséil. Chláraigh Scoil Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD a céad 28 mac léinn i gcomhar le hOllscoil Talmhaíochta na Síne Theas (SCAU). Ar thabhairt chun críche rathúla a gcuid staidéir bronnfaidh UCD agus SCAU araon céimeanna ar na mic léinn a dhéanfaidh an chéad dá bhliain den chlár sa tSín agus an dá bhliain dheireanacha in Éirinn.

Óstáladh cuairt ar shuíomh ó Chomhairle Oideachais Chumann Leighis Tréidliachta Mheiriceá in Eanáir 2014. Ba é seo an chéad chuairt athchreidiúnaithe ó tugadh creidiúnú don Scoil ar dtús i 2007, agus tá súil leis an tuarascáil sa chéad bhliain acadúil eile. Is táscaire idirnáisiúnta tábhachtach é seo ar cháilíocht ár gclár tréidliachta.

## Cláir

Tá roinnt speisialtóirí faoi oiliúint nua tar éis clárú don Dochtúireacht i Speisialtóireacht Leighis Tréidliachta (DVMS). Tá an tsamhail dochtúireachta ghairmiúil seo in úsáid anois mar theimpléad d'ardoiliúint chliniciúil ag roinnt scoileanna tréidliachta ar fud an domhain.

Beidh tábhacht níos mó agus níos mó ag baint le tagarmharcáil idirnáisiúnta ár dtairiscintí oideachasúla de réir mar a théann an Coláiste i ngleic le clár domhanda na hOllscoile.

Bronnadh céimeanna ar an gcéad chohórt de chéimithe a bhain céim Baitsiléara san Eolaíocht Talmhaíochta i nGnó Déiríochta i Meán Fómhair 2013. Seoladh clár Gnó Déiríochta UCD, a ionchorpraíonn seimeastar san ionad taighde déiríochta ceannródaíoch, Teagasc Moorepark, i 2009 agus tá sé ceaptha na scileanna riachtanacha gnó, teicniúla agus eolaíocha a thabhairt do cheannairí todhchaí sa tionscal déiríochta chun déileáil le leathnú fiontraíochta.

Rinneamar 100 bliain bunú oideachais Fhoraoiseachta i UCD a cheiliúradh le linn Léacht Bliantúil Foraoiseachta Sean McBride a tionóladh i Samhain 2013.

## Rannpháirtíocht Tionscail

Anuas ar phróifíl idirnáisiúnta na gclár bunchéime sa Choláiste a mhéadú, tá raon clár oideachais leantacha do chéimithe ina n-ábhar suime go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta freisin. Áirítear orthu seo teastais iarchéime agus céimeanna máistreachta do chéimithe tréidliachta, talmhaíochta agus na heolaíochta bia.

Cuireann Ospidéal Tréidliachta UCD seirbhísí tarchurtha ar fáil don phobal do raon leathan speicis, é d'aidhm aige oideachas agus taithí cliniciúil a chur ar fáil do mhic léinn Altranais Tréidliachta agus an Leighis Tréidliachta, agus do speisialtóirí cliniciúla faoi oiliúint. Cumasaíonn se freisin taighde cliniciúil agus aistritheach. Cuirtear seirbhísí ar fáil ar bhonn tráchtála, agus is fóirdheontas an t-ioncaim do chostas an oideachais.

*I láthair (clé-deas) ag seoladh tuarascáil ar Nuálaíocht in Earnáil Agraibhia na hÉireann: an tOllamh Michael Monaghan, Príomhoide, Coláiste na Talmhaíochta, na hEolaíochta Bia agus an Leighis Tréidliachta UCD; an tOllamh Alex Evans, Déan, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia; an tOllamh Orla Feely, Leas-Uachtarán don Nuálaíocht; an tAire Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Simon Coveney TD; an tOllamh Alan Renwick, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD; agus Sean Farrell, Uachtarán Chumann na hEolaíochta Talmhaíochta.*



*I láthair ag Léacht Foraoiseachta Bliantúil Sean McBride,26 Samhain 2013, le comóradh céad bliain Foraoiseachta UCD a cheiliúradh: (ar gcúl, clé-deas)an Dr Brian Tobin, Comhalta Taighde, Foraoiseacht UCD; Marie Doyle Uasal, Léachtóir, Foraoiseacht UCD; an Dr Áine Ní Dhubháin, Léachtóir Sinsearach, Foraoiseacht UCD; John Mc Loughlin, Eagarthóir Gnó Chumann Foraoiseoirí na hÉireann; (chun tosaigh, clé-deas) an tOllamh Maarten Nieuwenhuis, Ollamh Foraoiseachta UCD; Uachtarán UCD, an Dr Hugh Brady; Pacelli Breathnach, Uachtarán Chumann Foraoiseoirí na hÉireann; agus an tOllamh Emeritus, John J. Gardiner.*




I mbliana chonacthas méadú ar chásualach agus ar ioncam an ospidéil, agus chruthaigh máinliacht ainmhithe beaga agus seirbhísí hidriteiripe go láidir. Cuirtear oideachas cliniciúil ar fáil freisin i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí seachtracha lena n-áirítear Dogs Trust agus cleachtais tréidliachta phríobháideacha.

Áiríodh ar chomhdhálacha a d'óstáil an Coláiste iad siúd i réimsí eipidéimeolaíochta tréidliachta, seadeolaíochta tréidliachta, agus mórchomhdháil beartais talmhaíochta, *Nuálaíocht i gCóras Agraibhia na hÉireann*, mar aon le comhdháil bhliantúil Ospidéil Tréidliachta UCD. Ceapadh an dá imeacht dheireanacha sin go sonrach chun rannpháirtíocht náisiúnta a chothú agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna imní reatha dá dtoghcheantair faoi seach. Seoladh tuarascáil nua a d'fhorbair Ollamh Talmhaíochta agus Eacnamaíocht an Bhia UCD, an tOllamh Alan Renwick, ag rangú feidhmíocht dhomhanda na hÉireann maidir le nuálaíocht sa slabhra agraibhia, agus phléigh príomhpháirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta é, lena n-áirítear an tAire Talmhaíochta, Bia agus na Mara, an tUasal Simon Coveney TD.

Tá tús curtha ag UCD le tógáil ar Áis Oideachais agus Taighde Déiríochta nua ag Feirm Taighde Lyons, chun tacú le cláir thaighde i dtáirgeadh déiríochta lena n-áirítear géineolaíocht, cothú agus bainistiú sláinte tréada. Agus acmhainn inti do 200 bó, is cuid d'infheistíocht sa bhreis ar €2 mhilliún í an áis le tacaíocht Dairymaster, Devenish Nutrition, Glanbia, Munster Cattle Breeding Group, Progressive Genetics agus Irish Holstein Friesian Breeders Association. Beidh an áis nua ag teacht i bhfeidhm agus tús á chur le mórleathnú ag an tionscal déiríochta in Éirinn tar éis cur ar ceal cuótaí bainne. Cumasóidh an áis seo taighde a chomhlánann é sin atá á dhéanamh in ionaid taighde eile in Éirinn.





*Cóip d'Fhéilire 2015 Chiste Leasa Ainmhithe UCD á bhronnadh ar Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks, ag (clé-deas) an Ollamh Grace Mulcahy, Déan, Scoil an Leighis Tréidliachta UCD, agus Bernadette Rafter Uasal, Ospidéal Tréidliachta UCD, ag tús 9ú Comhdháil bhliantúil Ospidéal Tréidliachta UCD, a d'oscail an tUachtarán.*




*I láthair (clé-deas) ag seoladh Áis Oideachais agus Taighde Déiríochta Lyons UCD, 10 Márta 2014: an Dr Finbar Mulligan, UCD; Charles Gallagher, Irish Holstein Friesian Association; an Dr Karina Pierce, UCD; Pat Ryan, Glanbia; an Dr Edmund Harty, Dairymaster; an tOllamh Orla Feely, UCD; an tOllamh Michael Monaghan, UCD; Pat Mulvehill, Munster Cattle Breeding Group; Brendan Scanlon, Géineolaíocht Chéimnitheach; Morgan Sheehy, Devenish Nutrition; agus Denis Herlihy, Glanbia.*

## Mic Léinn UCD in Éirinn

Mic Léinn **Fochéime** (FTE) 1,819



Mic Léinn **Iarchéime** (FTE) 464

**Líon Iomlán** Mac Léinn **2,283**

* = Thart ar 100 Duine

## Ioncam ó Thaighde



**€16,300,000**

Beidh na haschuir thaighde ón áis nua ar fáil trí fhoilseacháin, láithreán gréasáin tiomnaithe agus laethanta oscailte, agus freastalóidh an áis mar láthair taispeántais idirnáisiúnta do bharrmhaitheas i dteicneolaíocht déiríochta na hÉireann. Cuireadh tús leis an tógáil i mBealtaine agus measaim go dtabharfar chun críche é go luath i 2015, chun go dtiocfaidh an leathnú beartaithe ar an tréad i bhfeidhm tráth a mbeidh cuótaí bainne á gcur ar ceal in Aibreán 2015.

Tharla an dul chun cinn a rinneadh le bliain anuas de thoradh mianach cruthaíoch agus obair chrua na foirne acadúla agus tacaíochta gairmiúla sa Choláiste agus cuireann sé bonn an-láidir faoinár bhforbairt sa todhchaí.



An tOllamh Michael Monaghan
Príomhoide

*An chéad rang mac léinn a rolladh ar chlár 2+2 idir Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD agus Ollscoil Talmhaíochta na Síne Theas, leis an Dr Mary Forrest, an Dr Owen Doyle agus Damien Dempsey, a thaistil chun na Síne do sheachadadh na chéad modúl.*



# **Coláiste** na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh **UCD**





*Faighteoirí Fulbright UCD(clé-deas): Eoin Mc Evoy, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus Teangeolaíochta UCD; Shane Ó Ruairc, Coláiste Eoin, Baile an Bhóthair, Co. Bhaile Átha Cliath; Treasa De Loughry Uasal, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD; Niamh Murray Uasal, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD; Éilis Nic Aodhagáin Uasal, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD; an Dr Selena Daly, Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD; agus an Dr Enda Murphy, Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD. Níl an t-ochtú faighteoir, an Dr Cal Muckley, Scoil Ghnó UCD, sa ghrianghraf.*



**An tOllamh Maeve Conrick**
**Príomhoide an Choláiste**

Leas-Phríomhoide: An tOllamh Tadhg O'Keeffe

Stiúrthóir Scoil na gCéimithe: An Dr Alexander Wilkinson

Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama: An tUasal Feargal Murphy

Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta: An Dr Lynda Mulvin

Bhí bliain an-rathúil ag Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD i 2013/14, mórchuid gnóthachtálacha agus forbairtí bainte amach thar ár ngníomhaíochtaí uile, lena n-áirítear taighde, nuálaíocht agus tionchar, oideachas agus taithí an mhic léinn, agus rannpháirtíocht le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus náisiúnta.

## Buaicphointí

Ar na buaicphointí bhí seoladh tionscnaimh spreagúil i Nollaig 2013, *Laureate for Irish Fiction*, i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon, Ollscoil Nua-Eabhrac (NYU) agus leis an *Irish Times* mar chomhpháirtí na meán. Is é James Ryan, Stiúrthóir an MA agus an MFA sa Scríbhneoireacht Chruthaíoch i Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD a threoraigh an tionscnamh seo in UCD, agus úsáidfear é le litríocht na hÉireann a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus chun an pobal a spreagadh le dul i ngleic le ficsean Éireannach ardchaighdeáin.

I mbliana toghadh an tOllamh Mary Daly, Scoil na Staire agus Cartlannaíochta UCD agus iar-Phríomhoide Coláiste, mar Uachtarán ar Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA), acadamh na hÉireann do na heolaíochtaí, na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta. Is onóir ar leith é a bheith tofa mar Uachtarán ar an RIA agus ba mhór ag an gColáiste a chomhghairdeas a chur in iúl d'ár gcomhghleacaí, an tOllamh Daly, faoin sárghnóthachtáil seo.

Ba bhliain an-spreagúil freisin é 2014 do Scoil an Cheoil UCD, agus céad bliain den Cheol in UCD á cheiliúradh aici: i bhFeabhra 1914, bhunaigh an Ollscoil Cathaoir Cheoil agus Ollúnacht i gCeol na hÉireann. Tiomnaíodh roinnt comhdhálacha, ceolchoirmeacha *Festschrift* agus Léacht Cuimhneacháin Larchet don chlochmhíle seo.

Tá pleananna go maith chun cinn ar fud na Scoileanna le rannchuidiú UCD do Dheich mBliana de Chuimhneacháin a chur ar taispeáint. Ceapadh an Dr Conor Mulvagh ar Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD le clár imeachtaí agus gníomhaíochtaí a chomhordú leis an iliomad céad bliain suntasacha Éireannacha agus idirnáisiúnta, a tharlóidh as seo go ceann deich mbliana, a chomóradh.

Is mol gníomhaíochta cultúrtha an Coláiste, a bhfuil cuid mhór nasc aige le comhlachtaí agus eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta i gcur chun cinn gach cineál ealaíne ón drámaíocht go scannánaíocht go ceol. Chuireamar fáilte i mbliana roimh an ealaíontóir taibhithe Dominic Thorpe mar chéad Ealaíontóir Cónaitheach na nDaonnachtaí, i

gcomhpháirt le Cultúr Lab. Beidh Dominic ag comhoibriú le baill an Choláiste, go háirithe le Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Cultúrtha, ar léiriú ealaíonta de ghníomhaíochtaí taighde an Choláiste.

## Oideachas agus Rannpháirtíocht

Rangaíodh trí cinn de réimsí ábhar an Choláiste sna 100 is Fearr ar Domhan i rangú Ábhar QS: Teanga agus Litríocht an Bhéarla, Stair agus Nua-Theangacha.

Thug an Coláiste ceannaireacht sa chlár píolótach *Open Learning* agus Scoil na Seandálaíochta UCD ag cur modúil ar fáil do chohórt foghlaimeoirí aosacha do chreidmheas nó d'iniúchadh. Tá an clár píolóta leathnaithe amach anois le modúil ó Scoileanna eile sa Choláiste a chur san áireamh ann, mar aon le réimsí ábhar eile ar fud na hOllscoile.

Rinne an Coláiste thar a bheith go maith i nDámhachtaini Fulbright, ceithre cinn de na hocht dámhachtain, an méid ba mhó riamh, a bhain UCD á bhfáil acu. B'iad seo a leanas na faighteoirí: An Dr Selena Daly, comhalta iar-dhochtúireachta, Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD; Treasa De Loughrey Uasal, iarrthóir PhD, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD; an tUasal Eoin McEvoy, Teagascóir sa Ghaeilge, Scoil na Gaeilge, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta; agus Éilis Nic Aodhagáin Uasal, iarrthóir MA agus teagascóir, Scoil na Gaeilge, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD.

I gcuimhne duine de na húdair is mó geana in Éirinn, Maeve Binchy, agus an dúil a bhí aici sa taisteal, tá Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD tar éis Dámhachtain Taistil Maeve Binchy a thionscain. Cuireann an dámhachtain bhliantúil maoiniú ar fáil do mhac léinn UCD le deis taistil nuálaíoch a bheith acu a chuirfidh lena mbua scríbhneoireachta cruthaíche. Bronnadh an dámhachtain tionscain ar Henrietta McKervey, mac léinn MFA i scríbhneoireacht chruthaíoch UCD, i mBealtaine 2014, le comóradh lá breithe Maeve Binchy a cheiliúradh.

## Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Sheol Uachtaran na hÉireann, Michael D. Higgins *The Encyclopaedia of Music in Ireland* (EMIR), ar 4 Deireadh Fómhair 2013, an tionscadal taighde aonair is mó riamh a rinneadh ar an gceol in Éirinn. Ba iad an tOllamh Harry White, Scoil an Cheoil UCD, agus an tOllamh Emeritus Barra Boydell, NUI Maigh Nuad Eagarthóirí Ginearálta

**Tá Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh comhdhéanta d'ocht scoil:**

**Scoil na Seandálaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Tadhg O'Keeffe

**Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Cultúrtha UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Lynda Mulvin

**Scoil na gClasaicí UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Theresa Urbainczyk

**Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Anne Fogarty

**Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr John McCafferty


**Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Maire Ní Annracháin

**Scoil na dTeangacha agus na Litríochta UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Michael Brophy

**Scoil an Cheoil UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Julian Horton

**Déan na nEalaíon**
An Dr Joe Brady

*Amhail Meán Fómhair 2013*




*An tAire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Dinny McGinley TD, ag seoladh oifigiúil Dúchas.ie. Is taisclann béaloideasa Éireannach nua é Dúchas.ie agus tá thart ar 64,000 leathanach de bhéaloideas agus de stair áitiúil lámhscríofa ann a thaifead páistí scoile Éireannacha i 1937/38. Is cuid de Chnuasach Lámhscríofa na Scoileanna é seo atá ag an mBailiúchán Béaloideasa Náisiúnta i UCD.*




*I láthair (clé-deas) ag seoladh an* Encyclopaedia of Music in Ireland*: an tUachtarán Michael D. Higgins, agus na hEagarthóirí Ginearálta: an tOllamh Barra Boydell, Roinn an Cheoil, NUI Maigh Nuad; agus an tOllamh Harry White, Scoil an Cheoil UCD.*

EMIR. Is é Press UCD a d'fhoilsigh EMIR. Mhol an tUachtarán Higgins an obair "éacht iontach" a thug sé air "a cheadóidh dúinn teacht ar thuiscint cheart ar thuras ceoil an náisiúin, agus ar a bhuanmheasúnú agus ar a dhul chun cinn". Rinne Cumann Ceoleolaíochta na hÉireann Bonn Harrison a bhronnadh ar na comheagarthóirí ina dhiaidh sin mar aitheantas ar a gcion tairbhe iontach do dhisciplín na ceolaíochta.

Ar an iomlán is sampla é taifead foilseacháin an Choláiste den sármhaitheas i dtaighde agus i scoláireacht. Áiríodh ar an iliomad foilseachán suntasach: *Architecture since 1400*, An tOllamh Kathleen James Chakraborty (University of Minnesota Press, 2013); *Early Medieval Ireland, AD 400-1100 the Evidence from Archaeological Excavations*, an tOllamh Aidan O'Sullivan et al. (Acadamh Ríoga na hÉireann, 2014); *Technology Enhanced Language Learning: Connecting Theory and Practice*, Dr Goodith White et al. (*Oxford University Press, 2013*).

Mheall baill an Choláiste maoiniú taighde suntasach, comhghleacaithe ar fud an Choláiste ag fáil Comhaltachtaí Iardhochtúireachta agus Iarchéime na



*I láthair (clé-deas) ag bronnadh Dámhachtain Taistil Maeve Binchy: Niall MacMonagle, múinteoir agus léirmheastóir, agus ball de choiste roghnaithe na dámhachtana; an tOllamh Margaret Kelleher, Cathaoirleach na Litríochta Angla-Éireannaigh agus na Drámaíochta UCD, agus Cathaoirleach choiste roghnaithe na dámhachtana; Áine Gibbons Uasal, Leas-Uachtarán UCD don Fhorbairt; James Ryan, léachtóir, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD; Henrietta McKervey, faighteoir Dámhachtana Taistil Maeve Binchy; agus Gordon Snell, scríbhneoir scripte agus údar, agus fear chéile Maeve Binchy nach maireann.*



*Ollamh Emeritus UCD, Mary E. Daly, a toghadh mar an 55ú uachtarán agus céad ban-uachtarán Acadamh Ríoga na hÉireann le deireanaí .*

Comhairle um Thaighde in Éirinn. Áirítear ar shampla de chuid de na dámhachtainí is mó le rá rannchuidiú na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta do Thionscadal Digitithe an Chnuasaigh Béaloideasa Náisiúnta a rinne an tOllamh Rionach Uí Ogáin, Cnuasach Bhéaloideas Éireann/Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta; Dámhachtain Taighdeora Sinsearaigh *Wellcome Trust* don Dr Catherine Cox, agus an *Andrew W Mellon Foundation Scholarly Communications and Information Technology Program* don Dr Alexander Wilkinson, an bheirt acu i Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD; Comhaltacht CEFP7 Marie Curie Intra-Eorpach d'Fhorbairt Ghairme don Ollamh Theresa Urbainczyk, agus dámhachtain Fondúireachta Iasachta Chomhlachas Oceanides don Dr Philip de Souza, an bheirt acu seo i Scoil na gClasaicí UCD. Is mian liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht agus don chomhoibriu ó raon leathan comhpháirtithe agus gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta i dtacú le taighde nuálaíoch agus le gníomhaíochtaí oideachais an Choláiste.

Déanaim comhghairdeas le baill uile an Choláiste, na foirne agus na mac léinn ar chinntigh a gcomhiarrachtaí sárfheidhmíocht le linn 2013/14, agus tá mé ag súil lenár gcuspóirí agus le cuspóirí na hOllscoile a chur chun cinn sa blianta atá romhainn.

Maeve Conrick

An tOllamh Maeve Conrick
Príomhoide

## Mic Léinn UCD in Éirinn

Mic Léinn **Fochéime** (FTE) **2,659**

Mic Léinn **Iarchéime** (FTE) **609**

**Líon Iomlán** Mac Léinn **3,268**

* = Thart ar 100 Duine

## Ioncam ó Thaighde

**€4,400,000**

# **Coláiste** Gnó agus Dlí **UCD**








*Cruthú Chathaoir an Dlí Idirnáisiúnta agus Gnó McCann FitzGerald á fhógairt, a chumasaigh an chéad Chéim Máistreachta i nGnó Idirnáisiúnta agus Dlí dá sórt: (chun tosaigh, clé-deas) na mic léinn Robyn Daly, Maurice Walsh agus Rachel Duffy; agus (ar gcúl, clé-deas) John Cronin, Cathaoirleach McCann Fitzgerald, an tOllamh Andrea Prothero, Scoil Ghnó UCD, agus an tOllamh Colin Scott, Déan, Scoil Dlí UCD.*



**Professor Ciarán Ó hÓgartaigh**
**Príomhoide an Choláiste**

**Tá Coláiste Gnó agus Dlí UCD comhdhéanta de dhá scoil:**

**Príomhoide an Choláiste**
An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh

**Scoil Dlí UCD**
An tOllamh Colin Scott

*Amhail Meán Fómhair 2013*

Ba bhliain mhór í 2013/14 don Choláiste agus rinneadh mórchuid oibre le bunsraith a leagan d'fhorbairt leanúnach dhá Scoil an Choláiste.

## Forbairtí Coláiste

Ar cheann de mhórghnéithe na bliana bhí oscailt foirgnimh nua Scoil Dlí Sutherland UCD, agus ath-ainmniú na Scoile. An rud ba mhó a chuaigh i bhfeidhm ná a thapúla agus a ghlac an fhoireann agus na mic léinn an foirgneamh nua chucu féin agus rinne a gcuid féin de. Tá an bhraistint phobail atá á giniúint le tabhairt ar aird, mar is léir ón úsáid mhéadaitheach atá á baint as mar láthair chomhdhála agus imeachtaí for-rochtana.

Tháinig fás láidir ar líon agus ar cháilíocht ár mac léinn, mar aon lena n-aimsiú idirnáisiúnta. Mar shampla d'fháiltigh Scoil Ghnó Céimithe Michael Smurfit UCD roimh an líon ba mhó mac léinn riamh i 2013/14, ba mhic léinn idirnáisiúnta breis agus 40% díobh seo. Tháinig méadú suntasach freisin ar a éileamh ar ár gcláir fhochéime i Scoil Ghnó Lochlann Uí Chuinn UCD agus Scoil Dlí Sutherland UCD. Bhí an líon iarratas ba mhó le roinnt mhaith blianta ag an dá Scoil mar a léiríodh i gcéad roghanna an CAO.

Tá an Coláiste tiomanta do choincheap na foghlama leanúnaí ar feadh an tsaoil agus tá feidhmeanna tiomanta ag an dá Scoil chun na críche seo. Lean Forbairt Fheidhmeach Smurfit UCD ag déanamh dul chun cinn seasta i rith na bliana leis an líon is mó feidhmeannach go dtí seo, 1,600 díobh páirteach sa phunann mhéadaithe de chlár le rollú oscailte nó i bpunann de chláir chliant shaincheaptha ar díol suntais iad. I Scoil Sutherland UCD, tá ról tábhachtach ag teistiúchán CPD sa ghníomhaíocht aistriú eolais a lean ag fás i rith na bliana.

Cuireann ár rathúlacht i mic léinn iarchéime agus mic léinn iasachta a mhealladh, agus san oideachas leanúnach freisin, ar ár gcumas leibhéil shuntasacha ioncaim neamh-Státchiste a ghiniúint a ndéantar a ath-infheistiú ansin sna hacmhainní is tábhachtaí atá againn, na mic léinn agus an fhoireann.

Leanaimid orainn ag earcú dáin nua agus thacaigh clár forbartha na Scoile Gnó *Extending our Edges of Excellence* cruthú Ollúnachta in Anailísíocht Ghnó, á maoiniú ag ICON, mar aon le dúbailt na scoláireachtaí maoinithe go seachtrach a thairgtear dár mic léinn le tacaíocht NTR agus tabhartais eile mar bhronntanais ranga. Tá maoiniú d'Ollúnacht in Airgeadas Eitlíochta faighte freisin. D'fhág rathúlacht dá leithéid ag Scoil Dlí Sutherland UCD ceapadh Ollúnachta i nDlí Idirnáisiúnta agus Gnó, á maoiniú ag McCann FitzGerald. Tacóidh an ceapachán seo le forbairt bhreise clár taighde agus foghlama sa chomhéadan idir gnó agus dlí.



*Alumni Gnó UCD na bliana (clé-deas): Aidan Brady, CEO, Citibank Europe (dámhachtain Scoil Ghnó Lochlann Quinn UCD); Siobhan Talbot Uasal, Stiúrthóir Bainistíochta Grúpa, Glanbia (dámhachtain Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD); agus an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Déan, An Scoil Ghnó UCD.*

Cuireann na ceapacháin seo ar ár gcumas cláir nua agus idirdhisciplíne a thairiscint, mar aon lenár n-acmhainní taighde a mhéadú, dhá rud atá lárnach dár straitéis mar ollscoil chun aghaidh a thabhairt le chéile ar fhadhbanna domhanda substaintiúla. Treisíonn siad ár dtiomantas do cháilíocht a léirítear sa bhfoireann a earcaímid, i gcáilíocht na mac léinn agus i leitheadacht agus i ndoimhneacht ár dtaighde. Bíonn sé seo á léiriú freisin inár gcreidiúnuithe agus inár ranguithe.

## Creidiúnú

Is é Gnó UCD an t-aon scoil ghnó in Éirinn i gcónaí a bhfuil creidiúnú triarach aici ó AACSB (Comhlachas chun Scoileanna Gnó Coláisteacha a Chur Chun Cinn), EQUIS (Córas Feabhsú Cáilíochta Eorpach) agus AMBA (Comhlachas MBAnna) agus, mar thiomantas breise dár mac léinn, tá Scoil Smurfit UCD tar éis na Prionsabail d'Oideachas Bainistíochta Freagrach (PRME) a bhfuil tacaíocht na NA acu, a shíniú. Corpraíonn PRME sraith prionsabal deonacha ar féidir le scoileanna gnó cloí leo ar mhaithe leis na léargais agus na scileanna riachtanacha a chur ar fáil do cheannairí todhchaí, chun machnamh a dhéanamh, anailís chriticiúil a dhéanamh agus ceannaireacht a chur ar fáil maidir le freagracht corparáideach. Léiríonn tiomantas na Scoile do PRME an fócas atá sa Scoil ar fhreagracht chorparáideach agus inbhuanaitheach mar ghnéithe tábhachtacha de mheabhair-íomhá a fháil ar ghnó in athuair, ag teacht le straitéis na Scoile.

Choinnigh Gnó UCD a háit sna 100 scoil is fearr ar domhan dá cláir, de réir rangaithe ardcháil an *Financial Times* agus *Economist* agus i ranguithe QS. Rangaíodh Scoil Sutherland UCD i measc na 100 scoileanna dlí ceannródaíocha i Ranguithe Ollscoile Domhanda QS, an t-aon rangú idirnáisiúnta ar scoileanna dlí.

## Rannpháirtíocht Phobail

I rith na bliana bhi éileamh ar an bhfoireann agus ar mhic léinn mar shainthráchtálaithe, mar fhaighteoirí dámhachtainí agus i rólanna eile. Toghadh an tOllamh Ian O'Donnell do bhallraíocht san Academia Europae a ardghradaim, is ar cuireadh amháin a fhaightear ballraíocht, agus toghadh an tOllamh Imelda Maher ma Rúnaí na nEolaíochtaí Sóisialta agus na nDaonnachtaí d'Acadamh Ríoga Éireann.

Sheol an tUachtarán Michael D. Higgins a thionscnamh eitice do mhic léinn i Scoil Lochlann Uí Chuinn UCD agus bhí ár mac léinn bainteach go gníomhach le cur chun cinn an tionscnaimh thábhachtaigh seo trí cheannaireacht an Ollamh Andy Prothero.

Chuir foireann ón dámh seirbhísí rapporteur ar fáil ag Comhdháil Straitéise Eacnamaíoch Meántéarma de chuid na Roinne Airgeadais ar fáil, arbh ionchur tábhachtach í i bhforbairt straitéis na Roinne.




*I láthair (c-d) ag 3ú Fóram bliantúil Eacnamaíochta na hÉireann-na hAfraice a tionóladh i Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD: David Moore, Agricultural Magnetics Ltd; an tAire Stáit do Thrádáil agus Forbairt, Joe Costello TD; Aire Talmhaíochta na hAetóipe, Tefira Derebew; an tAire Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Simon Coveney TD; Gary Wickham, Agricultural Magnetics Ltd; Ambasadóir na hAetóipe go hÉirinn, A.O. Bean Lela-alem Gebreyohannes Tedla. Tá teicneolaíocht phaitinnithe á forbairt ag Agricultural Magnetics Ltd, cuideachta bunaithe i NovaUCD, le héifeachtúlacht spraeála barr a fheabhsú.*

*Peter Sutherland SC, ag labhairt ag oscailt Scoil Dlí Sutherland UCD.*




## Taighde

Tá stair láidir d'aschuir taighde agus cion tairbhe intleachtúil éagsúil agus tábhachtach ag Scoileanna an Choláiste. Áirítear orthu seo foilsiú i bpríomhirisí idirnáisiúnta, monagraif taighde, dualgais eagarthóireachta agus léirmheastóra ag príomhirisí acadúla, eagrú comhdhála, scríobh cás-staidéir, maoirseacht PhD agus scrúdú seachtrach agus naisc thaighde idirnáisiúnta. Lean ár n-aschur ag méadú i mbliana agus tá sroichint níos mó agus níos mó againn ar na hasraoin acadúla is fearr ar fad agus ar na príomhirisí idirnáisiúnta.

Tugadh aird ar leith i mbliana ar an rogha páipéir ag an Ollamh John Geary mar cheann de 25 cinn i mbailiúchán speisialta de chion tairbhe den scoth agus taighde ceannródaíoch, a foilsíodh in *Work Employment and Society (WES)* thar na 25 bliana deireanach den fhoilsiú.

## Rialachas

Ceapadh an tOllamh Joe McMahon ina Dhéan nua ar Scoil Sutherland UCD i gcomharbacht ar an Ollamh Colin Scott a bhfuil ról an Phríomhoide á ghlacadh aige i gColáiste na nEolaíochtaí Daonna UCD.

Is é an tUasal Niall Fitzgerald, iar-CEO Unilever agus alumnus de chuid Scoil Lochlann Uí Chuinn UCD, Cathaoirleach nua Bhord Comhairliúcháin Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit UCD i gomharbacht ar an Uasal Paul Haran, a d'fhóin don Scoil le gradam ar feadh roinnt mhaith bliana.

Creidim go dtabharfaidh an dá cheapachán seo diminsin agus peirspictíochtaí nua leo. Tá Éire ag teacht as tréimhse dhúshlánach mar thír. Tá a lán le foghlaim againn agus mar sin tá a lán le teagasc againn as ár dtaithí le gairid; ceachtanna faoi theacht aniar i ngnó agus faoi luachanna institiúideacha agus aonair a chothaíonn an todhchaí. Tá sé i gceist againn na ceachtanna seo a




*Comóradh 50 bliain clár MBA Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD á cheiliúradh: Joseph O'Loughlin, ón gcéad rang i 1964, lena iníon, Ciara, a chríochnaigh a MBA i 2013.*




*I láthair (clé-deas) ag seoladh dírbheathaisnéise an Dr Michael Smurfit, A Life Worth Living, ag Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD: an Dr Denis O'Brien, an Dr Michael Smurfit agus an Dr Dermot Desmond.*

léiriú inár dtaighde agus inár dteagasc, agus inár dtuiscint ar nasc leis an domhan, agus tá mé ag súil le tuairisc a thabhairt air seo i dtuarascálacha sa todhchaí.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe, idir acadúil agus neamhacadúil, dá gcuid oibre, a ndíograis agus a dtiomantas sa bhliain atá caite. Is iad sin, maraon leis na mic léinn, a fhágann gur ann don Choláiste. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt ach go háirithe d'obair an Ollaimh Colin Scott mar Dhéan Scoil Dlí Sutherland UCD, agus dea ghuí a ghuí air agus é ag dul ar aghaidh chuig dúshláin nua. Beidh sé ina chara maith ag an gColáiste i gcónaí.

Ciarán Ó hÓgartaigh

An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh
Príomhoide

## Ioncam ó Thaighde


**€4,400,000**



* = Thart ar 100 Duine

## Mic Léinn UCD in Éirinn

Mic Léinn **Fochéime** (FTE) **2,215**




Mic Léinn **Iarchéime** (FTE) **1,942**

**Líon Iomlán** Mac Léinn **4,157**

## Oibríochtaí Thar Lear


Mic Léinn **Fochéime** (FTE) **4,336**



Mic Léinn **Iarchéime** (FTE) **357**

**Líon Iomlán** Mac Léinn **4,693**

# Coláiste Innealtóireachta agus Ailtireachta UCD



*Bhuaigh Rory Heffernan, mac léinn Taighde PhD i Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD duais chomórtas íomhánna taighde SFI 2013 dá íomhá de nan-ailt .*



**An tOllamh Gerald Byrne Príomhoide an Choláiste /Déan na hInnealtóireachta**

Leas-Phríomhoide agus Déan Comhlach Clár Múinte Innealtóireachta: An tOllamh Bruen

Déan na hAiltireachta: An tOllamh Hugh Campbell

Déan Comhlach na hAiltireachta: An tUasal Dan Sudhershan

Is maith liom a thuairisc go raibh sárfheidhmíocht ag Coláiste Innealtóireachta agus Ailtireachta UCD le bliain anuas. Chláraigh an Coláiste breis agus €14m i ndeontais taighde don tréimhse. Tháinig méadú freisin ar mhaoiniú an Choimisiúin Eorpaigh agus is ionann é agus 23% de na deontais nua a cláraíodh i rith a bliana, thar raon clár lena n-éirítear dámhachtainí na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC).Tá an Coláiste ina óstach faoi láthair do thriúr sealbhóirí dámhachtaine ERC, lena n-áirítear an duine is deireanaí díobh, an Dr Aoife Gowen Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais UCD, a bhain Dámhachtain Tionscnaimhdá tionscadal BioWater: *Development of new chemical imaging techniques to understand the function of water in biocompatibility, biodegradation and biofouling.* Seoladh Clár Comhaltachta ENERGY 21 UCD i mbliana freisin. Tairgeann sé seo dámhachtainí comhaltachta á maoiniú ag clár Gnímh COFUND Marie Sklodowska-Curie Choimisiún na hEorpa, á óstáil ag Institiúid Fuinnimh UCD, agus é d'aidhm aige taighde fuinnimh Eorpach a neartú mar aon le comhpháirtíochtaí atá ag dul i méid idir an saol acadúil agus an tionsclaíocht.

## Dámhachtainí agus Gradaim

Fuair foireann an Choláiste roinnt dámhachtainí taighde ardghradaim agus gradaim i rith na bliana atá caite. Tá an liosta rófhada le tuairisic chuimsitheach a thabhairt air sa tuarascáil seo; mar sin níl ach líon beag díobh san áireamh thíos.

Bronnadh an dámhachtain tras-mhódúil i gcomórtas Seaimpíní AE um Thaighde Iompair ar an Ollamh Eugene O'Brien, Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúrach agus Comhshaoil UCD faoi thionchar a chuid oibre thar roinnt tionscadal maoinithe ag an AE bainteach le ualú tráchta droichid, a bhfuil infrastruchtúir níos inbhuanaithe de thoradh orthu. Liostaíodh an tOllamh Colm O'Donnell, Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais UCD i measc na n-ainmneacha is mó tionchair san eolaíocht i dtiomsú Thomson Reuters de Thaighdeoirí Ardlua.

Bhain foireann i Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD roinnt dámhachtainí i réimse na nuálaíochta. Bhain APC Teo, comhbhunaithe ag an Ollamh Brian Glennon agus an Dr Mark Barrett, dhá Dhámhachtain Saotharlainne de chuid na hÉireann. Bhain OxyMem Teo, mac-chuideachta comhbhunaithe ag an Ollamh Eoin Casey agus an Dr Eoin Syron, Dámhachtain Saotharlainne Éireann freisin, chomh maith leis an gcéad Dámhachtain SME Nuálaíochta Uisce san Eoraip, do Theicneolaíochtaí Scannáin. Fuair an tOlllamh Ravi Thampi, an Dr Owen Byrne agus an Dr Praveen Surolia Dámhachtain Taighde 2013 de chuid Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann. Bhí nuálaíocht ghréine theicniúil bainteach leis an tionscadal rathúil a shaothróidh solas istigh chun cumhacht a thabhairt do bhraiteoirí gan sreang don teocht, do sholas agus d'áitíocht, agus ar féidir a úsáid mar chuid de chóras rialaithe greille cliste laistigh d'fhoirgnimh. Chomh maith leis seo bhain




*Ag Dámhachtainí InterTradeIreland 2014 de chuid an* Irish Times *bronnadh Dámhachtain Nuálaíochta na Bliana ar OxyMem, mac-chuideachta UCD. I láthair (clé-deas):Thomas Hunter McGowan, InterTradeIreland; an tOllamh Eoin Casey, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD agus comhbhunaitheoir, OxyMem; Wayne Byrne, CEO, OxyMem; An Taoiseach Enda Kenny TD; agus Liam Kavanagh,* Irish Times.

Rory Heffernan, mac léinn Taighde PhD i ngrúpa taighde an Ollaimh Eoin Casey, Comórtas Íomhá Taighde SFI 2013 dá íomhá de Nana-ailt. D'éirigh leis an íomhá seo a fháil i gcomhar leis an Dr Ian Reid.

Bronnadh Dámhachtain an Bhoinn Óir de chuid na hInstitiúide um Bhailchríoch Ábhar, an gradam is mó a thugann an Institiúid, ar an Dr Denis Dowling, a bhfuil comhcheapachán aige idir Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD, agus Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar. Is é seo an 15 uair i stair 88 bliana na hInstitiúide ar bronnadh an bonn seo, agus is é an Dr Dowling an chéad Éireannach a fuair.

Ghlac an Dr Eoin O' Cearbhaill, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD leis an Dámhachtain do Tháirge Nuálaíoch na Bliana ag searmanas de chuid na nInnealtoirí Ceimicí (IChemE) sa RA, d'obair a rinne sé féin agus a fhoireann sna SA i bhforbairt paiste micrea-snáthaid greamaithigh a chomhghlasann le fíochán. Bhain an tUasal Patrick Joy, céimí san Innealtóireacht Mheicniúil (1974),ón déantúsóir Suretank lonnaithe I gContae Lú, Dámhachtain Fiontraithe na Bliana de chuid Ernst & Young 2013.

Tá na hAiltirí O'Donnell agus Tuomey (John Tuomey, Ollamh le Dearadh Ailtireachta, agus Sheila O'Donnell, Léachtóir Stiúidió i Scoil na hAiltireachta UCD san áireamh ar an ngearrliosta don 2014 *Royal Institute of British Architects (RIBA) Stirling Prize for the Best New Building*, dá n-iontráil *Saw Swee Hock Student Centre, London School of Economics*. Is í an duais seo an gradam ailtireachta is mó a bhronnann an RIBA.



*An Dr Denis Dowling a bhfuil comhcheapachán aige idir Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD agus Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD, agus Bonn Óir ón Institute of Materials Finishing (IMF) á bhronnadh air ag Uachtarán na hInstitiúide, an Dr Paul Lansdell. Is é an Bonn Óir an gradam is mó a dhámhann an Institiúid.*

Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta agus Stiúrthóir Scoil na gCéimithe:
An tOllamh Tony Fagan

Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama:
An tOllamh Colm O'Donnell

Leas-Phríomhoide don Idirnáisiúnú:
An Dr Mark Richardson

**Tá Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD comhdhéanta de sé scoil:**

**Scoil Ailtireachta UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
An tOllamh Hugh Campbell

**Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Francis Butler

**Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Don MacElroy

**Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúrach agus Comhshaoil UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Mark Richardson

**Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Tom Brazil

**Scoil na hInnealtóireachta Meicniúil agus Ábhair UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Michael Gilchrist

*Amhail Meán Fómhair 2013*



*Bhí na hAiltirí O'Donnell and Tuomey (John Tuomey, Ollamh le Dearadh Ailtireachta UCD, agus Sheila O'Donnell, Léachtóir Stiúideo, Scoil na hAiltireachta UCD) ar an ngearrliosta do Dhuais Stirling 2014 de chuid an Royal Institute of British Architects (RIBA), don Fhoirgneamh Nua is Fearr.*

## Cláir

Tugadh isteach struchtúr an 3+2 BSc (Ailtireacht) agus M Arch le deireanaí agus fuarthas líon láidir iarratas don chlár M Arch ó iarratais AE agus NeamhAE araon. Lean céad roghanna agus an líon mac léinn ag fás san Ailtireacht agus san Innealtóireacht araon, agus d'fháiltigh Innealtóireacht roimh an líon ba mhó riamh mac léinn céad bliana ar an ollchlár i Meán Fómhair 2013. Reáchtáladh Scoil Shamhraidh Ailtireachta tionscnaimh i Richview agus i lár na cathrach i rith Iúil 2014, a raibh freastal maith air ag mic léinn Éireannacha agus idirnáisiúnta araon.

I dteannta an teagaisc agus an taighde, tá idirnáisiúnú ina phríomhréimse tosaíochta don Choláiste i gcónaí. Síníodh Meabhrán Tuisceana sa bhliain atá caite le: Roinn na hInnealtóireachta Beachtais agus Optaileictreonaice, Ollscoil Tianjin; IIT Kharaghpur; Ollscoil George Mason; agus Roinn na hAiltireachta, Shanghai Jiao Tong. Ina theannta, síníodh comhaontú malartaithe le hOllscoil na hEolaíochta agus na Teicneolaíochta Hong Kong.

Bhí conair fhorbraíoch Choláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD thar a bheith láidir ó foirmíodh é trí bliana ó shin. Tá ról ceannaireachta náisiúnta criticiúil ag an gColáiste i ngairmeacha na hailtireachta agus na hinnealtóireachta in Éirinn. Agus mo théarma mar Phríomhoide Coláiste agus Déan na hInnealtóireachta tugtha chun críche i Lúnasa 2014, gabhaim buíochas le foireann uile an Choláiste as a gcion tairbhe iontach do ghnóthachtálacha an Choláiste. Guím gach rath ar an té atá ag teacht i gcomharbacht orm, an tOllamh David FitzPatrick, ina ról nua.

Gerry Byrne

An tOllamh Gerry Byrne
Príomhoide




*Laura Tobin, mac léinn PhD san innealtóireacht, UCD, buaiteoir dámhachtain CleanWeb Sprint UCD. Díríonn a smaoineamh gnó luathchéime ar LEDanna mar fhoinse solais mhalartach d'ionsamhlóirí gréine, agus tá sé á fhorbairt óna taighde i gcomhar leis an Ollamh Ravindranathan Thampi, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD faoi mhaoirseacht an Ollaimh John T. Sheridan, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide UCD.*



## Teachtaireacht ó Phríomhoide nua an Choláiste

Is gearr go ngabhfaidh mé i mbun oibre mar Dhéan na hInnealtóireachta agus Príomhoide an Choláiste do Choláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD, agus tá mé ag súil le tógáil ar an bhfás agus ar an bhforbairt a baineadh amach le trí bliana anuas, ó bhunú an Choláiste.

Ba mhaith liom an deis seo a thógáil le buíochas a ghabháil leis an Ollamh Gerry Byrne as a cheannaireacht agus an tiomantais a léirigh sé don Choláiste le linn a thréimhse mar phríomhoide. Tá sé tráthúil freisin comhghairdeas a dhéanamh le Gerry as ollúnacht oinigh a fháil ó Ollscoil Tianjin, sa tSín, mar aitheantas ar a cheannaireacht idirnáisiúnta gan sárú i réimse an taighde innealtóireachta ard-déantúsaíochta agus mar aitheantas ar a rannchuidiú d'fhorbairt taighde innealtóireachta déantúsaíochta sa tSín.

Beidh rathúlacht leanúnach an Choláiste á tiomáint ag ár gcumas mic léinn den scoth a mhealladh isteach sna cláir fhochéime agus céime, áiseanna agus acmhainní an Choláiste a leathnú, teacht i dtír ar dheiseanna méadaitheacha do mhaoiniú taighde, rannpháirtíocht le tionsclaíocht a chothú, agus comhoibriú agus naisc idirnáisiúnta san oideachas agus i dtaighde a chur chun cinn.

Agus láithreacht idirnáisiúnta an Choláiste á forbairt sa bhliain atá romhainn, tógfaimid na céad chéimeanna eile i dtreo creidiúnú na SA don Ailtireacht (M Arch) a bhaint amach, rathúlacht bhreise i maoiniú do chlár taighde idirnáisiúnta a bhaint amach, agus ár naisc le príomhionaid sármhaitheasa thar disciplíní na hinnealtóireachta agus na hailtireachta a dhoimhniú.

Tá mé ag súil le dul ag obair le baill an Choláiste agus na hOllscoile níos leithne leis an gColáiste a chur chun cinn tuilleadh.


An tOllamh David FitzPatrick
Príomhoide Nuacheaptha

*I láthair (clé-deas) ag pléphainéil Chumann na gCéimithe Innealtóireachta (EGA) ar Dhéantúsaíocht Innealtóireachta agus Cruthú Post in Éirinn, Deireadh Fómhair 2013: Uachtarán EGA, PJ Rudden; an tOllamh Gerry Byrne, Príomhoide, Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD; An Taoiseach Enda Kenny TD; agus Uachtarán UCD, an Dr Hugh Brady.*



## Mic Léinn UCD in Éirinn

Mic Léinn **Fochéime** (FTE) **1,007**




Mic Léinn **Iarchéime** (FTE) **622**

**Líon Iomlán** Mac Léinn **1,629**

## Oibríochtaí Thar Lear

Mic Léinn **Fochéime** (FTE) **117**



Mic Léinn **Iarchéime** (FTE) **15**

**Líon Iomlán** Mac Léinn **132**

* = Thart ar 100 Duine

## Ioncam ó Thaighde

**€21,500,000**





*Ag bronnadh céimeanna Leighis UCD i Halla Uí Raghallaigh, Meitheamh 2014, bronnadh céimeanna sa Leigheas ar 200 mac léinn fochéime agus iontrálaithe céimí, agus bronnadh raon iarchéimeanna taighde ar 54 mac léinn iarchéime.*



**An tOllamh Desmond Fitzgerald Príomhoide an Choláiste**

Cuireann Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte UCD lena trí Scoil (Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD, Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte agus Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe, agus Eolaíocht an Daonra UCD) le folláine agus cúram sláinte phobal na hÉireann trí thaighde, oideachas agus oiliúint.

## Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Baineann ár gclár taighde le speictream cúram sláinte, ó eolaíocht bhithleighis bhunaidh, míochaine aistritheach, córais sláinte, ICT don tsláinte, eolaíocht taibhithe agus sláinte phoiblí. Tá sé d'aidhm aige tuiscint níos fearr ar mheicníochtaí galair a fhorbairt agus na torthaí seo a aistriú isteach i gcleachtas cliniciúil. Tá mórfhócas ar fholláine agus ar shláinte phoiblí a fheabhsú. Áirítear ar áiseanna taighde ardchaighdeáin an Choláiste an tIonad Taighde ar Ghalair Thógálacha, Ionad Taighde Cliniciúil UCD, Institiúid Deirmeolaíochta Charles um Thaighde agus Oiliúint, Córais Bhitheolaíochta Éireann (SBI), agus Institiúid Mhic Con Mí do Thaighde Bithmhóilínigh agus Bithleighis UCD.

Le bliain anuas roghnaigh UCD Míochaine Córas agus Anailísíocht Sonraí i gCúram Sláinte mar a rogha téama taighde. Áirítear anseo Sláinte Nasctha, clár ar leith a iniúchann feidhmiú na teicneolaíochta i gcúram sláinte thar ospidéil, cúram príomha agus othair. Oibríonn an clár go dlúth le roinnt mhaith páirtithe leasmhara, lena n-áirítear tionsclaíocht trí Thaighde Feidhmeach do Sláinte Nasctha (ARCH), ionad teicneolaíochta á mhaoiniú ag Fiontraíocht Éireann. Chomh maith leis seo, treoraíonn UCD an Gréasán Eorpach do Chomh-mheasúnú Teicneolaíochtaí Sláinte Nasctha (ENJECT) thar 12 tír. Tá Scoileanna eile rannpháirteach sa téama seo freisin. Is iad an Dr Eileen Furlong agus an Dr Patricia Fox (Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD) PríomhThaighdeoirí UCD ar chlár de chuid Fiontraíocht Éireann dár teideal *eSMART: e-Symptom Management using ASyMS* (Ardchóras Bainistíochta Siomptóim), a bhfuil cianteicneolaíocht á forbairt aige i gcúram othair le hailse.

D'fhorbair taighdeoirí ag Ospidéal Mhuire na Leanaí i gCromghlinn, agus Ospidéal Ollscoile na Leanaí, Sráid an Teampaill, trí thástáil ghéiniteacha nua a seoladh ar Lá Eorpach na nGalar Neamhchoitianta, 28 Feabhra 2014. Tugadh cuireadh freisin don Dr Sean Ennis, Stiúrthóir Ionad Acadúil UCD ar Ghalair Neamhchoitianta labhairt leis an gComhchoiste Oireachtais um Shláinte ag cruinniú a tionóladh leis an lá a chomóradh.

## Oideachas agus Taithí Mac Léinn

Ullmhaíonn cláir oiliúna agus oideachasúla an Choláiste na mic léinn le sárchúram othair a sheachadadh, agus le

bheith ina ngníomhairí ar son athraithe sa chóras sláinte. Cuireann ár n-ospidéil oiliúna náisiúnta chleamhnaithe sárthaithí cliniciúil ar fáil do mhic léinn agus do dhaoine faoi oiliúint.

Ina theannta, tá clár idirnáisiúnta leathan againn, lena n-áirítear: Coláiste Liachta Penang sa Mhalaeisia, i gcomhar le Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn; comhchlár MSc i dtaighde aistritheach le hOllscoil Shenzhen sa tSín; agus Staidéar Thar Lear agus Scoileanna Samhraidh. Meallann siad seo mic léinn altranais ó gach cearn den domhan. Leanaimid orainn ag forbairt na gclár le hathrú ar oideachas cúram sláinte a threorú.

I Meán Fómhair 2013, d'óstáil Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD comhdháil bhliantúil an Ghrúpa Eolaíochtaí Sláinte Universitas 21, oideachasóirí cúram sláinte ó gach áit ar domhan i gceardlann ar shábháilteacht othar agus na meáin shóisialta in oideachais liachta.

I Márta 2014, threoraigh Jean Giddens, Déan agus Ollamh sa Scoil Altranais, Virginia Commonwealth University, ceardlann trí lá don fhoireann ar Churaclam Bunaithe ar Choincheap. Díríonn sé seo ar ghairmithe cúram sláinte a fhorbairt don 21 haois agus tugann tacaíocht do chláir nua iontrála do chéimithe i leighis agus i bhfisiteiripe, MSc i bhFisiteiripe á thabhairt chun críche ag an gcéad chohórt i 2013.

Tá cláir oiliúna iarchéime uathúla forbartha ag an gColáiste freisin, lena n-áirítear clár ildisciplíne i gcórais leighis/bhitheolaíochta, ar bronnadh Duais Saotharlainne Oideachais na hÉireann ar an SBI dá bharr i 2013. Bhunaigh SBI freisin sraith seimineár fiontraíochta *The Art of the Start*, chun nuálaíocht a spreagadh agus a chur chun cinn i measc taighdeoirí óga.

## Caidreamh agus Comhpháirtíocht

Oibríonn Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte UCD go dlúth leis an bpobal agus le tionscal cúram sláinte chun cúram sláinte slán agus éifeachtach a sheachadadh agus chun taithí an othair a fheabhsú. Threoraigh Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD dhá thionscnamh dá leithéid, Ionad Taighde Forbairt Daonna agus Luath-Óige UCD, á stiúradh ag an Ollamh Richard Tremblay, agus an tIonad um Shláinte agus um Thaighde Aiste Bia (CHDR) de chuid an Bhord Taighde Sláinte Náisiúnta, á threorú ag an Ollamh Cecily Kelleher agus ag an Ollamh Ivan Perry (UCC). I 2013/14 tugadh isteach clár scagthástála HIV tapa, ardrathúil, bunaithe ag Ospidéal Ollscoile an Mater

**Tá Scoil na nEolaíochtaí Sláinte UCD comhdhéanta de thrí scoil:**

**Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
An tOllamh
Patrick Murray

**Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
An Dr Martin McNamara

**Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
An tOllamh
Cecily Kelleher

*Déan na Fisiteiripe*
An tOllamh
Brian Caulfield

*Amhail Meán Fómhair 2013*

*Fuair an tOllamh Carel le Roux (ar chlé) Dámhachtain Taighdeoir Óg Uachtarán na hÉireann (PIYRA) de chuid Fondúireacht Eolaíochta Éireann i Márta 2014. É i láthair anseo leis an Uachtarán Michael D. Higgins agus leis an Ollamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann.*






*Mark English, mac léinn leighis dara bliana UCD agus Scoth-Lúthchleasaí Ad Astra, leis an mbonn Cré-Umha a bhain sé don rás 800m ag Craobhchomórtais Raoin agus Faiche na hEorpa i Zurich, i mí Lúnasa.*

Misericordiae agus á stiúradh ag an Dr Paddy Mallon (Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD). Tá taighdeoirí an Choláiste rannpháirteach freisin i gcomhpháirtíochtaí móra Eorpacha, lena n-áirítear dhá cheann a bhfuil cur chuige córas á bhfeidhmiú acu i mbitheolaíocht agus i leigheas ar fud na hEorpa, is iad sin Infrastructure for Systems Biology Europe (ISBE), agus Coordinating Systems Action Medicine (CASyM).

Tá caidreamh le hothair agus le grúpaí othar tábhachtach dúinne. I mí Eanáir, tháinig daoine a tháinig slán ón ailse, tacadóirí othar, cliniceoirí agus eolaithe bainteach le taighde ailse le chéile sa chéad Teach Oscailte Ailse Bhaile Átha Cliath Thoir UCD. Chuir an t-imeacht uathúil seo ionad ilfhreastail ar fáil don iliomad páirtithe leasmhara a bhi gafa leis an gcath in aghaidh na hailse agus an deis an rannchuidiú atá á dhéanamh ag gach ceann acu a phearsanú.

## Pobal

Is iad na mic léinn, an fhoireann agus an dámh, cuisle an Choláiste, agus is ionann rathúlacht an Choláiste agus a rathúlacht siúd. Ba é an tOllamh Carel Le Roux a fuair Dámhachtain Taighdeora Óig Uachtarán na hÉireann, á bhronnadh ag an Uachtarán Michael D. Higgins, i Márta, mar aitheantas ar a thaighde i murtall agus i ngalair ghaolmhara. Dámhadh Comhaltacht Iardhochtúireachta Sir Henry Wellcome ar an Dr Colm J. Ryan, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD, an chéad duine in Éirinn a bhain an t-ardghradam seo. In Eanáir 2014, ceapadh an tOllamh Martin Steinhoff mar Ollamh le Deirmeolaíocht, agus mar stiúrthóir ar Institiúid Deirmeolaíochta Charles UCD. Fuair roinnt den dámh dámhachtainí, lena n-áirítear an Martin McNamara, Déan an Altranais, ar bronnadh céim oinigh Dochtúir Eolaíochta air ó Ollscoil Connecticut. Bhí an tOllamh Philip Larkin ar dhuine de dheich scoláire de chuid UCD a bhain Dámhachtain Scoláire Fulbright. Ní féidir liom gach duine a lua anseo (cé go mba mhaith liom é), ach deirim arís go bhfuil an beagán ar leagadh béim orthu anseo chun tosaigh i measc pobal ardtallainne.

Thug UCD agus daoine eile aitheantas freisin do roinnt de alumni is suntasaí an Choláiste i rith na bliana. Bhain an tOllamh Sir Stephen O'Rahilly (Leigheas UCD 1981) Bonn Ulysses UCD dá thaighde eisceachtúil ar údair ghéiniteacha diaibéitis agus murtaill inchrínigh, agus bronnadh céim oinigh Dochtúir Leighis NUI ar an alumnus oirirc Dato UCD an Dr Leslie Lam (Leigheas UCD 1967),mar aitheantas ar a ghnóthachtálacha i gcairdeolaíocht chliniciúil. I Márta, tugadh onóir don Dr Garret A. FitzGerald (Leigheas UCD 1974) nuair a bhronn an Taoiseach, Enda Kenny TD, Bonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig tionscnaimh de chuid Fondúireacht Eolaíochta Éireann air, i Washington DC.





*An Dr Martin McNamara (sa lár), Déan an Altranais, Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD, agus céim Dochtúireachta Eolaíochta oinigh (DSc) á bronnadh air ó Ollscoil Connecticut, SAM.*



*An Dr Barry Greene, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD, agus Seamus Small, comhbhunaitheoirí Kinesis Health Technologies Teo, mórbhuaiteoir Chlár Luasghéaraithe VentureLaunch UCD 2013.*

## Mic Léinn UCD in Éirinn




## Ioncam ó Thaighde

**€22,500,000**

### Forbairtí Coláiste

Ba mhórfhorbairt í foirmiú Ghrúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann (IEHG), comhpháirtíocht 11 ospidéal agus UCD a fhreastalaíonn ar 1.2m duine le buiséad €700 milliún. Áirítear sa gcomhpháirtíocht ár bpríomhospidéil oiliúna, Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae, Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann agus an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais. Is comhpháirtí é UCD freisin leis an nGrúpa Ospidéal Péidiatraice Náisiúnta a bunaíodh le deireanaí. Éascóidh an grúpa IEHG forbairt an ghréasáin eolaíochtaí sláinte acadúla is mó in Éirinn, áit a bhfuil an taighde agus an t-oideachas i gcroílár cúram sláinte a athrú ó bhonn in Éirinn.

I mbliana freisin sheol an tAire Taighde agus Nuálaíochta, Seán Sherlock TD, áis Chórais Bhitheolaíochta Éireann.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann agus leis na mic léinn a rannchuidíonn ar bhealach an-mhór le cúram sláinte agus folláine mhuintir na hÉireann agus tuilleadh lena chois. Ba mhaith buíochas a ghabháil freisin lenár gcomhpháirtithe sna hospidéil agus sa phobal a bhfuil an uaillmhian chéanna acu agus a chuireann tacaíocht ollmhór ar fáil do na mic léinn. Tá mé ag súil le bheith ag obair libh go léir agus sinn ag leanúint orainn chun clár eolaíochtaí sláinte ardchaighdeáin a neartú in UCD.

An tOllamh Des Fitzgerald,
Príomhoide

*I láthair (clé-deas) agus an 4 Iúil á chomóradh le linn freastal ar Scoil Shamhraidh Altranais UCD: Kailee Schmitt (Ollscoil Nebraska) agus Ryan Profetto, Campbell O'Connor agus Rubby Koomson (ó Ollscoil Connecticut iad uile).*





Sa ghrianghraf an chéad ghrúpa mac léinn in Éirinn a thug a gcúrsa chun críche trí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus a fuair Teastas sa Staidéar Comhionnanais UCD, ag a searmanas dámhachtainí in Aibreán. Scoil an Cheartais Shóisialta UCD, i gcomhpháirt le Cumann Bodhar na hÉireann a sheachaid an cúrsa.



**An tOllamh Brian Nolan Príomhoide an Choláiste**

Stiúrthóir na Scoile Céimithe: An Dr Conor Galvin

Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama: An Dr Barbara Dooley

Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta: An tOllamh Alun Jones

Leas-Phríomhoide don Idirnáisiúnú: An Dr Jos Elkink

Ba phribhléid domsa fónamh mar Phríomhoide Choláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD ó 2011, agus oibriú sa ról sin le foireann thar a bheith tiomanta agus rannpháirtithe an Choláiste. Clúdaíonn an Coláiste réise an-leathan ó thaobh disciplíní agus réimsí taighde agus teagaisc, é aontaithe i bhfís chomhroinnte de thábhacht na n-eolaíochtaí sóisialta d'fholláine na nglúnta reatha agus todhchaí. Agus mo thréimhse mar Phríomhoide á tabhairt chun críche, déanaim comhghairdeas le mo chomhghleacaithe uile ar an dul chun cinn atá déanta le linn an ama sin agus, le gairid i 2013/14, i bhfoghlaim agus i dtaithí mac léinn a fheabhsú, in aschur agus tionchar taighde a mhéadú, agus in idirnáisiúnú agus rannpháirtíocht sochaíoch a neartú.

## Teagasc agus Foghlaim

Leanann na cláir fhochéime atá lárnach do ghníomhaíochtaí an Choláiste (an BA á sheachadadh i bpáirt le Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh, and Baitsiléir na nEolaíochtaí Sóisialta) ag mealladh comhlacht mac léinn atá an-mhór agus an-éagsúil. Tugann raon na réimsí ar féidir staidéar i gcomhar a dhéanamh orthu sna cláir seo, thar na heolaíochtaí daonna agus ag cuimsiú disciplíní agus réimsí eile trí struchtúir na *Horizons*, an deis do gach mac léinn na hábhair spéise intleachtúla nó na mianaidhmeanna ar leith atá aige nó aici a leanúint. Lean feabhsúchán teagaisc agus foghlama, á threorú ag an Dr Barbara Dooley mar Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama, ag díriú ar thacú leis an aistriú isteach san ollscoil agus an dul chun cinn trí chláir fhochéime, an phiarmheantóireacht ag cruthú go han-chuiditheach anseo, agus ar thacú leis an bhfoireann i bhforbairt leanúnach na gcúrsaí a theagascann siad agus a gcleachtas teagaisc féin. Ag an leibhéal iarchéime tugadh éagsúlacht chlár múinte nua isteach agus cuireadh le cláir atá ann cheana, agus an ról Stiúrthóir Staidéar Céimithe á ghlacadh ag an Dr Conor Galavin i 2013/14. Is cuid lárnach de ghníomhaíocht thaighde an Choláiste iad mic léinn taighde iarchéime agus cinntíonn na cláir struchtúracha a leanann siad go bhfaigheann siad oiread agus is féidir as an infheistíocht shubstaintiúil ama agus iarrachta ina gcuid staidéar.

## Cultúr, Geilleagar agus Sochaí

Tá gníomhaíochtaí taighde an Choláiste dírithe go háirithe ar phríomhréimse taighde téamach na hOllscoile de Chultúr, Geilleagar agus Sochaí agus chinntigh an tOllamh Alun Jones, Leas-Phríomhoide an Choláiste do Thaighde agus Nuálaíocht, go bhfuil tacaíocht chuí ag an bhfoireann acadúil ina gcuid taighde, lena n-áirítear dul san iomaíocht don mhaoiniú a theastaíonn. Is cruthú é an sreabhadh marthanach leabhar agus páipéar á lua in irisí piarmheasúnaithe ar dhoimhneacht scoláireachta fhoireann an Choláiste.

D'éirigh le roinnt daoine maoiniú taighde a fháil ón bpríomhghníomhaireacht maoinithe baile, an Chomhairle um Thaighde in Éirinn, iad seo ina measc: an tOllamh Peter Clinch, Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD, do Shuirbhé Sóisialta na hÉireann; an

tOllamh Kathleen Lynch, Scoil na Córa Sóisialta UCD, do thionscadal dar teideal *Equality of Opportunity in Practice: Studies of Working, Caring and Learning*; an Dr Amanda Fitzgerald, Scoil na Síceolaíochta UCD, do staidéar ar mheabhairshláinte déagóirí; an Dr Chrystal Fulton, Scoil an Léinn Eolais agus na Leabharlannaíochta UCD, do staidéar ar chearrbhachas; agus an Dr Enda Murphy, Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD, ar mhapáil fuaime. Bhí cuid mhór iarratas rathúla freisin faoi scéim Fondúireachtaí Nua na Comhairle agus comhaltachtaí iardhochtúireachta agus scoláireachtaí iarchéime. Rinneadh dámhachtainí ó chomhlachtaí maoinithe eile a bhronnadh orthu seo a leanas: an Dr Suzanne Guerin,Scoil na Síceolaíochta UCD ó Atlantic Philanthropies do thaighde ar chúram cónaitheach agus ar chúram faoisimh do dhaoine faoi bhuntáistí intleachtúla; an Dr Kalpa na Shankar, Scoil an Léinn Eolais agus na Leabharlannaíochta UCD, ó Fhondúireacht Alfred P. Sloan do thionscadal ar inbhuanaitheacht chartlanna sonraí; agus an Dr Finbarr Brereton, Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD, ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil do thionscadal ar shamhaltú comhtháite.

Is rannchuidiú mór é taighde fhoireann an Choláiste do chur ar aghaidh faisnéise mar atá gafa sa litríocht scolártha, agus tá baint dhíreach aige agus tionchar freisin ar thuiscint shochaíoch agus ar dhíospóireacht bheartais. Iarrtar go rialta ar dhaoine den fhoireann rannchuidiú le polasaí lena n-áirítear, 2013/14, an Dr Eilis Hennessy, Scoil na Síceolaíochta UCD, a bhí ina cathaoirleach leis an Sainghrúpa Comhairleach a chuir *Right from the Start* ar fáil, príomh-ionchur sa Straitéis Luathbhlianta; an Dr Sara Cantillon, Scoil na Córa Sóisialta UCD, a ceapadh ar an Sainghrúpa ar Mhaoiniú Oideachais Tríú Leibhéal atá le tuairisc a thabhairt i Nollaig 2015; agus an Dr Conor McCabe, Scoil na Córa Sóisialta UCD, a ceapadh ar an Sainghrúpa Comhairleach do Chomhchoiste Fiosrúcháin an Oireachtais sa Ghéarchéim Baincéireachta.

## Idirnáisiúnú

Bhí baint mhór ag an gColáiste leis an idirnáisiúnú, a bhfuil ról suntasach aige i bplean straitéiseach na hOllscoile do 2014, agus i mbreithniú a phlean straitéisigh nua. Tá an Leas-Phríomhoide don Idirnáisiúnú don Choláiste, an Dr Jos Elkink, tar éis forbairt agus

*Bhí Iar-Ghinearál Airm Stáit Aontaithe Mheiriceá, John Abizaid, ina aoi speisialta ag an gcéad sraith seimineár de chuid Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD 2013/14, a reáchtáladh i Global Lounge UCD.*




**Tá Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD comhdhéanta de dheich scoil:**

**Scoil an Léinn Shóisialaigh Fheidhmeannaigh UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Bryan Fanning

**Scoil na hEacnamaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Paul Devereux

**Scoil an Oideachais UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Ciaran Sugrue

**Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Mark Scott

**Scoil an Léinn Eolais agus na Leabharlannaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Lee Komito

**Scoil na Fealsúnachta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Rowland Stout

**Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Ben Tonra

**Scoil na Síceolaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Alan Carr

**Scoil na Córa Sóisialta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Kathleen Lynch

**Scoil na Socheolaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Sinisa Malesevic

**Déan na nEalaíon**
An Dr Joe Brady

**Déan na hEolaíochta Sóisialta**
An tOllamh Suzanne Quinn

*Amhail Meán Fómhair 2013*

*Bhronn an Dr Julie Winkler, Uachtarán, Association of American Geographers (AAG), Mórghradam Saoil AAG 2014 ar Ollamh Emeritus na Tíreolaíochta UCD, Anne Buttimer, ag Cruinniú Bliantúil AAG 2014 i Florida, in Aibreán 2014.*



forfheidhmiú straitéis idirnáisiúnaithe an Choláiste a threorú. Is gné lárnach é tógáil agus neartú na nasc le raon ollscoileanna idirnáisiúnta, ó thaobh comharaíochta taighde agus malartuithe mac léinn agus foirne, mar aon le hearcú níos dlúithe mac léinn idirnáisiúnta, ag obair le UCD Idirnáisiúnta agus le Coláistí eile.

## Buaicphointí

Ar imeachtaí móra i rith na bliana áiríodh comhdháil Institiúid Eorpach Bhaile Átha Cliath ar *European Democracy in Crisis*, a d'eagraigh an Dr James Cross agus an Dr Aidan Regan, Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD ar labhair agus a raibh Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins rannpháirteach inti i gcaitheamh an ama; Tríú Scoil Garret FitzGerald UCD ar an téama *Institiúidí Daonlathacha na Poblachta a athchóiriú*, agus príomhaitheasc ón Ollamh Philip Pettit, Princeton, a thug sraith ceardlanna spreagúil i UCD freisin; agus Comhdháil Bhliantúil Institiúid Léann na Breataine-na hÉireann 2014 ar *Bhunreachtaí agus Cogaí Cultúir: Tuaisceart Éireann, Stát na hÉireann agus an Diminsean Thuaidh-Theas*, inar thug an Tánaiste Eamon Gilmore, TD an t-aitheasc oscailte.

Déanaim comhghairdeas ó chroí le hacadóirí an Choláiste, an Dr Iseult Honohan, Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD, agus an tOllamh Morgan Kelly, Scoil na hEacnamaíochta UCD, ar a dtoghadh ina mbaill d'Acadamh Ríoga na hÉireann, an Dr Enda Murphy, Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD, ar a dhámhachtain Scoláire Fulbright-EPA Éireannach, agus Ollamh Emeritus na Tíreolaíochta, Anne Buttimer, ar Ghradam Saoil 2014 an *Association of American Geographers* a fháil.

Ar deireadh, is pléisiúr dom gach rath sa todhchaí a ghuí ar an Ollamh Colin Scott, Príomhoide nuacheaptha an Choláiste agus leis an bhfoireann iomlán.

An tOllamh Brian Nolan
Príomhoide



*Sa ghrianghraf (clé-deas) ag an siompóisiam European Democracy in Crisis, ag a seoladh Institiúid Eorpach Bhaile Átha Cliath (DEI) in athuair: an Dr Aidan Regan, léachtóir, Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD, agus comhstiúrthóir DEI; Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks; an tUachtarán Michael D. Higgins; agus an Dr James Cross, léachtóir, Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD agus comhstiúrthóir DEI.*



## Teachtaireacht ón bPríomhoide Nuacheaptha

Is mór an onóir a bheith ceaptha i mo Phríomhoide ar Choláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Ollamh Brian Nolan, an príomhoide atá ag dul as oifig, dá mhaoirseacht aclaí ar an gColáiste le linn tréimhse dúshlánaí. Tá láidreachtaí ag an gColáiste thar raon leathan eolaíochtaí sóisialta a dtugtar aitheantas go hidirnáisiúnta dóibh. Áirítear orthu seo teist an-láidir i dtacú na foghlama ag leibhéil fhochéime agus iarchéime, agus trí chláir dhochtúireachta struchtúracha. Is comhábhar lárnach ár mbonn taighde d'ár gcumas treoir a thabhairt i bhfoghlaim agus i smaointeoireacht faoi shochaithe, ag leibhéal faisnéise bunaidh agus freisin feidhmiú faisnéise le aghaidh a thabhairt ar phríomhfhadhbanna polasaí poiblí.

Tá mé ag iarraidh an Coláiste a fheiceáil ag tacú le hiarrachtaí a cuid Scoileannatuiscint a fháil ar an gcaoi is fearr a thuigimid céard iad dúshláin bhunúsacha na sochaí, mar shampla trí fhorbairt theoiriciúil agus an ceann is fearr a fháil ar mhodheolaíochtaí nuálaíocha. Is féidir samplaí de dhúshláin dá leithéid a aimsiú sna fadhbanna atá roimh ár gcomhshaol amach, an t-ionchas 'Mórshonraí' a úsáid i soláthar seirbhísí sóisialta agus sláinte daonna, éifeachtaí athraithe teicniúil ar phríobháideacht agus ar shlándáil, agus saincheisteanna níos leithne an iompair, na faisnéise agus na foghlama sa tsochaí comhaimseartha. Tacóidh an Coláiste le Scoileanna na bealaí ina ngnineann agus ina gcuireann siad faisnéis in iúl a cheangal trí thacú le tuilleadh feabhsaithe rannpháirtíochta idirdhisciplíne, comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus bealaí nuálaíocha le caidreamh a dhéanamh le mic léinn, mar aon le húsáideoirí eile ár bhfaisnéise, sa chaoi go mbeidh cumas níos fearr acu machnamh a dhéanamh ar na dúshláin a fheiceann siad agus gníomhú orthu.

Lena lán-acmhainneacht a bhaint amach in oideachas, i dtaighde agus i rannpháirtíocht, teastaíonn feabhsú suntasach ar a áiseanna fisiciúla ón gColáiste trí thionscadal chun Ceantar Newman Joyce a fhorbairt. Teastaíonn tacaíocht láidir ón athrú leanúnach seo laistigh agus lasmuigh den Ollscoil chun seasamh an Choláiste mar phríomhfhócas taighde, foghlama agus faisnéise sna heolaíochtaí sóisialta a fheabhsú tuilleadh.



An tOllamh Colin Scott
Príomhoide Nuacheaptha

*An Dr Eilis Hennessy (ar chlé), léachtóir sinsearach, Scoil na Síceolaíochta UCD, anseo sa ghrianghraf leis an Aire do Leanaí, Frances Fitzgerald TD, ag seoladh* Right from the Start, *tuarascáil an tSainghrúpa Chomhairligh ar Straitéis na Luathbhlianta, faoi chathaoirleacht an Dr. Hennessy.*



## Mic Léinn UCD in Éirinn

Mic Léinn **Fochéime** (FTE) **2,549**



Mic Léinn **Iarchéime** (FTE) **1,395**

**Líon Iomlán** Mac Léinn **3,944**

## Oibríochtaí Thar Lear

Mic Léinn **Iarchéime / Iomlána** (FTE) **20**

* = Thart ar 100 Duine

## Ioncam ó Thaighde

**€4,500,000**



# Coláiste na hEolaíochta UCD




Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD, ionad den scoth a osclaíodh go hoifigiúil i nDeireadh Fómhair 2013.



**Professor Joe Carthy College Principal/Dean**

DStiúrthóir Scoil na gCéimithe: An Dr Mary Kelly-Quinn

Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama: Dr Kathy O'Boyle

Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta: An Dr Cormac Murphy

Ba bhliain ghnóthach ach spreagúil í 2013/14 domsa agus do mo chomhghleacaithe. Ar na príomhfhorbairtí áirítear feabhsúcháin shubstaintiúla ar ár n-áiseanna agus rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara fheabhsaithe. D'fhorbair agus sheachaid Eolaíocht UCD roinnt mhaith tionscnamh agus tionscadal rathúla, lena n-áirítear, ach nach bhfuil teoranta dóibh, na cinn a bhfuil cur síos orthu thíos.

## Seoladh Lárionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD

I nDeireadh Fómhair 2013, osclaíodh an t-ionad úrscothach, Lárionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD go hoifigiúil. Ó shin chuir sé taighde agus spás teagaisc ceannródaíoch ar fáil do UCD, ár gcur ar chomhchéim le príomhollscoileanna domhanda eile. Cuireann an foirgneamh nua meascán de shaotharlanna teagaisc nua-aimseartha ar fáil, timpeallachtaí foghlama gníomhacha, seomraí léachta agus seimineár, agus cóiriú d'aonaid taighde idirdhisciplíne (e.g. Insight, Institiúid Domhaneolaíochta UCD, Saotharlann Anailíse do Chórais Chasta UCD (CASL)). Is mian liom aitheantas a thabhairt don méid a rinne ár mBainisteoir Oibríochtaí Eolaíochta, Elaine Murphy Uasal, chun na gníomhaíochtaí seo go léir a éascú.

I rith 2013/14, chruthaigh Halla Éisteachta George Moore agus spásanna aitriam an Lárionaid cheana féin gur láithreacha den scoth iad le dul i ngleic le lucht éisteachta inmheánach agus seachtach. Ar na chéad phríomh-imeachtaí a tionóladh sa Lárionad nua bhí *Mission Higgs*, taispeántas taistil ardphróifíle CERN, ar éirigh le UCD é a fháil tri iarrachtaí an Ollaimh Ronan McNulty san Fhisic UCD, agus *Earth Gathering: Ireland 2013*, á óstáil ag Institiúid Domhaneolaíochta UCD. Mhealladar deighleoga éagsúla cuairteoirí, ó pháistí scoile Éireannacha go lucht gairme idirnáisiúnta agus diaspóra eolaíochta na hÉireann. Tá muinín agam go gcuirfidh rannpháirtíochtaí den chineál seo le comhair eolaíochta agus le cáil UCD a mhéadú. Is maith liom a rá go bhfuilimid i riocht sa deireadh thiar ár dtaighde agus saineolas nuálaíoch a chur ar taispeáint don saol acadúil agus don tionsclaíocht ar láthair inspreagtha trí chomhdhálacha, seimineáir agus ceardlanna –rud nach raibh ar ár gcumas a dhéanamh le píosa fada go maith.

Ar an mbun go raibh Eolaíocht UCD tar éis é féin a bhunú mar eintiteas comhtháite, mar aon le hinfhaighteacht ár n-áiseanna nua, rinneamar nasc gníomhach le alumni agus le hiarbhaill foirne, agus bhí an-áthas orainn fáilte a chur roimh breis agus 700 aoi chuig ár n-imeacht *Science 50*, i mí an Mheithimh, a rinne 50 bliain de theagasc agus de thaighde eolaíochta ar champas Belfield a cheiliúradh. Ag an teacht le chéile seo, a d'fhorbair agus a bhainistigh an Dr Ulrike Kolch, bhain ár n-aíonna taitneamh as taispeántais eolaíochta a seachadadh i gcomhar lenár Scoileanna, comhrá cois tine faoin am atá caite, póstaeir agus taispeántais faoi Eolaíocht UCD ansin agus anois, agus tuilleadh lena n-ais. Bhí an t-aiseolas a fuaireamar an-dearfach.

## Oideachas agus Rannpháirtíocht Mac Léinn

Ceadaíonn ár n-áiseanna nua den scoth dúinn ar deireadh oideachas agus eispéiris mhac léinn a chur ar fáil a thagann lenár n-iarrachtaí oideolaíocht cheannródaíoch a dhearadh agus a sheachadadh, lena n-áirítear tionscnaimh mar PAL (foghlaim le cabhair Piara), á threorú ag an Dr Kathy O'Boyle, nó an Seomra Ranga Iompaithe Bun os Cionn - *Flipped Classroom*, á threorú ag an Dr Mike Casey. I ranganna praiticiúla saotharlainne bhíomar ábalta dul ó theagasc i ngrúpa mór (60-70 mac léinn) go teagasc i ngrúpa beag (níos lú ná 28 mac léinn). Sa todhchaí, bainfidh ár mic léinn leas as an teicneolaíocht is nuaí agus as obair foirne i gcomhar, á cur ar fáil in éineacht le tacaíocht mheantóirí oideachais, teagascóirí oilte agus foireann theicniúil. Tugann an struchtúr nua seo dúshláin mac léinn teacht agus iad ullamh agus chun a dhéanamh amach iad féin cén chaoi an dúshlán praiticiúil a thabhairt chun críche. Bhí mé sásta eolas a fháil ó mo chomhghleacaithe acadúla gur fhreagair na mic léinn go maith don chineál nua foghlama seo.

Tá céim Eolaíochta fhochéime UCD ar cheann de chúrsaí iontrála coitianta suaitheanta na hOllsoile agus an ceann is mó tóir sa tír. D'fhág athstruchtúrú agus tabhairt isteach straitéise earcaíochta fianaise-bhunaithe, á threorú ag an Ollamh Peter Duffy agus an Dr Orla Donoghue, gur mhéadaigh céadroghanna ó 187 i 2007, go 776 i 2014, agus pointí CAO anois ag 515, an líon is mó riamh. Leanann céimeanna Ríomheolaíochta, agus an Léann Achtúireach agus Airgeadais ag mealladh mac léinn ardchaighdeáin agus tá a bpríomhsheasamh coinnithe acu.

Bhí Eolaíocht UCD an-réamhghníomhach ó thaobh earcaíochta mac léinn idirnáisiúnta, á threorú ag an Ollamh Jeremy Simpson. Bhí feidhmíocht láidir ag ár gclár Staidéar Thar Lear agus Mac Léinn Céadbhliana i gCríocha Mheiriceá, de bharr iarrachtaí an Dr Tadhg Uí Chróinín agus Annette Forde Uasal. Rinne Eolaíocht UCD a phróifíl earcaíochta san India a chomhdhlúthú, ag cur le hiarrachtaí an Ollaimh Simpson roimhe sin. De thoradh timthriall earcaíochta na bliana atá caite, bhunaigh UCD é féin mar cheannscríbe uimhir a haon do mhic léinn ón India ag teacht chun staidéar a dhéanamh in Éirinn; ba bheag nár mhéadaigh Eolaíocht UCD a iontógáil mac léinn Indiacha faoi dhó i gcomparáid leis an mbliain seo caite.

## Rathúlacht Taighde

D'fhág feidhmíocht taighde Eolaíocht UCD i 2013/14 go raibh tiontú rathúil ar chéatadán ard de thograí maoinithe,



*Sa ghrianghraf (clé-deas) ag oscailt oifigiúil Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD: an tOllamh Brian Cox, Ollamh le Fisic Cháithníní, Ollscoil Mhanchain, a thug an léacht tionscnaimh, agus an craoltóir Pat Kenny, a bhí ina MC.*

Déan Comhlach na hEolaíochta: An tOllamh Peter Duffy

Déan Comhlach an Léinn Idirnáisiúnta: An tOllamh Jeremy Simpson

Déan Comhlach an Léinn Idirnáisiúnta (Meiriceá Thuaidh): An Dr Tadhg Ó Cróinín

Déan Comhlach um Rannpháirtíocht a Leathnú: An Dr Francesca Paradisi

**Tá Coláiste na hEolaíochta UCD comhdhéanta de sheacht scoil:**

**Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Thomas Gallagher

**Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bhithleighis UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Keith Murphy

**Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Patrick Guiry

**Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tUasal John Dunnion

**Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Stephen Daly

**Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Patrick Murphy

**Scoil na Fisice UCD**
*Ceann Scoile*
An tOlllamh Pádraig Dunne

*Amhail Meán Fómhair 2013*

*An Dr Denis O'Brien, bronntóir, ag labhairt ag oscailt oifigiúil céim 2 d'Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD. Tá breis agus 38,000m² de chóiríocht nua agus athchóirithe anois ag an Ionad nua, a chosain beagnach €150 milliún, agus tá breis agus 2,000 mac léinn fochéime, breis agus 500 mac léinn iarchéime, agus líon mór taighdeoirí thar raon disciplíní eolaíochta lonnaithe ann.*



a raibh maoiniú de bhreis ar €30 milliún de thoradh uirthi. Léiríonn anailís ar fhoilseacháin taighde in *InCites* Thomas Reuters méadú eile i gcéatadán foilseachán Eolaíocht UCD le comhúdair idirnáisiúnta, rud a leagan béim ar thréith idirnáisiúnta ár dtaighde. Áiríodh ar na foilseacháin taighde i gcónaí a foilsíodh i rith 2013/14 irisí ardphróifíle piarmheasúnaithe, mar *Science*, *Cell* agus *Nature*. Mar shampla, thiomáin ailt a luaitear go minic an Ollaimh Ken Dawson i Nainteicneolaíocht an Nádúir UCD go dtí uimhir a dó ar domhan do ráta lua normalaithe sa réimse Naineolaíochta agus Nanaiteicneolaíochta, ag breathnú ar an gcúig bliana deireanacha d'aschur foilseacháin agus institiúidí le 100 páipéar ar a laghad. I dteannta eolais acadúil nua trí pháipéir piarmheasúnaithe, rinne cuid mhór de thaighdeoirí Eolaíocht UCD leas na sochaí trí rannchuidiú le saintuarascálacha a thacaigh le cinnteoireacht a raibh bonn eolais faoi.

Tá Eolaíocht UCD an-ghníomhach i bhforbairt agus i gcoinneáil dea-chaidrimh leis an tionsclaíocht agus le gníomhaireachtaí earnála. Is maith liom a thuairisc, mar sin, de bharr iarrachtaí an Dr Mary Kelly-Quinn gur cuireadh lenár n-idirghníomhaíocht reatha le hIascaigh Intíre na hÉireann trí shíniú Meabhrán Tuisceana, a leathnóidh comhar frithpháirteach. I dteannta caidreamh seachtrach a chothú, déanann an Coláiste rannpháirtíocht díograiseach le hacadóirí eile i ndisciplíní eile UCD. Le bliain anuas d'eagraigh an tOllamh Martin Albrecht, Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta, agus Susan Hediganco Uasal roinnt tionscnamh chun líonraí saineolais chomhlántaigh ionchasaigh a aithint. Is í an aidhm leas a bhaint as an tsraith eolais atá ar fáil laistigh dár n-ollscoil féin chun tograí maoinithe náisiúnta agus Eorpacha a fhorbairt atá deacair a mheaitseáil ag ollscoileanna a bhfuil raonta saineolais níos cúnga acu.

## Comhpháirtíocht Tionscail

Is é an chaoi is fearr inar féidir eolas Eolaíocht UCD á fheidhmiú chun leasú an ghnó, a léiriú trí shampla Synference. Bunaithe i 2013, ag Fergal Reid agus Conrad Lee, beirt chéimí de chuid na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD le gairid, mar chuideachta céimí NovaUCD, d'fheidhmigh Synference meaisínfhoghlaim ar thástáil A/B agus ar optamú, rud a chumasaigh cliantchuideachtaí a dtaithí ar line a chur in oiriúint do gach duine dá gcuairteoirí. Roinnt bheag míonna ina dhiaidh sin, i 2014, ghlac Optimizely, príomhardán optamaithe an domhain, an mac-chuideachta UCD óg seo chuici le rochtain a fháil ar a teicneolaíocht agus ar a tallann taighde.



*I láthair (clé-deas) ag an siompóisiam* Mission Science: Global Issues Facing Science *and Society, a reáchtáladh i nDeireadh Fómhair 2013: an tOllamh Mark Rogers, Leas-Uachtarán UCD; an tOllamh James Heckman, Buaiteoir Dhuais Nobel agus Ollamh Eacnamaíochta Seirbhíse Dearscna Henry Schultz, Ollscoil Chicago; an tOllamh Muffy Calder, Príomhchomhairleoir Eolaíochta d'Albain agus Ollamh le Modhanna Foirmiúla, Ríomheolaíocht, Ollscoil Ghlaschú; an tOllamh Philip O'Connell, Stiúrthóir Institiúid Uí Ghadhra UCD; an tOllamh Margaret Murnane, Roinn na Fisice agus na hInnealtóireachta Leictrí agus Ríomhaireachta, Ollscoil Colorado; an tOllamh Peter Leadlay, Ollamh Herchel Smith na Bithcheimice, Ollscoil Cambridge; agus an tOllamh Joe Carthy, Príomhoide, Coláiste na hEolaíochta UCD.*



*I láthair (clé-deas) agus fógra á thabhairt faoin triúr ealaíontóirí do chlár 2014 Ealaíontóirí Cónaithe Eolaíochta UCD: Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks; Sofie Loscher, ealaíontóir suiteála agus dealbhóir; Cindy Cummings, ealaíontóir damhsa; David Stalling, cumadóir, tobchumadóir, ealaíontóir fuaime agus suiteála; agus an tOllamh Declan McGonagle, Stiúrthóir an Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha.*

Os rud é go spreagtar oideachas maith, taighde agus fionnachtain ag timpeallacht a bhisíonn ar chruthaíocht agus ar phróifíl foirne cothromaithe, bhí mé thar a bheith sásta leanúint le mo thacaíocht d'fhorbairt mar Ealaíontóirí Cónaitheacha, an t-aistriú idir ealaín agus eolaíocht, le Sofie Loscher, Cindy Cummings, agus David Stalling mar ealaíontóirí roghnaithe i 2013/14. Rinne an Dr Sheila McBreen ionadaíocht thar ceann tionscnamh eile Coláiste, mar chomhdheiseanna gairme a thabhairt d'acadóirí, ag leibhéal Choiste Feidhmiúcháin an Choláiste.

Ar deireadh, is mian liom aitheantas a thabhairt do dhíograis agus d'obair chrua gach duine, idir dhámh agus fhoireann, a chuir le rathúlacht leanúnach agus cáil fheabhsaithe Choláiste na hEolaíochta UCD.

Joe Carthy

An tOllamh Joe Carthy
Príomhoide

*Taispeántas déantán eolaíochta stairiúil in Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD, arna bhforbairt mar chuid de cheiliúradh 50 bliain Eolaíocht UCD.*




## Mic Léinn UCD in Éirinn

Mic Léinn **Fochéime** (FTE) **2,618**



Mic Léinn **Iarchéime** (FTE) **1,509**

**Líon Iomlán** Mac Léinn **4,127**

## Oibríochtaí Thar Lear

Mic Léinn **Iarchéime / Iomlána** (FTE) **233**

* = Thart ar 100 Duine

## Ioncam ó Thaighde

**€32,600,000**

# Airgeadas agus Forbairt Chaipitil





*Ionchorpraíonn an loch uachtair nua, a bhí deartha go príomha mar ghné mhaolúcháin uisce stoirme, buntáistí éiceolaíochta don fhiadhúlra áitiúil le húsáid tor dúchasach, plandaí uisceacha agus crainn a chuideoidh chun fiadhúlra a mhealladh agus cur le bithéagsúlacht an champais.*



**Gerry O'Brien**
**Sparánaí**

Cé go raibh dúshláin airgeadais shuntasacha roimh an Ollscoil i rith na bliana, ag éirí as tuilleadh laghduithe i maoiniú Stáit, ina dhiaidh sin d'éirigh léi toradh buiséid chothromaithe a bhaint amach agus farasbarr beag de €0.2 milliún don bhliain airgeadais dar críoch 30 Meán Fómhair 2014, ar a croíghníomhaíochtaí HEA maoinithe.

## Laghdú i Maoiniú Stáit

Is é an dúshlán airgeadais aonair is mó atá roimh an Ollscoil sa timpeallacht eacnamaíoch deacair reatha ná inbhuanaitheacht a cuid oibríochtaí. Ó 2007/08, d'fhulaing an Ollscoil maoiniú Stáit laghdaithe bliain i ndiaidh bliana agus lean an gearradh siar isteach sa bhliain reatha. Ach d'éirigh le UCD a chuspóirí acadúla straitéiseacha a bhaint amach agus inbhuanaitheacht airgeadais a choinneáil. Tá UCD ag freastal freisin ar na dúshláin ó threochtaí déimeagrafacha a léiríonn go mbeidh éileamh méadaithe suntasach ar ardoideachas go ceann deich mbliana.

Bhí croídheontas maoinithe athfhillteach UCD ón Stát 13% níos lú ná a choibhéis i 2013. Áiríodh sa laghdú seo: tionchar laghdaithe foriomláin 1% don earnáil i 2014, mar a fógraíodh i mbuiséad 2012; tionchar laghdaithe pá bliana iomláin faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington; agus ionadú cistí bainteach leis an ardú ar Ranníocaíocht na Mac Léinn ó €2,500 i 2013/14 go €2,750 i 2014/15. Lean an Ollscoil uirthi ag méadú iontógáil mac léinn idirnáisiúnta agus iarchéime, agus ag cur lena gníomhaíocht tráchtála chun tionchar na laghduithe ar mhaoiniú Státchiste a mhaolú agus chun seirbhísí tacaíochta agus acadúla reatha a choinneáil.

## Tionscnaimh Ioncaim Nua

Tá Oifig an Sparánaí ag cuidiú le Coláistí tionscnaimh ginte ioncaim nua a fheidhmiú agus athbhreithnithe luach ar airgead mar chuid de shamhail chomhoibríoch. Leagann siad seo amach pleananna airgeadais do Choláistí agus do Scoileanna aonair, ag cur san áireamh a láidreachtaí coibhneasta agus na dúshláin atá rompu. Laistigh den tsamhail seo tá spreagadh gníomhach á thabhairt do Scoileanna ioncam táille mac léinn breise a ghiniúint chun a chur ar chumas na hOllscoile a spriocanna airgeadais a bhaint amach. Leanfaidh an comhoibriú dlúth leis an bpobal acadúil chun treo todhchaí Scoileanna agus Coláistí a fhorbairt ar bhonn inbhuanaithe.

Is dúshlán don Ollscoil in iomlán é an riachtanas giniúint barrachais agus tionscnaimh shábhála costais a fheidhmiú, agus tá aghaidh á thabhairt air seo trí obair leanúnach Choiste Bainistithe Sócmhainní, Luacha Saothair agus Airgeadais na hOllscoile. Tá éifeacht dhíobhálach ag easpa eolais thráthúil maidir le maoiniú Stáit ar chumas na hOllscoile pleananna ilbhliantúla a ullmhú. Thug an HEA mionathruithe isteach ar shamhail mhaoinithe an Státchiste i rith na bliana, lena n-áiríodh gné fheidhmíocht-bhunaithe

áit a bhfuil uasmhéid de 5% den mhaoiniú deontais athfhillteach ag brath ar fheidhmíocht shásúil i leith cuspóirí an fhorais.

Mionathraíodh an tsamhail mhaoinithe HEA a úsáideadh do leithdháileadh deontais athfhillteach 2014 sa gcaoi go dtosófaí ar mhaoiniú clár eischampas/cianchlár áirithe a fágadh as an áireamh roimhe seo, a thabhairt isteach de réir a chéile. Tá an HEA ag leanúint lena athbhreithniú ar ghnéithe eile den tsamhail mhaoinithe i 2014 chun iompar atá ag teacht le baint amach cuspóirí náisiúnta a dhreasú agus a chúiteamh. Tosóidh na hathruithe seo ag dul i gcionn ar mhaoiniú i 2015 agus tá UCD i riocht maith le haon deiseanna maoinithe nua a uasmhéadú.

Bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD, sainghrúpa leis na saincheisteanna bainteach le maoiniú inbhuanaithe fadtéarmach an ardoideachais in Éirinn. Meastar go gcuirfidh an grúpa seo tuarascáil mheántéarma ar fáil faoi dheireadh 2014, agus tuairisc iomlán nach mbeidh níos deireanaí ná 31 Nollaig 2015.

## Chóras Nua a Fhorbairt

Lean tabhairt isteach córas nua i rith na bliana ag cur feabhais ar thuairisciú airgeadais agus ag déanamh réamhaisnéis ar bhuiséid. Tá tabhairt isteach an mhódúil phleanála foirne CORE tar éis feabhas a chur ar chruinneas agus ar éifeacht réamhaisniú pá. Chomh maith leis seo tá gach tuarascáil airgeadais tar éis bogadh go dtí an córas nua Infohub, a chuireann ar chumas úsáideoirí údaraithe rochtain a fháil ar thuarascálacha airgeadais go neamhspleách.

Tugadh teicneolaíocht nua isteach freisin chun a chur ar chumas roinnt dár soláthraithe atá mór go maith a gcuntais féin a bhreithniú ar líne agus chun fiosruithe fíorama a dhéanamh faoi stádas a n-orduithe, a sonrasc agus íocaíochtaí ar feitheamh. Tugadh córas nua isteach freisin le soláthraithe roghnaithe chun admháil leictreonach sonrasc soláthraithe a phróiseáil, a dhéanfadh sreabhadh oibre níos éifeachtaí agus a chuideodh le tréchur sonrasc soláthraithe. Bhí an t-aiseolas ó na soláthraithe seo dearfach a laghdaigh, ar a seal, líon na gceisteanna.


## Méadú ar Mhaoiniú Neamh-Státchiste

Lean UCD lena infheistíocht in earcú mac léinn idirnáisiúnta agus tá sé ag iarraidh go gníomhach é féin a bhunú in Oirdheisceart na hÁise, agus chun comhpháirtíochtaí reatha sa tSín a fhorbairt tuilleadh. Is ionann an t-ioncam seo agus foinse luachmhar maoinithe neamh-Státchiste.

Lean ioncam ó ghníomhaíochtaí tráchtála de bheith ina rannchuidiú tábhachtach d'airgeadas na hOllscoile; áiríodh anseo comhaontú lamháltas baincéireachta nua ar champas agus roinnt conarthaí nua bainteach le soláthar seirbhísí lónadóireachta. Choinnigh ioncam ó ghníomhaíochtaí coimhdeacha eile ag méadú, agus chonacthas teacht isteach suntasach á ghiniúint i ngnó cónaitheach samhraidh i UCD.

*Tá saoráidí fairsinge ar fáil in Ionad Mac Léinn UCD, ina measc linn snámha 50m ar shonraíochtaí Oilimpeacha, stiúideónna aclaíochta agus damhsa, saoráidí scannán agus drámaíochta agus Seomra Díospóireachta Fitzgerald.*





I gcomhpháirtíocht le soláthraithe UCD, baineadh coigilteas suntasach i gcaiteachas neamh-phárolla amach trí phróisis soláthair straitéiseacha. Fágfaidh ceapachán an Phríomhoifigigh Soláthair Náisiúnta sa todhchaí go mbeidh UCD ag baint úsáide as leibhéil chomhiomlánaithe agus chomhoibrithe níos mó laistigh d'earnáil na hollscoile agus leis an earnáil phoiblí níos leithne.


## Seirbhísí Eastáit UCD

Bhunaigh athstruchtúrú bainistíochta go luath sa bhliain Seirbhísí Eastáit UCD, a cheanglaíonn feidhmeanna an iar-aonaid Seirbhísí agus Foirgneamh leis an Aonad Seirbhísí Tráchtála, Cónaitheacha agus Fáilteachais. Tá Stiúrthóir na nEastát, Aidan Grannell Uasal, freagrach as an aonad nua agus as bainistíocht fhoriomlán agus tacaíocht do threo straitéiseach eastát na hOllscoile. Tógfaidh Seirbhísí Eastáit UCD ar shinéirgí agus ar láidreachtaí na foirne bainistíochta comhcheangailte leis an gcuspóir campas beo, sláintiúil agus inbhuanaithe a bhaint amach.

## Forbairtí Caipitiúla seolta

Chonaic UCD tabhairt chun críche roinnt mhórthionscadal tógála sa dá mhí dhéag atá caite, arbh mórchloch mhíle iad in éabhlóid Champas Belfield. Thacaigh comhpháirtíocht straitéiseach na hOllscoile leis an daonchairdeas, le rialtas agus le páirtithe tionscail le hathrú na n-áiseanna atá ar fáil anois dár mac léinn agus don fhoireann.

D'oscail an tAire Oideachais agus Scileanna céim a dó de Lárionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD go hoifigiúil i nDeireadh Fómhair 2013. Cuireann an Lárionad anois breis agus 38,000m² de chóiríocht nua agus athchóirithe ar fáil, ar ionann é agus infheistíocht €150 milliún. I dteanna na gníomhaíochta teagaisc agus taighde ó lá go lá, bhí an Lárionad gnóthach agus raon leathan gníomhaíochtaí á óstáil ó chomhdhálacha eolaíochta, fáiltithe bronnadh céime agus taispeántais go cláir cheadail, ceardlanna nuálaíochta agus laethanta oscailte. Áirítear i dtabhairt chun críche an dara céim soláthar



*Cuireadh tús go hoifigiúil i nDeireadh Fómhair 2013 le Céim 2 d'Ionad Uí Bhriain UCD.*

áiseanna don Ionad Náisiúnta um Anailísíocht Sonraí (Insight), Institiúid Domhaneolaíochta UCD agus ríomhthaighde, agus sraith saotharlanna teagaisc agus gníomhaíochtaí for-rochtana. Tá athchoimre do chéim dheiridh an mhórphlean eolaíochta á ullmhú chun tacú lenár n-uaillmhian seomra innill a sheachadadh d'oideachas agus do thaighde eolaíochta na hÉireann, lárphointe do nuálaíocht agus rannpháirtíocht tionscail, agus chun feidhmiú mar thiománaí d'athghiniúint eacnamaíoch na hÉireann. Tharla seoladh oifigiúil Foirgnimh nua Scoil Dlí Sutherland UCD i Samhain 2013, laistigh de shuíomh tírdhreachtaithe cois locha i gcroílár acadúil an champais. Feidhmíonn an foirgneamh nua mar acmhainn náisiúnta, den chaighdeán idirnáisiúnta is airde, é ceaptha tacú le nuálaíocht in oideachas, taighde agus cleachtadh an dlí.

I Nollaig 2013, d'oscail an tAire Taighde agus Nuálaíochta, Seán Sherlock TD, an áis taighde do Chórais Bhitheolaíochta Éireann ar champas. Tacóidh an áis nua le forbairt cur chuige teiripeacha nua i leith na hailse agus galar athlastacha agus meathlúcháin.

## Tionscadail Nua á bhForbairt

Tar éis sraith de cheardlanna faisnéise agus cuairteanna ar an suíomh, tá dearadh Institiúid Confucius UCD d'Éirinn tugtha chun críche. Meastar go dtosóidh an tógáil ar an suíomh i 2015. Thug an tUasal Liu Yunshan, ball sinsearach de Choiste Seasta an Politburo Lárnach den CPC, cuairt ar UCD le freastal ar shearmanas na bunchloiche i Meitheamh 2014. Ba iad an tUasal Liu Yunshan, an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD, agus an Bhean Uasal Xu Lin, Ardstiúrthóir Hanban, sa tSín a nocht an bhunchloch. Tá tús curtha le tionscadal i gcomhar le tionscal na déiríochta ar Fheirm Thaighde Lyons UCD, chun an bhleánlann, áiseanna geimhridh agus infreastruchtúr taighde eile a uasghrádú. Éascóidh an t-aonad nua an méadú ar chláir thaighde ar tháirgeadh déiríochta, chun tacú le leathnú tionscal na déiríochta tar éis cur ar ceal na gcuótaí bainne i 2015.

Déanfaidh an fhorbairt bheartaithe ar thaispeántas nua ar díol suntais é i dTeach Newman ar Fhaiche Stiabhna, cultúr, oidhreacht agus litríocht

* Áirítear ar mhaoiniú ón Rialtas tionscadail arna maoiniú faoi Chlár Chistí Struchtúracha an AE 2007-2013

Ireland's EU Structural Funds Programmes 2007 - 2013
Co-funded by the Irish Government and the European Union
EUROPEAN REGIONAL DEVELOPMENT FUND

na hÉireann a cheiliúradh. Beidh athchóiriú an fhoirgnimh faoi chosaint i gceist áit a ndearna James Joyce staidéar, ar thug Gerard Manley Hopkins léachtaí ann agus inar bunaíodh UCD ar dtús. Faoi réir faofa an mhaoinithe deiridh, d'fhéadfadh go ngabhfaí i mbun tógála amach i 2015.

Tá sé beartaithe go seachadfaidh athfhorbairt Ceantar Newman Joyce UCD áiseanna acadúla lárnach do mhic léinn i dteannta spásanna rannpháirtíochta poiblí agus oidhreachta cultúrtha do na healaíona, na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta. Lean oibreacha i rith an tsamhraidh mar chuid de Thionscadal Feabhsúcháin Cóiriú Fuinneoga Newman, agus ar uasghrádú seomraí ranga roghnaithe chomh maith. Freagraíonn an fhorbairt seo don riachtanas soláthar solúbtha spáis teagaisc ina bhféadfaí fónamh do líon méadaitheach ranganna ar mheánmhéid. Tá oibreacha feabhsúcháin seomra ranga eile tugtha chun críche in Ionad na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Ábhair UCD, agus tá obair ar siúl i gcónaí laistigh den Halla Cuimhneacháin ar Champas na Carraige Duibhe.

## Árais Chónaithe

Is lárionad do thaithí sóisialta agus acadúil mac léinn í cóiríocht chónaitheach ar champas. Tógadh sráidbhaile áras cónaithe mac léinn Belgrove UCD ar dtús i 1989, agus is cuid de phunann chónaitheach 2,756 leaba mac léinn é. Cuireadh tús le hathchóiriú céimnithe na bhfoirgneamh seo i 2011, agus tabharfar chun críche é go luath i 2015. Tá UCD ag ullmhú faoi láthair do thógáil sráidbhaile cónaitheach 354 seomra leapa nua a bheidh lonnaithe lámh le hÁras Cónaithe Belgrove atá ann cheana. Tá sraith de ghnéithe inrochtana feabhsaithe agus tírdhreachaithe bainteach le scóip na n-oibreacha seo a fheabhsóidh taitneamhachtaí, gluaiseacht daoine agus aimsiú bealaí chomh maith. Tá sé de chuspóir 3,110 áit leapa do mhic léinn a bheith ar champas faoi 2016.

Bíonn lán-áitíocht in Árais Chónaithe Mac Léinn UCD i gcónaí agus sáraíonn éileamh an acmhainn atá ar fáil. Tar éis athbhreithniú ar theacht isteach ó chóiríocht ar cíos agus cúinsí margaidh seachtracha, aontaíodh creat trí bliana d'arduithe bliantúla ar phraghsanna do chóiríocht mhac léinn. Cinnteoidh sé seo samhail airgeadais inbhuanaithe a thacaíonn le hathchóiriú cónaitheach céimnithe agus clár leathnú acmhainne.

## Forbairtí ar Champas

Agus iad á maoiniú trí thacaíocht deontóirí, cuireadh trí phíosa ealaíne allamuigh nua le bailiúchán na hOllscoile, á gcruthú ag Paddy Campbell, Rowan Gillespie agus Catherine Greene. Cuireadh freisin le taitneamhacht an Champais trí cheantar nua cearnóige tírdhreachaithe a chur ar fáil gar d'Ionad Mac Léinn UCD agus Ionad na nEolaíochtaí Sláinte UCD.
Ar thionscnaimh Champais bainteach le taisteal atá le tabhairt isteach go luath áirítear: Seirbhís Tointeála Bus UCD DART go Paráid Sydney, Tionscnamh Comhroinnte Go Car, agus soláthar méadaithe de Sheirbhísí Bus 142.

## Fuinneamh

Tuairiscíonn UCD do Chóras Tuairiscithe agus Monatóireachta na hearnála poiblí bainteach le feidhmíocht na hOllscoile i dtreo spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 2020. Ceanglaíonn siad seo ar eagraíochtaí na hearnála poiblí a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú de 33% faoin mbliain 2020.

Ainneoin roinnt foirgneamh nua dianfhuinnimh le deireanaí agus méaduithe ginearálta ar spás urláir, tá UCD tar éis a éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú de 11%, á chur i gcomparáid lebunlíne 2006. Tugtar ar aird go bhfuil spriocanna 2020 dúshlánach, ach leis na hacmhainní cearta agus



*Scoil Dlí Sutherland UCD, an chéad scoil dlí ollscoile shaintógtha in Éirinn.*



*An dearadh beartaithe d'Institiúid Confucius UCD d'Éirinn atá le lonnú taobh leis an loch uachtair ar champas Belfield.*

rannpháirteachas ar fud an champais i bhfeidhmiú straitéise fuinnimh, is féidir iad a bhaint amach.

Ionchorpraíodh tionscnaimh inbhuanaitheachta in ár bhfoirgnimh nua agus sna hathchóirithe. Áirítear orthu seo uasghráduithe ábhair feidhmíochta teirmigh, athchóiriú ar aghaidh Fhoirgneamh Newman, infreastruchtúr greille chliste in árais chónaitheacha mac léinn, suiteáil soilsiú LED, agus tabhairt isteach soilsiú LED, Rialaithe Cliste ar chórais teasa agus aerála thar cuid mhór foirgneamh.

Tá sé beartaithe athnuachan na háise CHP (Teas agus Cumhacht in Éineacht) ar champas a dhéanamh i samhradh 2015, agus tabharfaidh sé deis shuntasach chun feidhmíocht inbhuanaitheachta fuinnimh ar Champas Bellfield ina iomlán a fheabhsú. Ar thionscadail eile atá á mbreithniú don bhliain atá romhainn áirítear uasghráduithe éadaigh agus plandaí, agus cláir ceaptha chun cultúr éifeachtúlachta fuinnimh a spreagadh i measc na foirne agus na mac léinn.



Gerry O'Brien
Sparánaí

## Úsáid Fuinnimh UCD

| | 2011 / 2012 | 2012 / 2013 | 2013 / 2014 |
|---|---|---|---|
| Achar Iomlán m² | 283,565 | 297,565 | 314,400 |
| | | | |
| kWh Leictreachais | 25,076,361 | 27,296,800 | 26,304,459 |
| kWh Gáis | 47,176,302 | 70,706,905 | 70,970,958 |
| **Líon iomlán kWh Fuinnimh** | **72,252,663** | **98,003,705** | **97,275,417** |
| | | | |
| Úsáid kWh in aghaidh an m² | 255 | 329* | 309 |

**↓20 úsáid kWh in aghaidh an m²**

**Laghdú in 2013/14 i gcomparáid le 2012/13**

** Tabhair ar aird gur tugadh isteach saoráidí nua a bhíonn dian ar fhóntais in 2012, lena n-áirítear méadú eolaíochta agus linn snámha 50m. Ní cóiríocht chónaithe do mhic léinn san áireamh san úsáid fuinnimh thuas.*

# Dámhachtainí **Ollscoile**

## Bonn Ulysses UCD

Is é Bonn Ulysses an gradam is airde atá ag UCD agus bronntar é ar dhaoine ar chuir a gcuid oibre go suntasach leis an domhan mór.



### An tOllamh Sir Stephen O'Rahilly

11 Meán Fómhair 2013, mar aitheantas ar a chuid oibre a chuir le tuiscint ar údair ghéiniteacha an diaibéitis agus an mhurtaill inchríninghty.



### An tOllamh Barry Trost

14 Deireadh Fómhair 2013, mar aitheantas ar a bheith ar dhuine de na cógaiseoirí is mó lua ar domhan.



### Albie Sachs

27 Márta 2014, mar aitheantas ar a chion tairbhe domhanda do chearta an duine.



### Mary McAleese

16 Meitheamh 2014, mar aitheantas ar a huachtaránacht bhunathraithe ar Éirinn.

# Bonn Lá Bunaithe UCD


Bronntar Bonn Lá Bunaithe UCD go bliantúil ar alumnus mar aitheantas ar ghnóthachtálacha suntasachas.




## An Dr David O'Reilly

15 Samhain 2013, mar aitheantas ar a chion tairbhe suntasach don earnáil fuinnimh domhanda.

# Céimeanna Oinigh



## Aidan Cotter

3 Meán Fómhair 2013, gradam i seirbhís phoiblí do mhargaíocht táirgí bia agus dí na hÉireann in Éirinn agus thar lear - Céim Oinigh Dochtúir le Dlí.



## Declan Mc Court

3 Meán Fómhair 2013, gradam i ngnó, i ndaonchairdeas agus i ndaonnúlachas - Céim Oinigh Dochtúir le Dlí.



## Katherine Zappone

3 Meán Fómhair 2013, gradam san oideachas, i bhfor-rochtain phobail agus i bhforbairt bheartais phoiblí - Céim Oinigh Dochtúir le Dlí.



## Jeffrey Alexander

4 Meán Fómhair 2013, gradam i socheolaíocht chultúrtha - Céim Oinigh Dochtúir le Dlí.



## Marie Elaine Grant

5 Meán Fómhair 2013, gradam i seirbhísí do spórt in Éirinn agus do na Cluichí Oilimpeacha - Céim Oinigh Dochtúir le Dlí.



## Robert Ballagh

5 Meán Fómhair 2013, gradam sna hEalaíona agus cion tairbhe do na hamharcealaíona in Éirinn - Céim Oinigh Dochtúir Litríochta.



## John Hegarty

6 Meán Fómhair 2013, gradam san eolaíocht, sa nuálaíocht agus i gceannaireacht ollscoile - Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta.



## Terry McCarthy

2 Nollaig 2013, gradam i gcion tairbhe don scoláireacht agus don chruthaíocht agus cion tairbhe do ghnóthaí domhanda trí na meáin chlóite, an teilifís agus daonchairdeas - Céim Oinigh Dochtúir Litríochta.



## Eilis McGovern

3 Nollaig 2013, gradam san eolaíocht i leigheas, i máinliacht agus i gceannaireacht ghairmiúil - Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta.

# Céimeanna Oinigh



## Cormac Kilty

3 Nollaig 2013, gradam i nuálaíocht bhithleighis, go háirithe i ndiagnóisic liachta - Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta.



## Barbara Murphy

3 Nollaig 2013, gradam san eolaíocht, i leigheas agus i gceannaireacht ghairmiúil - Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta.



## Yvonne Murphy

5 Nollaig 2013, gradam sa dlí - Céim Oinigh Dochtúir le Dlí.



## Ciarán Murray

6 Nollaig 2013, gradam i ngnó - Céim Oinigh Dochtúir le Dlí.



## Frank Ryan

6 Nollaig 2013, gradam i seirbhís phoiblí trí théarma 10 mbliana mar CEO Fiontraíocht Éireann i gcúinsí eacnamaíocha dúshlánacha - Céim Oinigh Dochtúir le Dlí.



## Noeline Blackwell

16 Meitheamh 2014, gradam i ndlí agus ceart an leasa phoiblí - Céim Oinigh Dochtúir le Dlí.



## Susan Denham

16 Meitheamh 2014, gradam i ndlí agus i gceartas - Céim Oinigh Dochtúir le Dlí.



## Conor Gearty

16 Meitheamh 2014, gradam i réimse na ndlíthe i leith Chearta an Duine - Céim Oinigh Dochtúir le Dlí.



## Emily O'Reilly

16 Meitheamh 2014, gradam ina ról mar Ombudsman agus mar Choimisinéir Eolais - Céim Oinigh Dochtúir le Dlí .

# Ceapacháin



## Ceapacháin Nua

Leagann an tábla thíos amach na ceapacháin acadúla sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2013 go dtí 31 Lúnasa 2014, do phoist an Ollaimh Chomhlaigh agus Ollaimh, agus áirítear ann idir nua-earcaigh UCD agus foireann UCD a fuair ardú céime.

## Ceapacháin Ollúna

| | |
|---|---|
| An tOllamh Fionnuala McAuliffe | **Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD** |
| An tOllamh Michael O'Neill | **Scoil Ghnó UCD** |
| An tOllamh Thomas Walsh | **Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD** |
| An tOllamh Martin Steinhoff | **Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD** |
| An tOllamh Ronan Cahill | **Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD** |

## Ardú Céime Ollúna

| | |
|---|---|
| An tOllamh Maria Baghramian | **Scoil na Fealsúnachta UCD** |
| An tOllamh Christopher Bean | **Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta UCD** |
| An tOllamh David Brayden | **Scoil an Leighis Tréidliachta UCD** |
| An tOllamh Mark Crowe | **Scoil an Leighis Tréidliachta UCD** |
| An tOllamh Alexander Evans | **Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD** |
| An tOllamh William Gallagher | **Scoil na hInnealtóireachta Meicní agus Ábhair UCD** |
| An tOllamh Brian Glennon | **Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD** |
| An tOllamh Declan Gilheany | **Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD** |
| An tOllamh John O'Doherty | **Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta** |

## Ardú Céime na nOllúna Comhlacha

| | |
|---|---|
| An tOllamh Gavin Barrett | **An Scoil Dlí UCD** |
| An tOllamh John Brannigan | **Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD** |
| An tOllamh Michael Brophy | **Scoil na dTeangacha agus na Litríochta UCD** |
| An tOllamh Dympna Devine | **Scoil an Oideachais UCD** |
| An tOllamh Seamas Donnelly | **Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD** |
| An tOllamh Fiona Doohan | **Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD** |
| An tOllamh Denis Dowling | **Scoil na hInnealtóireachta Meicní agus Ábhair UCD** |
| An tOllamh Niamh Hardiman | **Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD** |
| An tOllamh James Lyng | **Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD** |
| An tOllamh John McCafferty | **Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD** |
| An tOllamh Ronan McNulty | **Scoil na Fisice UCD** |
| An tOllamh Bettina Migge | **Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD** |
| An tOllamh Carmel Mooney | **Scoil an Leighis Tréidliachta UCD** |
| An tOllamh Evelyn Murphy | **Scoil an Leighis Tréidliachta UCD** |
| An tOllamh Paula Murphy | **Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD** |
| An tOllamh Kevin O'Connor | **Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bhithleighis UCD** |
| An tOllamh James O'Shea | **Scoil na Fealsúnachta UCD** |
| An tOllamh Aidan O'Sullivan | **Scoil na Seandálaíochta UCD** |
| An tOllamh Mark Scott | **Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD** |


9621 www.akgraphics.ie



An Coláiste Ollscoile,
Baile Átha Cliath

Belfield, Baile Átha Cliath 4, Éire

www.ucd.ie